Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

CÚNAMH OIFIGIÚIL FORBARTHA RIALTAS NA HÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

irishaid.ie

CÚNAMH OIFIGIÚIL FORBARTHA
RIALTAS NA HÉIREANN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

Clúdach: Juba. Comórtas a chomheagraigh ICRC agus ag Cumann Cispheile Cathaoir Rothaí na Súdáine Theas. An chéad fhoireann cispheile cathaoir rothaí ban sa chathair. Na Réaltaí (dearg) in aghaidh na Síochána (bán). Grianghraf: ICRC

Tá traenáil a chur in oiriúint mar chuid de chlár scileanna do mháithreacha óga i dtionscadal 'Fambul Welbodi' ('Sláinte an Teaghlaigh) de chuid Save the Children, a mhaoinítear mar chuid d'obair na hÉireann chun mná agus cailíní a chumhachtú. Grianghraf: Noel Molony/RGET

04 **Réamhrá**

08 **Athbhreithniú ar an mBliain**

14 **Obair na hÉireann ar son Comhionannas Inscne**

21 Cás-Staidéar Inscne 1: Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus an Foréigean Inscne sa Cholóim

22 **Freagairt na hÉireann ar Ghéarchéimeanna Daonnúla ar fud an Domhain**

28 **Éire Dhomhanda – Fócas ar Thíortha Comhpháirtíochta**

28 **An Mhaláiv i lár an Aonaigh**

30 **An Afraic Theas agus an tSiombáib i Lár an Aonaigh**

32 **An Aetóip i lár an Aonaigh**

34 **An Tansáin i lár an Aonaigh**

37 Cás-Staidéar Inscne 2: Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan sa tSaimbia

38 **An Libéir i lár an Aonaigh**

40 **An Phalaistín i lár an Aonaigh**

42 **Clár na hÁise Thoir Theas i lár an Aonaigh**

44 **An Cholóim i lár an Aonaigh**

45 Cás-Staidéar Inscne 3: Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan san Aetóip

46 **Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn**

54 **Ár gComhpháirtíochtaí**

54 **Ag obair leis an Aontas Eorpach**

57 **Ag obair leis na Náisiúin Aontaithe**

61 **Oibriú le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta**

65 Cás-Staidéar Inscne 4: Oideachas do Chailíní sa tSúdáin Theas

66 **Éire i gComhpháirtíocht le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha**

70 Cás-Staidéar Inscne 5: Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe in Uganda

71 **Cuntasacht agus Trédhearcacht**

73 **Iarscríbhinní**

Réamhrá

An tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, T.D.

Léiriú atá i gclár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann ar ár luachanna mar mhuintir na hÉireann. Creidimid i gcothroime agus dlúthpháirtíocht agus tuigimid go bhfuil daonnacht idirspleách. Is féidir le himeachtaí, beartais agus cinntí i gcuid amháin den domhan tionchar a imirt ar shaolta ar fud an domhain.

Tá an dearcadh seo i gcroílár Domhan Níos Fearr, ár straitéis nua don Fhorbairt Idirnáisiúnta, a raibh áthas orm a sheoladh i mbliana. Sheolamar freisin ár Straitéis nua don Afraic agus Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha. Le chéile, cabhróidh na trí dhoiciméad sin chun cruth a chur ar ár mbeartas eachtrach agus forbartha sna blianta romhainn.

In Éirinn, tuigimid go maith, trínár dtaithí náisiúnta fein, an chumhacht a bhaineann le comhionannas inscne chun sochaithe a athrú ó bhonn agus cumas daoine aonair a thabhairt chun fíre. Cé go bhfuil go leor oibre le déanamh fós, tá taithí phearsanta againn ar an athrú sóisialta agus eacnamaíoch ó bhonn a thagann ón dul chun cinn i mbaint amach ceart agus deiseanna comhionanna do mhná agus cailíní.

Tuigimid go bhfuil comhionannas inscne ina cheart bunúsach daonna agus ina spreagthóir ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe. Má dhúntar an bhearna inscne i rannpháirtíocht san fhórsa oibre, feabhsaíonn fás eacnamaíoch go suntasach. Má bhíonn níos mó ban sa pharlaimint, laghdaítear an baol coinbhleachta agus sáruithe ar chearta an duine. Má bhíonn páirt bhríoch ag mná i bpróisis síochána, tá seans níos fearr go gcuirfear comhaontuithe i bhfeidhm agus go mairfidh siad. Má chinntítear rochtain chothrom ar acmhainní talmhaíochta do mhná, d'fhéadfaí ocras domhanda a laghdú do suas le 150 milliún duine. Má dhéantar infheistíocht in oideachas do chailíní, bíonn sochaithe níos sláintiúla agus léannta agus níos ullamh le dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Is é bun agus barr an scéil go mbeidh domhan níos fearr ann má chuirtear comhionannas inscne chun cinn.

Ach fós, táimid inár gcónaí i ndomhan inarb iad na mná agus na cailíní is mó atá thíos le héifeachtaí na bochtaineachta, an athraithe aeráide agus na coinbhleachta. Níl sé inghlactha go ndéantar foréigean i gcoinne ban agus cailíní go rialta sa lá atá inniu ann, go bhfuil níos lú cearta dlí acu agus níos lú rochtana ar acmhainní agus ar sheirbhísí, go bhfuil bac orthu ó dheiseanna geilleagair, nach ndéantar dóthain ionadaíocht pholaitiúil orthu agus go bhfuil siad imeallaithe agus go bhfágtar ualach mór an chúraim agus na hoibre tí gan íoc orthu.

Tá a fhios againn má tá dul chun cinn le déanamh againn i dtreo domhan níos fearr a bhaint amach, go dteastaíonn gníomh tapa i dtreo ceann níos cothroime a bhaint amach.

Táimid inár gcónaí in am ina bhfuil an coimeádachas ag fás agus daoine ag brú níos mó i gcoinne chearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn ar fud an domhain. Ag am ina bhfuiltear ag ceistiú fiú na cearta is bunúsaí atá ag mná agus cailíní, táimid tiomanta do sheasamh leis an rud a gcreidimid ann. Tá mé bródúil go bhfuil Éire ag glacadh ról ceannasach ag lorg comhionannas inscne ar bhonn domhanda. Bhí ról lárnach againn, mar aon leis an gCéinia, mar Chathaoirleach ar idirbheartaíochtaí idir-rialtais ag ar aontaíodh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). D'oibríomar go crua chun teacht ar chomhaontú maidir leis an ngá le sprioc aonair ar chomhionannas inscne (SFI 5) mar aon le fócas ar chomhionannas inscne sna SFInna ar fad.

In 2019, chríochnaigh Éire téarma dhá bhliain mar Chathaoirleach ar Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, an príomhchomhlacht idir-rialtasach domhanda atá tiomanta go heisiach chun comhionannas inscne agus cumhachtú ban agus cailíní a chur chun cinn. Mar Chathaoirleach, threoraigh Éire cearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, ag taifeadadh réadúlacht a saolta ar fud an domhain, agus ag cur cruth ar chaighdeáin dhomhanda ar chomhionannas inscne agus cumhachtú gach mná agus cailín.

Tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanaimid beart de réir ár mbriathar. Tá mé bródúil go háirithe go mbíonn Éire seasta i measc na dtíortha OECD is airde i dtéarmaí méid ár gcaiteachais ar chúnamh oifigiúil forbartha (COF) a dhírítear ar chomhionannas inscne. In 2019, díríodh níos mó ná trí cheathrú dár gcúnamh déthaobhach inleithdháilte ar chomhionannas inscne.

Mar aon lena chinntiú go ndírítear ar chomhionannas inscne inár gcuid oibre ar fad, tugtar breac-chuntas in *Domhan Níos Fearr* ar roinnt réimsí ina ndírímid ár dtacaíocht go sonrach ar chearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn trínár gcomhpháirtíochtaí tíre iltaobhacha, sochaí sibhialta agus déthaobhacha

Ag aithint ról ríthábhachtach an oideachais mar chosán chuig an gcomhionannas inscne, táimid ag tabhairt tús áite don oideachas do chailíní inár gcuid oibre ar an oideachas. Tá an t-athrú aeráide ar an riosca domhanda aonair is mó atá os comhair an chine dhaonna. Táimid tiomanta do chinntiú go dtacaítear le mná agus cailíní mar ghníomhairí athraithe sa ghníomhú idirnáisiúnta ar son na haeráide.

Táimid tiomanta do na hinfheistíochtaí suntasacha atá againn cheana féin a láidriú chun cáilíocht agus infhaighteacht na seirbhísí sláinte a fheabhsú, agus chun ár dtacaíocht a leathnú le tacú le rochtain ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe cuimsitheacha do mhná agus do chailíní. Aithnímid gur cheart go mbeadh mná in ann an líon leanaí a theastaíonn uathu a phleanáil.

Táimid ag méadú freisin ár gcuid oibre le cumhachtú eacnamaíoch na mban, le fócas ar leith ar mhná sa talmhaíocht, ceannaireacht na mban i gcúrsaí gnó, agus i dtaighde agus foghlaim lena chinntiú go mbíonn mná páirteach go lárnach mar ghníomhairí an athraithe inár gcuid oibre ar ghníomhú ar son na haeráide.

Táimid tiomanta do thacú le ceannaireacht na mban ag gach leibhéal, lena n-áirítear ionadaíocht pholaitiúil na mban agus infheistíocht in eagraíochtaí faoi cheannasaíocht ban. Tacaímid le cuir chuige ina ndéantar teagmháil le fir agus buachaillí chun dúshlán a thabhairt do na steiréitíopaí inscne bunúsacha, luachanna patrarcacha agus noirm shóisialta dhochrachaatá ina mbacainní le comhionannas inscne.

Tarraingítear aird sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar roinnt den chúnamh a thug Éire i rith 2019 chun an comhionannas inscne a chur chun cinn. In 2020, agus muid ag ceiliúradh 25 bliain de Chlár Oibre Gníomhaíochta agus Dearbhú Bhéising, táimid ag súil le cur leis na hiarrachtaí seo agus ár ngealltanas a chur i gcrích maidir le cearta na mban agus na gcailíní a chur i lár ár gcuid oibre i gcomhair domhan níos fearr.

Simon Coveney, T.D.
Aire Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

An tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Cúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra, Colm Brophy, T.D.

Tá an-áthas orm an deis seo a bheith agam machnamh a dhéanamh ar iarracht na hÉireann chun comhionannas inscne a chur chun cinn i níos mó ná 130 tír. Tá comhionannas do mhná agus do chailíní i gcroílár ár ngníomhaíochta forbartha idirnáisiúnta agus ár mbeartais rialála nua – *Domhan Níos Fearr.*

Tá níos mó ná 130 milliún cailín d'aois scoile nach bhfuil páirteach san oideachas ar fud an domhain. Tá a fhios againn ónár stair féin go bhfuil oideachas ríthábhachtach chun cumas na mban agus na gcailíní a dhíghlasáil agus chun an tsochaí a chur chun cinn. Ar an gcúis sin, in 2019, d'oibrigh Éire le comhpháirtithe ar nós na Comhpháirtíochta Domhanda don Oideachas, le tacú leis na cailíní is imeallaithe chun an bhunscoil a chríochnú agus le haistriú chuig an meánscoil agus níos faide chun cinn. Gheallamar freisin €6 mhilliún do Education Cannot Wait, ciste domhanda a óstálann UNICEF don oideachas i gcásanna éigeandála, a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain a chur ar fáil ar oideachas d'ardchaighdeán do 4.4 milliún cailín faoi 2021.

Tuigimid go nochtar mná agus cailíní go díréireach do thionchair an athraithe aeráide mar gheall ar neamhionannas. Tá Éire ag oibriú lena chinntiú go mbeidh athrú ó bhonn sa tslí a gcuirtear riachtanais agus róil na mban san áireamh i ngníomhú idirnáisiúnta ar son na haeráide, agus iarraimid ar thíortha eile an rud céanna a dhéanamh. Beidh sé sin ina thosaíocht ar leith domsa mar Aire a bhfuil freagracht air i leith Cúnamh Forbartha Thar Lear.

In 2019, áiríodh inár ngníomhartha sa réimse seo tacaíocht do chuir chuige a fhreagraíonn do chúrsaí inscne maidir le fuinneamh glan sa Mhaláiv trí dhíriú ar na teaghlaigh bhaineanna is leochailí le fuinneamh glan. San Aetóip, táthar ag cabhrú lenár n-iarrachtaí chun an earnáil sláinte a 'ghlasú' trí shoirn agus soilse gréine a bhronnadh ar mháithreacha céaduaire, a fheabhsaíonn sláinte agus folláine an lín tí. Inár gcaidrimh iltaobhacha, tá Éire ag tacú le cur chuige a fhreagraíonn do chúrsaí inscne i leith an athraithe aeráide lena n-áirítear trí mhaoiniú tiomanta do Phlean Gníomhaíochta Inscne Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC). Bunchloch mhaith is ea an obair seo don Aonad Aeráide tiomanta atá á bhunú agam i gCúnamh Éireann.

Tá Éire tar éis mná agus cailíní a chur i lár na hoibre a dhéanaimid chun an choinbhleacht a chosc agus a réiteach. Tuigimid ó iarrachtaí chun an tsíocháin a thógáil i dTuaisceart Éireann an tionchar a bhíonn ag am gcoinbhleacht ar mhná agus ar chailíní. In 2019, sheolamar tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Leagtar amach clár oibre uaillmhianach d'Éirinn mar thacadóir inár bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta leis an gclár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Tá a fhios againn freisin go ndéanfar comóradh in 2020 ar an gcéad Rún maidir le maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (UNSCR 1325) ach go bhfuil bearnaí móra fós ina fhorfheidhmiú. Táimid tiomanta do dhul i ngleic leis na bearnaí seo trí ghníomh le tacú le mná agus cailíní a mbíonn tionchar ag an gcoinbhleacht orthu sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Tá Éire tiomanta freisin don chomhionannas inscne inár gcúnamh daonnúil agus tá mé an-bhródúil as an ról a bhí ag ENRanna na hÉireann ag dul chomh fada le roinnt de na mná agus na cailíní is mó faoi mhíbhuntáiste i gcásanna coinbhleachta agus géarchéime. In 2019, thacaigh ár bPlean don Chlár Daonnúil le cláir inar tugadh tús áite don chosaint, príomhshruthú inscne, agus foréigean inscne a chosc agus freagairt dó. D'aontaíomar freisin comhpháirtíocht straitéiseach trí bliana leis an gCoiste Tarrthála Idirnáisiúnta (IRC) le dul i ngleic le Foréigean Inscne agus seirbhísí tarrthála saoil a sholáthar do mhná agus cailíní sna suíomhanna daonnúla is fadtréimhsí, is tearcmhaoinithe ar domhan.

Fógraíodh ag an gCeathrú Comhdháil maidir le Mná i mBéising na Síne 25 bliain ó shin, gur 'cearta daonna atá i gcearta na mban agus cearta ban atá i gcearta daonna'. Agus muid ag féachaint is dtreo 2020 agus níos faide chun tosaigh, beidh an ráiteas seo agus an mhian atá taobh thiar de – comhionannas iomlán do mhná agus cailíní – mar bhunchloch d'obair na hÉireann don fhorbairt idirnáisiúnta.



Colm Brophy, T.D.

An tAire Stáit a bhfuil freagracht air i leith Cúnamh Forbartha Thar Lear agus Diaspóra

Athbhreithniú ar an mBliain

Tús Nua

Bhí 2019 ina thús le ré nua do chlár comhoibrithe forbartha na hÉireann. I mí Feabhra, sheol an Taoiseach Leo Varadkar, an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, agus an tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Ciaran Cannon, *Domhan Níos Fearr*, beartas nua na hÉireann don fhorbairt idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa bheartas, creat straitéiseach tras-Rialtais do chomhar forbartha na hÉireann do na deich mbliana romhainn agus é mar aidhm againn ár dtiomantas chun 0.7% de OIN a leithdháileadh do Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) faoi 2030 a sheachadadh.

Is é an fhealsúnacht taobh thiar de *Domhan Níos Fearr* gur cheart go rachadh ár gcuid oibre chun sochair daoine inár dtíortha comhpháirtíochta, ach freisin an pobal domhanda níos leithne, agus tríd sin muintir na hÉireann. Is é an túsphointe an tuiscint atá againn go bhfuil an pobal domhanda idirnasctha agus gur féidir le himeachtaí i dtír nó i réigiún amháin tionchar suntasach a imirt orainn ar fad. Is é seo an bunús lenár dtiomantas don iltaobhachas, d'ord bunaithe ar rialacha agus comhar domhanda le dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn ar fad – más é sin an t-athrú aeráide, sláinte dhomhanda, nó saincheisteanna comhionannais inscne. Creidimid gur féidir le hÉirinn feidhmiú mar nasc idir institiúidí domhanda agus an tsochaí shibhialta agus mar chainéal i gcomhair smaointe, taithí agus gníomhaíochta. Is iad na ceithre cholún a bheidh ag ár gcuid oibre sna blianta romhainn Athrú Aeráide, Rialachas a Threisiú, Comhionannas Inscne agus an Riachtanas Daonnúil a Laghdú agus táimid feasach go bhfuil siad seo idirnasctha agus go bhfuil impleachtaí acu dá chéile. Beidh ár gcuid oibre ilsrathach, ag tosú i bpobail inár dtíortha comhpháirtíochta, agus na ceachtanna ón taithí sin a úsáid le bheith mar bhunús don bhealach a nglacaimid páirt i gcomhráite agus tionscnaimh ag leibhéal náisiúnta agus domhanda.

Leag an Rialtas béim ar a thiomantas don uaillmhian seo trí €838 milliún a leithdháileadh do COF in 2020, méadú beagnach €21 milliún ó 2019 agus an séú méadú bliantúil as a chéile ar COF.

Mar aon le *Domhan Níos Fearr*, in 2019 sheol Éire Straitéis nua don Afraic, *Éire Dhomhanda: Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025*, agus *Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha* – grúpa domhanda tábhachtach ach a ndéantar faillí orthu uaireanta atá sa cheann deiridh.

An tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, ag seoladh Straitéis na hÉireann don Afraic leis an Aire Stáit Ciaran Cannon; Ionadaí Buan na Saimbia ag na Náisiúin Aontaithe, a Shoilse Lazarous Kapambwe; Ionadaí Buan na Seineagáile ag na Náisiúin Aontaithe, a Shoilse Cheikh Niang; agus Toscaire Óige na hÉireann ag na Náisiúin Aontaithe, Valery Molay.
Grianghraf: RGET

Athdhearbhaíodh tiomantas na hÉireann i Straitéis na hAfraice do bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe san Afraic chun síocháin, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, agus le tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe trí naisc thrádála agus infheistíochta na hÉireann leis an Afraic a mhéadú. Sheol an Tánaiste agus an tAire Cannon an Straitéis, agus déanfaidh Éire na comhpháirtíochtaí polaitíochta le tíortha agus institiúidí na hAfraice, lena n-áirítear an tAontas Afracach, a neartú faoin Straitéis. Leathnóimid ár lorg ar an ilchríoch trí thrí Ambasáid nua a oscailt sa chuid den Afraic in labhraítear an Fhraincis faoi 2025. Oibreoidh Éire i gcomhar le tíortha na hAfraice chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus le tabhairt faoi dhúshláin náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda inár ndomhan idirnasctha. Faoi 2025, beidh an líon mac léinn iarchéime ón Afraic ar chlár Chomhaltaí na hAfraice dúbailte, agus forbróidh Éire deiseanna úra le haghaidh naisc chultúrtha níos láidre.

Tarraingíonn an Straitéis aird freisin a thábhachtaí atá ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach i dtaca leis an gcaidreamh le tíortha na hAfraice a neartú, agus léirítear tiomantas na hÉireann do chomhoibriú le comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh agus na hAfraice chun bonneagar polaitiúil níos uaillmhianaí agus níos éifeachtaí a fhorbairt chun taca a chur faoi chomhpháirtíocht neartaithe idir an tAontas Eorpach agus an Afraic. Cuirfidh Éire freisin le teagmhálacha le comhpháirtithe Afracacha trí chomhlachtaí iltaobhacha, amhail na Náisiúin Aontaithe.

Díríodh fócas lárnach na Straitéise le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha ar an gcaoi a bhféadfadh Éire cabhrú le guthanna na Stát sin a mhéadú ag leibhéal domhanda – go háirithe laistigh den Aontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe. Bhí sraith tiomantas ann d'obair leis na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha ina réimsí tosaíochta agus bhunaigh Éire freisin Ciste Iontaobhais €12 mhilliún ag Banc Forbartha na hÁise (ADB) le tacú leis na Stáit sin i réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun a n-athléimneacht tubaiste a fheabhsú. Comhaontaítear tionscadail a mhaoinítear i gcomhar idir ADB agus Stáit rannpháirteacha agus caithfear gné shuntasach inscne a bheith iontu.

I mí an Mheithimh 2019, thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn cuireadh d'ionadaithe an ghrúpa Stát Oileánach Beag i mBéal Forbartha chuig Áras an Uachtaráin. Tharla an cruinniú tar éis 'Cruinniú Mullaigh Saibhreas ár nAigéin', cruinniú idirnáisiúnta ina ndearnadh measúnú ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar stáit oileánacha bheaga.
Grianghraf: Áras an Uachtaráin/Maxwell Photography

2019 – Roinnt Buaicphointí

Rinneadh dul chun cinn in 2019 ar iarrachtaí forbartha agus daonnúla a chuaigh chun leas shaol na ndaoine is boichte agus is leochailí ar fud na hAfraice, na hÁise agus an Mheánoirthir. Bhí idir rannpháirtíocht dhíreach agus tacaíocht d'iarrachtaí náisiúnta chun SFInna a chur chun cinn agus freastal ar riachtanais mhéadaithe na ndaonraí a raibh tionchar ag géarchéimeanna agus tubaistí daonnúla orthu i gceist anseo. Atreisíodh na hiarrachtaí seo le rannpháirtíocht láidir pholaitiúil agus tacaíochta dírithe ar thionchar a imirt ar bheartais agus ar chláir náisiúnta agus dhomhanda. Bhí Éire réamhghníomhach i réitigh chnuasaitheacha agus chomhtháite a chur chun cinn don bhochtaineacht dhomhanda, ag oibriú i gcomhpháirt le rialtais náisiúnta, eagraíochtaí iltaobhacha agus sochaí sibhialt a agus an earnáil phríobháideach.

Bhí 11 Ambasáid na hÉireann san Afraic fho-Shahárach freagrach as leithdháileadh maoinithe a raibh géarghá leis do chláir san oideachas, sláinte, coimirce shóisialach, rialachas, talmhaíocht agus slite beatha agus cothú dar luach €127m. Le fócas láidir ar riachtanais na mban agus na gcailíní go háirithe, d'fhreagair na cláir do riachtanais grúpaí mionlaigh, daonraí dídeanaithe agus easáitithe, iad siúd a raibh tionchar ag coinbhleacht agus tubaiste orthu mar aon leo siúd a mhaireann faoi bhun thairseach na bochtaineachta. Tugadh le fios ó athbhreithnithe meántéarma in 2019 ar chláir na hÉireann san Afraic Theas agus sa Tansáin go raibh an dá chlár ar an mbóthar ceart chun a gcuspóirí pleanáilte a bhaint amach.

Fuair níos mó ná 390,000 duine a raibh tionchar ag éigeandálaí daonnúla orthu in 23 tír cúnamh chun iad a thabhairt slán ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) Éireannacha a maoiníodh le clár Cúnamh Éireann in 2019. Cuireadh €21.7 milliún ar fáil d'ocht ENR, lena n-áirítear trínár Scéim Maoinithe Freagartha Éigeandála a leithdháileann maoiniú do chomhpháirtithe laistigh de 48 uair an chloig, a chuir ar chumas comhpháirtithe freagairt go tapa d'éigeandálaí daonnúla.

Anuas air sin, chuir Éire 33 saineolaí daonnúil ar fáil ó Chór Mearfhreagartha Chúnamh Éireann le tacú le hoibríochtaí géarchéime na Náisiún Aontaithe i 16 thír éagsúla, eadhon, an Aetóip, an Albáin, an Bhanglaidéis, Camarún, an Chéinia, an Cholóim, Gána, Maenmar, an Mhaláiv, an Phalaistín, an tSaimbia, an tSiombáib, an tSúdáin, an tSúdáin Theas, an Tuirc agus Veiniséala. Chuir Éire cúig sheachadadh de sholáthairtí faoisimh éigeandála ar fáil ónár stoc-charn ar fud an domhain; chuireamar 261 tona méadrach soláthairtí ar fáil ar nós dídean éigeandála, soláthairtí cócaireachta agus sláintíochta do níos mó ná 30,000 teaghlach easáitithe mar gheall ar thubaistí nádúrtha, coinbhleacht agus foréigean sa Nigéir, i Mósaimbíc, san Aetóip agus i mBuircíne Fasó.

San Aetóip, cuireadh aistrithe bia agus airgid ríthábhachtacha ar fáil do 8 milliún duine trí Chlár Líontán Sábhála Táirgiúil an rialtais a dtacaíonn Éire leis. Áiríodh anseo tacaíocht do 35,000 bean atá ag iompar clainne nó ag beathú críche agus chuir sé cosc orthu sin agus ar go leor daoine an-leochaileach eile ó thitim i neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia dhian. Chabhraigh ranníocaíocht na hÉireann le Ciste Daonnúil na hAetóipe chun tacaíocht thráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil do 9.86 milliún duine a bhí ag fulaingt de bharr géarchéim dhaonnúil chasta ar fud na tíre, lena n-áirítear cosaint 400,000 díobh siúd is leochailí mar aon le 400,000 duine faoi mhíchumas.

Ba bhliain ghnóthach a bhí in 2019 do chuairteanna ardleibhéil idir Éire agus an Afraic, agus níos mó ná 150 cruinniú Rialtais agus ar leibhéal oifigeach sinsearach idir Éire agus tíortha na hAfraice. Agus é ar cuairt ar Mhailí agus an Aetóip, bhuail an Taoiseach Leo Varadkar le ceannairí polaitiúla, thug sé cuairt ar Óglaigh na hÉireann ag an Misean Oiliúna AE (EUTM) i Mailí, thug sé cuairt ar cheanncheathrú an Aontais Afracaigh in Ādis Ābeba, bhuail sé le roinnt ENRanna Éireannacha, agus thug sé cuairt ar champa dídeanaithe UNHCR.

I mí Feabhra, ghlac an tAire Katherine Zappone páirt i *gCruinniú Ceannaireachta na hAfraice – Infheistiú sa tSláinte* (African Leadership Meeting – Investing in Health) mar chuid den 32ú Tionól Mullaigh de chuid an Aontais Afracaigh. I mí an Mhárta, thug an tAire Zappone cuairt ar an Afraic Theas, Leosóta, Poblacht na Botsuáine agus Poblacht na Namaibe chun naisc pholaitiúla agus gheilleagracha a dhoimhniú, agus teagmháil a dhéanamh le pobal na hÉireann. I mí na Samhna, ghlac an tAire Zappone páirt i gCruinniú Mullaigh Nairobi ar ICPD25, arna thionól i gcomhar ag Rialtais na Céinia agus na Danmhairge. I mí na Samhna freisin, threoraigh an tAire Heather Humphreys misean trádála de 42 cuideachta Éireannach chuig an Afraic Theas agus an Chéinia.

I mí na Nollag, bhí deis ag an Aire Cannon le linn a chuairte ar Mhósaimbíc chun ár gcaidreamh láidir polaitiúil a fhorbairt agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus torthaí ceann de na cláir forbartha comhair déthaobhacha is mó de chuid na hÉireann. Tugadh faoin gcuairt tar éis don Aire Cannon agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Comhair Mhósaimbíc, José Pacheco, Meabhrán Tuisceana a shíniú ag Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair, a bhunaigh sásra foirmiúil do chomhairliúcháin dhéthaobhacha. In 2019, thug Éire creidiúnú freisin dá céad Ambasadóir chuig Ríocht Esuaitíní mar chuid dár dtiomantas chun ár lorg domhanda a leathnú.



An tAire Katherine Zappone ag an gComhdháil Idirnáisiúnta faoin Daonra agus Forbairt (ICPD), Cruinniú Mullaigh Nairobi 2023.
Grianghraf: Brian E. Inganga

D'óstáil Éire freisin sraith cuairteanna ardleibhéil ón Afraic, lena n-áirítear Uachtarán Phoblacht na Séiséal, a Shoilse Danny Faure; Aire Gnóthaí Eachtracha Siarra Leon, an Dr Alie Kabba; Aire Trádála, Tionscail agus Comhfhiontair Uganda, Amelia Kyambadde; agus Aire Cultúir agus Turasóireachta na hAetóipe, an Dr Hirut Kassaw. I mí na Samhna, d'óstáil Éire an chéad chruinniú den Chomhchoimisiún um Chomhar na hAfraice Theas-na hÉireann (JCC) i mBaile Átha Cliath. Bhí an tAire Cannon, agus Leas-Aire Caidreamh Idirnáisiúnta agus Comhoibrithe Phoblacht na hAfraice Theas, Alvin Botes, mar chomhchathaoirligh ar an gcruinniú. Bunaíodh JCC in 2017 chun ardán foirmiúil a thabhairt do chomhairliúcháin idir Éire agus an Afraic Theas agus chun comhar a chur chun cinn sa talmhaíocht, oideachas, comhionannas inscne, eolaíocht, teicneolaíocht, turasóireacht agus trádáil.

Áiríodh ar obair na hÉireann i réimse an Rialachais in 2019 seoladh thionscnamh na hÉireann um Shlógadh Acmhainní Intíre (DRM) ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe agus an tAire Cannon. Comhar uile-Rialtais is ea DRM idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Airgeadais agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun acmhainn riaracháin cánach tíortha comhpháirtíochta a láidriú. Tá sé mar aidhm leis tacú leo chun ioncam a ghiniúint go cothrom agus go héifeachtach, trí mhodhanna cothroime agus cuimsitheacha, fad is a chuirtear dea-rialachas chun cinn ag an am céanna. Aithníodh tacaíocht fhadtéarmach na hÉireann d'Fhóram Riaracháin Cánach na hAfraice (ATAF) ag Tionóil Ginearálta ATAF 2019, áit ar bronnadh an gradam 'An Comhpháirtí Forbartha is Luachmhaire' ar Éirinn.

Bhí an chomhpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta ina príomhghné de chlár forbartha thar lear na hÉireann i gcónaí. In 2019, thacaigh Éire le 44 eagraíocht sochaí sibhialta le níos mó ná €85 milliún i ndeontais don obair san oideachas, coimirce shóisialach, sláinte, talmhaíocht, rialachas agus cearta an duine i níos mó ná 70 tír i mbéal forbartha.

Bhí Éire freisin mar chathaoirleach deonach ar an Tascfhoireann ar Éifeachtúlacht Forbartha agus Timpeallacht Chumasaithe Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta. Thug an tAire Stáit Helen McEntee spreagaitheasc i rith Sheachtain na Sochaí Sibhialta de chuid Thascfhoireann OECD i bPáras i mí an Mheithimh agus thug an tAire Stáit Seán Canney spreagaitheasc i rith Fhóram Ardleibhéil Polaitíocht a (FALP) na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Iúil. I mí na Samhna 2019, d'óstáil Éire Seachtain na Sochaí Sibhialta i mBaile Átha Cliath, áit ar fháiltigh an tAire Cannon roimh an tsochaí sibhialta, tíortha comhpháirtíochta agus deontóirí ó níos mó ná 30 tír ar chúig ilchríoch i gcomhair sraith imeachtaí chun plé a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le tacú le héifeachtúlacht na sochaí sibhialta agus í a láidriú.

I rith 2019 freisin, d'oibrigh Cúnamh Éireann le comhpháirtithe ar fud na tíre chun saoránacht dhomhanda a chur chun cinn i measc beagnach 280,000 leanbh, duine óg agus duine fásta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus Institiúidí Ardoideachais agus le grúpaí óige, daoine fásta agus pobail. Chuireamar fáilte freisin roimh 7,500 duine chuig Ionad Chúnamh Éireann chun tuilleadh a fhoghlaim faoi obair chlár COF na hÉireann.

Tionscnaimh Dhomhanda agus Iltaobhacha

Bhí Éire gníomhach i réimse tionscnaimh forbartha ag leibhéal domhanda in 2019, lena n-áirítear i réimse an oideachais inar ghlac Éire páirt in Education Cannot Wait (ECW), ciste domhanda tiomanta do thacú le hoideachas do leanaí agus ógánaigh i gcásanna éigeandála agus géarchéimeanna fadtréimhseacha, le fócas ar leith ar rannpháirtíocht cailíní. Thug Éire €4 mhilliún don Chiste in 2019 agus gheallamar €7.5 milliún don Chomhpháirtíocht Dhomhanda don Oideachas, a oibríonn chun comhionannas a bhaint amach idir cailíní agus buachaillí i dtéarmaí rochtain ar dheiseanna oideachais. Ranníocaíocht shuntasach is ea an obair seo do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 – comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a bhaint amach. Leathnaigh Éire freisin a clár Comhaltachta Ollscoile – Comhaltaí Éireann – d'iarrthóirí ó Chríoch Áitithe na Palaistíne in 2019, agus 25 mac léinn Palaistíneach ag teacht go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh i gcomhair cáilíocht iarchéime.

I réimse na sláinte domhanda, bhí Éire ar cheann de na chéad deontóirí chun tacaíocht a thabhairt do shéú hathsholáthar an Chiste Dhomhanda i gcoinne SEIF, na hEitinne agus Maláire (GFATM). Cuirfidh Éire €50 milliún ar fáil sa tréimhse 2020–2022 don Chiste Domhanda – méadú os cionn 50 faoin gcéad. Cabhróidh sé sin chun saolta a shábháil, scaipeadh galar agus fulaingt a chosc, agus córais sláinte roinnt de na tíortha is boichte agus is leochailí ar domhan a láidriú.

Gheall Éire beagnach €102 milliún don Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (IDA) – ceann de na foinsí maoinithe is mó do na tíortha is boichte ar domhan, a chuireann iasachtaí agus deontais ar lascaine agus fadtéarmacha ar fáil. Athdhearbhaíonn an maoiniú seo, ar méadú níos mó ná 10 faoin gcéad é ar ár ranníocaíochtaí roimhe seo, tiomantas na hÉireann do thacú leis na tíortha is boichte agus is leochailí ar domhan.

Téann ceathrú de COF na hÉireann trí institiúidí an Aontais Eorpaigh, ag cur le cláir cosúil le Tionscnamh Spotsolais, clár de chuid na Náisiún Aontaithe chun foréigean in aghaidh ban agus cailíní a dhíbirt, a fuair €500 milliún i dtacaíocht ón Aontas Eorpach. In 2019, chuaigh maoiniú an Aontais chun tairbhe 39,000 bean agus cailín ar a laghad trí chláir chothú na síochána i ndiaidh coinbhleachta agus coiscthe coinbhleachta, agus rinneadh teagmháil le níos mó ná cúig mhilliún bean d'aois atáirgthe, cailín óg agus leanbh faoi bhun cúig bliana d'aois trí chláir cothaithe le tacaíocht an Aontais. Ghlac Éire páirt ghníomhach freisin in idirbheartaíochtaí a bhaineann leis an gcéad bhuiséad Aontais eile, an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) 2021-27, ag tacú le hiarrachtaí breisithe an Aontais chun SFInna a bhaint amach, mar aon le hidirbheartaíochtaí ar chomhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus 79 Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin le daonra 1.5 billiún ar an iomlán. Rinne an tAire Cannon ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag an gcruinniú aireach i mBealtaine 2019 idir tíortha an Aontais Eorpaigh agus tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin.

Ar an iomlán, bliain ghnóthach a bhí in 2019 d'Éirinn i dtaobh forbairt thar lear. Táimid ag súil le forbairt a dhéanamh ar an mbunchloch in *Domhan Níos Fearr* agus *Éire Dhomhanda* in 2020 agus níos faide anonn, chun éifeachtúlacht ár láithreachta domhanda, ár ngníomhaíochta forbartha agus ár gcomhpháirtithe a bhreisiú chun dúshláin an domhain atá níos idirnasctha ná riamh a shárú.

Obair na hÉireann ar son Comhionannas Inscne

"Tá an comhionannas inscne ríthábhachtach don chlaochlú agus iad siúd is faide ar gcúl a shroicheadh ar dtús"

Domhan Níos Fearr, Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta

Sroicheann cúnamh forbartha agus daonnúil na hÉireann níos mó ná 130 tír ar fud an domhain. Tá an comhionannas inscne i gcroílár a ndéanaimid.

In 2019, díríodh níos mó ná 75 faoin gcéad de chúnamh déthaobhach inleithdháilte na hÉireann ar chomhionannas inscne.

Tá ár dtiomantas do thacú le mná agus cailíní lárnach do Domhan Níos Fearr, ár mbeartas forbartha idirnáisiúnta. Is ceist chearta an duine atá sa chomhionannas inscne go bunúsach. Gearrann sé trasna ar gach réimse den saol agus den tsochaí agus táimid tiomanta do chinntiú go mbíonn sé le feiceáil i ngach gné dár gcuid oibre sna blianta romhainn. Go háirithe, chinneamar díriú ar roinnt réimsí a mbíonn tionchar acu go díreach ar mhná agus ar chailíní inár dtíortha comhpháirtíochta. Áirítear orthu sin oideachas do chailíní, sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, foréigean inscne, cumhachtú eacnamaíoch na mban agus caidreamh na mban leis an gcoinbhleacht armtha. Is é aidhm ár ngníomhaíochta cothrom na féinne a bhaint amach idir fir agus mná, chun guth níos láidre a thabhairt do mhná ina bpobail, i gcinnteoireacht pholaitiúil agus i bhforbairt síochána idirnáisiúnta.

Ach ní bhaineann an streachailt don chomhionannas le mná amháin – má tá comhionannas le baint amach caithfidh fir agus buachaillí a bheith rannpháirteach agus an tsochaí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a coincheap den fhearúlacht agus an caidreamh idir na hinscní.

Rannpháirtí ag Panlap – Clár Oideachas do Chailíní déagóra Gates/UNFPA, Baile Makeni, Siarra Leon.
Grianghraf: RGET

Salome Mbugua ag labhairt ag an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ag Teach Uíbh Eachach. Grianghraf: RGET.

Éire, Inscne agus Athrú Aeráide

Caitear formhór mór chaiteachas na hÉireann a bhaineann leis an aeráid ar oiriúnú aeráide, agus cuirtear isteach sna hearnálacha is mó atá ábhartha do mhná é, ar nós talmhaíocht i sealúchais bheaga, riachtanais fuinnimh teaghlaigh, agus coimirce shóisialach. In 2019, sholáthair Éire €80 milliún ar a laghad in airgeadas aeráide, méid a sháraigh a ranníocaíochtaí ó bhlianta roimhe sin.

Tacaíonn Éire le cur chuige a fhreagraíonn do chúrsaí inscne i leith na haeráide ag leibhéal iltaobhach agus infheistíonn sí i mbeartas agus i gcláir ar inscne agus ar aeráid ina comhpháirtíochtaí le comhlachtaí taighde. In 2019, thacaigh Éire le forfheidhmiú Phlean Gníomhaíochta Inscne Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide (UNFCCC), a oibríonn lena chinntiú gur féidir le mná tionchar a imirt ar chinntí athraithe aeráide agus go ndéantar ionadaíocht chothrom ar fhir agus ar mhná i ngach gné de UNFCCC.

Sa Mhaláiv, tacaíonn Éire le cuir chuige a fhreagraíonn do chúrsaí inscne maidir le fuinneamh glan trí dhíriú ar na teaghlaigh baineanna is leochailí le fuinneamh glan. Tacaíonn Éire freisin le réimse gníomhaíochta i dtíortha comhpháirtíochta, ar nós na hAetóipe, inar cabhraíodh le hiarrachtaí chun an earnáil sláinte a 'ghlasú' le soirn chócaireachta agus bronnadh soilse gréine ar mháithreacha nua; sa Tansáin, áit ar thacaigh Éire le mná chun cearta a fháil ar thalamh chomhchoiteann agus seasamh i dtoghcháin do phoist ar chomhairlí baile ina ndéantar cinntí maidir le bainistíocht talún.

Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus an Foréigean Inscne sa Cholóim

Aithníonn Éire an tionchair ar leith a bhíonn ag an gcoinbhleacht ar mhná agus ar chailíní agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na mban i gceannaireacht agus i gcinnteoireacht i suíomhanna coinbhleachta agus i ndiaidh coinbhleachta. In 2019, sheolamar ár dtríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, clár oibre uaillmhianach cúig bliana chun ár gcuid oibre i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht a láidriú. Rinneadh trácht i dTuarascáil Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ar chur chuige na hÉireann d'fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in 2019.

Príomhthosaíocht d'Éirinn sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus in *Domhan Níos Fearr* is ea dul i ngleic le foréigean inscne. In 2019, sheolamar comhpháirtíocht straitéiseach trí bliana dar luach €4.5 milliún leis an gCoiste Tarrthála Idirnáisiúnta (IRC) le dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne in éigeandálaí agus tacú le cumhachtú na mban agus na gcailíní i ngéarchéimeanna daonnúla. Cuirfidh IRC seirbhísí tarrthála saoil ar fáil do mhná agus cailíní ar marthanóirí foréigean ar bhonn inscne iad i gcúig cinn de na socruithe daonnúla is fadtréimhsí, is tearcmhaoinithe ar domhan. Anuas air sin, cuireann tacaíocht na hÉireann maoiniú freagartha éigeandála ar fáil a chuirfidh ar chumas IRC seirbhísí foréigean ar bhonn inscne a chur i bhfeidhm go tapa le linn na chéad chéime in éigeandáil. Díreofar sa chomhpháirtíocht straitéiseach seo freisin ar cheannaireacht a láidriú chun cosc agus freagairt d'fhoréigean ar bhonn inscne sa chóras daonnúil a fheabhsú.

Sracfhéachaint

Sroicheann cúnamh forbartha agus daonnúil na hÉireann níos mó ná

130

tír ar fud an domhain

In 2019, díríodh níos mó ná

75%

de chúnamh déthaobhach na hÉireann ar chomhionannas inscne

MSS & foréigean inscne

In 2019, sheol an Rialtas tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le

Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

Chuir ár bPlean um Chlár Daonnúil

€14.9 milliún

ar fáil mar mhaoiniú chun tacú le ENRanna na hÉireann chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla le thart ar **10%** den chlárag tabhairt tús áite don chosaint, don phríomhshruthú inscne, agus don fhoréigean inscne a chosc in 2019

Foréigean inscne in Éigeandálaí:

Trí chomhpháirtíocht **trí bliana nua** leis an gCoiste Tarrthála Idirnáisiúnta, thiomnaigh Éire

€4.5 milliún

a sholáthar chun seirbhísí tarrthála a sheachadadh d'íospartaigh ban agus cailíní den fhoréigean inscne i gcúig cinn de na suíomhanna daonnúla is fadtréimhsí, is tearcmhaoinithe ar domhan

Cumhachtú ar Bhonn Eacnamaíoch na mBan

San Aetóip, chabhraigh Clár Forbartha Agraibhia don Afraic (AADP) na hÉireann le

feirmeoirí caife ban

chun praghsanna níos fearr a fháil ar a dtáirgí



Sa Chéinia, thacaigh Éire leis an Kenyan Private Sector Association, scátheagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar thuairim agus **500,000** FBManna sa Chéinia, chun tacú le

clár meantóireachta agus oiliúna do Mhná sa Ghnó

Sa Mhaláiv, san áireamh le tacaíocht na hÉireann do thalmhaíocht aeráidchliste tá béim ar chumhachtú geilleagrach na mban ar bhain breis agus

40,000

feirmeoir ban leas as

Oideachas do Chailíní

In 2019, lean Éire ar aghaidh ag tacú leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas (GPE) le maoiniú **€7.5 milliún.** Oibríonn GPE le beagnach

70 tír i mbéal forbartha

chun na leanaí is imeallaithe agus is leochailí a shroicheadh, lena n-áirítear cailíní, leanaí faoi mhíchumas agus daoine i suíomhanna éigeandála.

Ní fhreastalaíonn breis agus 120 milliún cailín ar scoil, agus mar sin, tá fócas GPE ar rochtain cailíní ar oideachas ardchaighdeáin a chinntiú riachtanach fós.

Cuirfidh Éire

€250 milliún



ar a laghad **ar fáil don oideachas domhanda** faoi 2024

SRHR

Sa Tansáin, le maoiniú na hÉireann, tacaíodh le hoibrithe deonacha sláinte pobail chun freastal ar **15,226** thorrach, **60,131** leanaí óga agus **98,467** cúramóir ógánach, agus laghdaíodh saoluithe linbh ardriosca gan aon duine á bhfaire sa bhaile sa réigiún faoi **86%**.

Gníomhú ar son na hAeráide

In 2019, sholáthair Éire €80 milliún ar a laghad in airgeadas aeráide, méid a sháraigh an tiomantas a rinneadh i gClár an Rialtais chun **€175 milliún** san airgeadas aeráide a sholáthar sa tréimhse 2016-2020.

Oideachas in Éigeandálaí

In 2019, gheall Éire **€6 mhilliún** thar trí bliana do Education Cannot Wait – ciste a dhéanann UNICEF a óstáil, atá tiomnaithe don oideachas le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna fadtréimhseacha. Le maoiniú na hÉireann, tacaítear le hiarrachtaí chun rochtain ar an oideachas a sholáthar do 8.9 milliún leanbh a mhaireann i ngéarchéim faoi 2021, lena n-áirítear breis agus

4.4 milliún cailín

Rannpháirtíocht Iltaobhach

Chríochnaigh Ionadaí Buan na hÉireann ar na Náisiúin Aontaithe téarma **dhá bhliain** marChathaoirleach ar an gCoimisiún um Stádas na mBan (CSW) in 2019

In 2019, sholáthair Éire

€3.25 milliún

de chroímhaoiniú agus de mhaoiniú déthaobhach do Mhná na Náisiún Aontaithe mar chomhpháirtí tábhachtach i ndáil leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur ar aghaidh ar fud an domhain

In 2019, thacaigh Éire le Cruinniú Mullaigh Nairobi, agus d'fhreastail sí air, ag comóradh 25 bliain den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) agus **d'éiligh siad go mbeadh sláinte gnéis agus atáirgthe na mban chun tosaigh** sna hiarrachtaí forbartha náisiúnta agus domhanda

In 2019, sheol an Rialtas tuarascáil **náisiúnta** maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta agus Dearbhú Bhéising

Thug Peter McDonald as Blues Creamery cuairt ar Chomharchumainn Déiríochta agus saoráidí táirgthe in Uganda chun deiseanna oibre do mhná sna saoráidí déanta cáise a phlé. Grianghraf: Peter McDonald

3 DEA-SHLÁINTE AGUS DEA-FHOLLÁINE

Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan (WEE)

Cuid thábhachtach d'obair na hÉireann chun comhionannas inscne a chur chun cinn is ea rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban i ngnó a spreagadh – go háirithe inár dtíortha comhpháirtíochta san Afraic. Oibríonn ár n-ambasáidí i dtíortha comhpháirtíochta le heagraíochtaí sa tsochaí shibhialta agus tacaímid le cláir agus le taighde a dhéanann gníomhaireachtaí an Bhainc Dhomhanda, an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

Tá Clár Forbartha Agraibhia na hAfraice (AADP) ar cheann dár bpríomhchláir, arna chómhaoiniú ag Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann. Cuireann AADP cumhachtú eacnamaíoch na mban chun cinn fad is a fhorbraítear comhpháirtíochtaí idir earnáil agraibhia na hÉireann agus tíortha na hAfraice. Is é an aidhm atá leis tionscal an bhia a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta, margaí a mhéadú do tháirgí áitiúla agus tacú le trádáil fhrithpháirteach idir Éire agus an Afraic. In 2019, thacaigh an clár le tionscadal san Aetóip chun oiliúint a chur ar fheirmeoirí caife agus deiseanna nua fostaíochta a thabhairt do mhná. In Uganda, thacaigh sé le staidéar indéantachta i gcomhair taighde ar an earnáil déiríochta in Uganda agus i Ruanda, dírithe ar fheirmeoirí déiríochta mná agus ar dheiseanna fostaíochta do mhná i gceantair thuaithe. Tá sé de rún ag Éirinn forbairt ar an taithí sin chun AADP a bhreisiú in 2020 agus ina dhiaidh sin, lena n-áirítear obair le líonra agraibhia na mban agus ceannairí baineanna in earnáil an agraibhia.

Oideachas do Chailíní

Ceart is ea oideachas d'ardchaighdeán do gach leanbh, agus tá oideachas do chailíní, go háirithe, ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe. Tá Éire tiomanta do mhaoiniú €250 milliún ar a laghad a sholáthar don oideachas domhanda faoi 2024 agus táimid tiomanta do chabhrú le níos mó cailíní an bhunscoil a chríochnú agus aistriú chuig an iar-bhunscoil agus níos faide. Ní fhreastalaíonn breis agus 130 milliún cailín ar scoil, agus mar sin, tá an fócas seo ar rochtain cailíní ar oideachas d'ardchaighdeán ríthábhachtach.

Tá mó seans go gcaillfidh cailíní i dtíortha ina bhfuil géarchéim amach ar an oideachas; tá seans dhá uair go leith níos mó go mbeidh siad amuigh as oideachas ná buachaillí. I réigiún na Saiheile san Afraic, ní chríochnaíonn cailíní ach ceithre bliana oideachais ar an meán. In 2019, bhí réimse idirghabhálacha i gcomhpháirtíochtaí daonnúla na hÉireann chun oideachas do chailíní in éigeandálaí a fheabhsú.

I 2019, chuir Éire maoiniú ar fáil do chailíní ó theaghlaigh bhochta, imeallaithe, agus leochaileacha chun freastal ar an scoil a fheabhsú, chomh maith le timpeallachtaí sábháilte scoile a chruthú agus le foréigean inscne a laghdú. Chuireamar €7.5 milliún ar fáil don Chomhpháirtíocht Dhomhanda don Oideachas chun córais oideachais a láidriú agus deiseanna foghlama a fheabhsú i 70 tír i mbéal forbartha ag díriú ar na leanaí is imeallaithe agus is leochailí, lena n-áirítear cailíní, leanaí faoi mhíchumas agus daoine i suíomhanna éigeandála. I gcomhpháirt le UNESCO, thacaíomar le cláir oideachas gnéasachta chuimsitheacha a sheachadadh trí churaclaim oideachais san Aetóip, in Uganda, sa tSaimbia agus sa tSiombáib. Tá sé mar aidhm leis an gcomhpháirtíocht freisin foréigean inscne a laghdú agus timpeallachtaí scoile níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos ionchuimsithí a chruthú.

Dídeanaithe ón tSiria iad Mariam, 6 bliana d'aois, agus a deirfiúr Malak, 9 mbliana d'aois, a chónaíonn i Ionnaíocht pubaill neamhfhoirmiúil sa Iordáin. 'Táimid ag dul ar bhus scoile agus táimid ag dul ag staidéar,' a deir Malak. 'Is maith liom an scoil. Caithfidh mé fanacht ar scoil le gur féidir liom bheith i mo mhúinteoir nuair atá mé mór.' Grianghraf: UNICEF/Herwig

In 2019, i rith Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, gheall Éire €6 mhilliún in imeacht trí bliana do Education Cannot Wait – ciste domhanda a dhéanann UNICEF a óstáil, atá tiomanta don oideachas le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna fadtréimhseacha. Le maoiniú na hÉireann, tacaítear rochtain ar an oideachas a sholáthar do 8.9 milliún leanbh a mhaireann i ngéarchéim faoi 2021, lena n-áirítear breis agus 4.4 milliún cailín. Áirítear lenár gcomhpháirtíochtaí atá tiomanta don chomhionannas oideachais:

- In Iarthar na hAfraice, oibríonn Plan International Ireland le pobail, le scoileanna, agus le rialtais chun an caighdeán oideachais a fheabhsú trí ionchuimsiú a mhéadú, go háirithe ionchuimsiú cailíní agus leanaí faoi mhíchumas, san oideachas luathbhlianta agus sa bhunscolaíocht.
- Sa tSaimbia agus sa Mhaláiv, cabhraíonn comhpháirtí na hÉireann, Camfed, le cailíní leochaileacha atá i mbaol an scoil a fhágáil chun an mheánscoil a chur i gcrích.
- In Uganda, díríonn Éire a cuid oibre oideachais ar thacú le rochtain cailíní ar oideachas d'ardchaighdeán i réigiún Karamoja, ag cabhrú le rialtas, scoileanna agus pobail áitiúla bacainní leanúnacha do chailíní ag dul chun cinn tríd an oideachas foirmiúil a shárú.
- I Siarra Leon, tá Éire ag tacú le hiarrachtaí rialtais chun toircheas ógánach agus toircheas gan choinne a laghdú, mar aon le leanúnachas oideachas cailíní a chur chun cinn i rith an toirchis nó dul ar ais sa scoil tar éis an toirchis.

Cás-staidéar Inscne 1

Labhair Rory O'Neill faoin gcaoi a bhféadfadh póilíní na Colóime a gcaidreamh a fheabhsú le pobal LADTI na Colóime, mar go mbíonn siad ina n-íospartaigh den fhoréigean agus dúnmharú go minic. Grianghraf: Rory O'Neill

Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus an Foréigean Inscne sa Cholóim

D'oscail Éire a hAmbasáid sa Cholóim i mí Eanáir 2019 ach bhí sí ag tacú go gníomhach le hiarrachtaí chothú na síochána sa tír ó chéimeanna deiridh idirbheartaíochta an Chomhaontaithe Síochána le FARC in 2016. Rinneadh é sin trí mheascán de bheartas agus de chúnamh praiticiúil, lenar áiríodh tacaíocht airgeadais do Chiste Iontaobhais II-Pháirtí na Náisiún Aontaithe um Shíocháin (UNMPTF) agus do Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Cholóim.

Le tacaíocht na hÉireann do UNMPTF, díríodh ar mhná sa phóilíneacht, ar oiliúint a chur ar phóilíní áitiúla maidir leis an gcaoi chun freagairt don fhoréigean gnéis agus inscne agus ar mhodhanna nuálacha a cheapadh chun iontaoibh a fháil agus chun tógáil air le pobail scoite in áiteanna iargúlta atá buailte ag an gcoinbhleacht. Déanann an tionscadal ar a dtugtar UNIPEP oiliúint a chur ar oiliúnóirí sa réimse sin freisin chun a chumhacht a fheabhsú agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú.

Tá torthaí an tionscadail suntasach i gcomhthéacs iarrachtaí na Colóime chun a pobal a thabhairt le chéile tar éis blianta de choinbhleacht. Tá leas bainte ag beagnach 500,000 duine i seacht mbardasacht as an gclár, agus mar thoradh air sin bhí laghdú sa líon cásanna a tuairiscíodh, athrú tábhachtach i meon an fhórsa póilíneachta agus éileamh níos mó ar an oiliúint maidir leis an gcaoi chun déileáil go tuisceanach le cásanna d'ionsaí agus mí-úsáid ghnéasach. Tá feabhas tagtha ar an gcaidreamh idir na póilíní agus na pobail áitiúla, agus ar an eolas maidir le cearta inscne. Tá rochtain faighte ag na póilíní freisin ar roinnt pobail dhúchasacha in Cauca, áit nach raibh fáilte rompu le breis agus 20 bliain agus ar phobail leochaileacha amhail an pobal LADTI agus tá níos mó muiníne ag íospartaigh coinbhleachta as na póilíní ná mar a bhí roimhe seo.

Freagairt na hÉireann ar Ghéarchéimeanna Daonnúla ar fud an domhain

Cónaíonn Rebeca i lonnaíocht neamhfhoirmiúil do dhaoine easáitithe go hinmheánach ar imeall na cathrach. Tá a fear céile ar iarraidh le ceithre bliana agus oibríonn sí mar oibrí laethúil ar fheirmeacha cóngaracha chun a seisear leanaí a bheathú. Le cur lena hioncam, bailíonn Rebeca gránaigh ríse a bhíonn fágtha sna páirceanna tar éis na bainte. Grianghraf: Alyona Synenko/ICRC

Theastaigh cúnamh daonnúil ó 132 milliún duine ar fud an domhain in 2019, an méid is mó riamh. Tá riachtanas daonnúil a laghdú lárnach i mbeartas eachtracha agus forbartha na hÉireann le blianta fada agus tá sé ar cheann de na ceithre cholún in Domhan Níos Fearr.

Nuair a tharlaíonn géarchéim, is minic gurb iad na heagraíochtaí pobail agus neamhrialtasacha is túisce a chuireann cúnamh ar fáil do dhaoine óna dteastaíonn sé. Comhpháirtí ríthábhachtach is ea earnáil ENRanna na hÉireann le freagairt d'éigeandálaí ar fud an domhain agus in 2019 thugamar €21.7 milliún d'ocht ENR a bhí ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla. Cruthaíodh ár Scéim Maoinithe Freagartha Éigeandála le freagairt go tapa do chásanna éigeandála agus cuireann sé maoiniú ar fáil dár gcomhpháirtithe daonnúla laistigh de 48 uair an chloig ó iarratas a fháil. In 2019, fuair níos mó ná 390,000 duine in 23 tír cúnamh ó ENRanna faoin scéim seo chun iad a thabhairt slán.

Oibríonn Éire freisin Tionscnamh Mearfhreagartha – uainchlár de shaineolaithe daonnúla lena seoladh amach agus stoic de sholáthairtí faoisimh éigeandála atá lonnaithe in iostaí ar fud an domhain. In 2019, chuireamar 33 saineolaí daonnúil ar fáil ónár gCór Mearfhreagartha chuig oibríochtaí géarchéime na Náisiún Aontaithe i 16 thír éagsúla, lena n-áirítear an Aetóip, an Albáin, an Bhanglaidéis, Camarún, an Chéinia, an Cholóim, Gána, Maenmar, an Mhaláiv, an Phalaistín, an tSaimbia, an tSiombáib, an tSúdáin, an tSúdáin Theas, an Tuirc agus Veiniséala. Chuireamar freisin cúig sheachadadh, arbh ionann iad agus 261 tonaméadrach, ar fáil do níos mó ná 30,000 teaghlach easáitithe mar gheall ar thubaistí nádúrtha, coinbhleacht agus foréigean sa Nigéir, i Mósaimbíc, san Aetóip agus i mBuircíne Fasó. Áiríodh orthu sin dídean éigeandála, soláthairtí cócaireachta agus sláintíochta, pluideanna agus pacáistí chun uisce a íonú.

Bean i gcampa do dhaoine easáitithe.
Grianghraf: S.N/ICRC

Mar aon le freagairt d'éigeandálaí, oibríonn Éire ag leibhéal domhanda freisin chun freagairt an phobail idirnáisiúnta d'éigeandálaí daonnúla a fheabhsú. Is í Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (UNOCHA) príomheagraíocht comhordaithe dhaonnúil an domhain agus don chéad sé mhí de 2019 bhí Éire ina cathaoirleach ar Ghrúpa Tacaíocht Deontóra OCHA. Ba é an aidhm a bhí againn le linn na tréimhse sin oibriú le OCHA agus le deontóirí eile chun éifeachtúlacht na freagartha daonnúla domhanda a fheabhsú, freagairt níos tapúla agus ar bhealach níos comhordaithe do ghéarchéimeanna. D'óstáil Éire cruinniú bliantúil Ghrúpa Tacaíochta Deontóra OCHA i mí an Mheithimh 2019 ag Caisleán Mhullach Íde, ag cur fáilte roimh fhoireann shinsearach OCHA, lena n-áirítear an t-oifigeach daonnúil is sinsearaí de chuid na Náisiún Aontaithe, Comhordaitheoir Faoisimh Éigeandála, Mark Lowcock, agus roimh thimpeall 80 ionadaí ón 27 tír deontóra is mó.

In 2019, bhí Éire mar chathaoirleach freisin ar an nGrúpa Comhairleach le Lárchiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe. Úsáidtear an ciste $800 milliún seo atá ag na Náisiúin Aontaithe le freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, agus cuireann an Grúpa Comhairleach treoir ar fáil thar ceann ranníocóirí. Spreag Éire CERF le bheith níos gasta agus níos freagrúla, chun maoiniú a leithdháileadh go tapa nuair a tharlaíonn géarchéim.

Bhí Éire mar chomh-Chathaoirleach freisin ar Ghrúpa Tacaíochta Deontóra Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) in 2019. Tá ionadaithe deontóra agus bainistíocht shinsearach ICRC sa ghrúpa, chun straitéis agus oibríochtaí na heagraíochta agus dúshláin níos leithne san earnáil dhaonnúil a phlé. D'úsáid Éire ceannaireacht an ghrúpa sin lena chinntiú go ndéanfaí machnamh ar na príomh-shaincheisteanna roimh oibrithe daonnúla, lena n-áirítear freagairt do ghéarchéimeanna fadtréimhseacha, agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige íogair ó thaobh inscne don ghníomh daonnúil.

Labhair an t-oifigeach daonnúil is sinsearaí de chuid na Náisiún Aontaithe, Comhordaitheoir Faoisimh Éigeandála, Mark Lowcock, le Grúpa Tacaíochta Deontóra OCHA i mí an Mheithimh 2019 ag Caisleán Mhullach Íde.
Grianghraf: OCHA

Cathair scriosta Homs. Lean Éire ag tacú le comhpháirtithe sa tSiria chun cúnamh ríthábhachtach a sheachadadh dóibh siúd a bhfuil a saol scriosta ag blianta de choinbhleacht. Grianghraf: IOM

An Meánoirthear

Bhí Éimin fós ar an ngéarchéim dhaonnúil is measa ar domhain in 2019, agus níos mó ná 23 milliún duine ar theastaigh cúnamh daonnúil uathu. D'fhreastail an tAire Stáit, Ciaran Cannon T.D. ar chomhdháil gealltanais Éimin sa Ghinéiv i mí Feabhra, ag gealladh €5 mhilliún i dtacaíocht Éireannach do Chiste Daonnúil Éimin.

Bhí coinbhleacht na Siria ar siúl ar feadh naoi mbliana in 2019, agus níos mó ná 11 mhilliún duine ónar theastaigh cúnamh daonnúil uathu sa tSiria féin, agus níos mó na 5 mhilliún dídeanaí i dtíortha in aice láimhe. Thacaigh Éire le hoibríochtaí de chuid ár gcomhpháirtithe sa tSiria, agus le dídeanaithe agus pobail sa réigiún, lena n-áirítear an Iordáin, an Liobáin, an Tuirc agus Iaráic. Leithdháil Éire níos mó ná €25 milliún don tSiria in 2019, chun ár ranníocaíocht iomlán a thabhairt chuig níos mó ná €142 milliún – an fhreagairt is mo riamh ag Éirinn do ghéarchéim aonair.

An Afraic

D'fhulaing roinnt tíortha san Afraic ó éigeandálaí daonnúla fadtréimhseacha in 2019, go minic mar gheall ar choinbhleacht agus tionchar an athraithe aeráide. Thug Éire tacaíocht d'fhaoiseamh daonnúil sa tSomáil (€5.8 milliún), i bPoblacht na hAfraice Láir (€4.7 milliún), sa tSúdáin Theas (€8.3 milliún), i Sead (€1.3 milliún), sa tSúdáin (€3.6 milliún), i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (€4.9 milliún), san Aetóip (€5.2 milliún), sa Nigéir (€1.1 milliún), sa Nígir (€1.6 milliún), i Mailí (€1 mhilliún), i bPoblacht na Burúine (€0.4 milliún), i gCamarún (€0.6 milliún), san Eiritré (€1 mhilliún) agus sa tSiombáib (€0.6 milliún).

Bhí dhá chioclón thubaisteacha i nDeisceart na hAfraice in 2019 freisin, Idai agus Kenneth. Ba í an Mhósaimbíc is measa a bualadh, agus d'fhreagair Éire le maoiniú agus soláthairtí éigeandála arbh fhiú níos mó ná €4.5 milliún iad. I bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, fuair níos mó ná 2,000 duine bás sa dara ráig Ebola is mó sa stair – b'ionann freagairt na hÉireann agus beagnach €5 mhilliún.

Nana Malam Tsalha, Assaga, Diffa, an Nígir.
Grianghraf: Hamed Ali/RGET

CÁS-STAIDÉAR

Nana Malan Tshala, an Nígir

Tacaíonn Éire le Plan International chun clár oideachais géaraithe a chur i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil tionchar ag an gcoinbhleacht i réigiún Diffa na Nígire orthu. Tá a mian á baint amach ag Nana Malam Tshala go mbeadh oideachas uirthi, go mbeadh sí ina comhalta den cheannaireacht scoile agus ag tacú le cearta leanaí.

'NANA MALAM TSALHA is ainm dom, tá mé 12 bhliain d'aois agus is dalta mé in ionad Assaga. Tá mé i mo bhall de rialtas na scoile agus glacaim páirt i ngníomhaíochtaí eile ag an ionad.

Tá athrú dearfach i mo shaol anois. Roimhe seo, dhíol mé taoschnónna agus thaistil mé na mílte chun na taoschnónna a dhíol mar nach raibh mé ar scoil.

A bhuíochas do na ranganna oideachais géaraithe, is féidir liom léamh agus scríobh anois. Tugadh an dara deis dom. D'fhoghlaim mé go leo freisin faoi chosaint leanaí agus faoi chearta leanaí. Is é sin an fáth gur mhaith liom bheith i m'oifigeach um chosaint leanaí [i rialtas na scoile]. Tá sé seo an-tábhachtach dom. Ceadóidh sé dom bheith sa timthriall fhoirmiúil agus leanúint ar aghaidh le gur féidir liom tacú le cosaint leanaí i mo phobal.

Ag tús an tionscadail, ní raibh sé éasca. Ar ámharaí an tsaoil, le cúrsaí teanga, bhíomar in ann foghlaim go tapa trí Fhraincis. Anois is féidir liom léamh agus scríobh. I ndáiríre, bhí rannpháirtíocht an phobail ina thoisc ríthábhachtach freisin.

Gabhaim buíochas le mo phobal, mo mhúinteoirí agus go háirithe Plan a d'eagraigh an tionscnamh iontach seo dúinn'.

Toufic ag an Habilitation Preschool of the Ghassan Kanafani Cultural Foundation (GKCF).
Grianghraf: Lebanon Humanitarian Fund

CÁS-STAIDÉAR

Dídeanaithe

Tá coinbhleacht agus athrú aeráide freagrach as easáitiú líon daoine atá ag méadú i gcónaí. In 2019, easáitíodh níos mó ná 70 milliún duine, an figiúr ba mhó riamh ar áiríodh ina measc níos mó ná 25 milliún duine a cláraíodh go hoifigiúil mar dhídeanaithe. Thug Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, Filippo Grandi, cuairt ar Éirinn i mí Iúil 2019, áit ar phléigh sé na dúshláin atá roimh dhaonraí dídeanaithe leis an Uachtarán, an Taoiseach, an Tánaiste, an tAire Dlí agus Cirt agus an tAire Stáit don Fhorbairt.

I mí na Nollag, d'óstáil an tArd-Choimisinéir an chéad Fhóram Domhanda Dídeanaithe sa Ghinéiv, a thug tíortha le chéile as gach cearn den domhan chun gealltanais a dhéanamh le tacú le dídeanaithe agus na tíortha a óstálann iad. Rinne an tAire Stáit Inimirce David Stanton T.D. ionadaíocht thar ceann na hÉireann, ag gealladh tacaíochta do UNHCR agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, lena n-áirítear gealltanas €250 milliún i gcúnamh forbartha tiomanta don oideachas sna cúig bliana amach romhainn agus don chothú síochána – lena n-áirítear €4.5 milliún do chiste um chothú síochána na Náisiún Aontaithe don tréimhse 2020–2022.

Scéal Toufic

Dídeanaí sé bliana d'aois ón bPalaistín a chónaíonn i mBéiriút is ea Toufic. Tá sé ar dhuine de na leanaí atá cláraithe sa Habilitation Preschool of the Ghassan Kanafani Cultural Foundation (GKCF), eagraíocht gnáthdhaoine sa Liobáin a oibríonn go speisialta i seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas.

Do leanaí cosúil le Toific, dídeanaí Palaistíneach a chónaíonn faoi mhíchumas, níl aon chinnteacht ag baint lena chóireáil agus oideachas. Tá seirbhísí speisialtóra á gcur ar fáil ag GKCF sa Liobáin le roinnt mhaith blianta agus, bunaíodh a réamhscoil chomh fada siar le 1986. Gach bliain, soláthraíonn an fhondúireacht seirbhísí do thimpeall 90 leanbh agus tacaíocht dá dteaghlaigh.

Nuair a cláraíodh Toufic leis an réamhscoil, ní raibh suim aige i leanaí eile, sheachain sé teagmháil shóisialta agus ní raibh sé éasca aige é féin a chur in iúl. Bhí sé deacair aige gluaiseachtaí fisiciúla simplí a dhéanamh, fiú a chuid fiacla a scuabadh. Dhiagnóisigh GKCF go raibh uathachas air agus cuireadh oideachas agus teiripe speisialta air a bhí in oiriúint dá riachtanais speisialta. Anuas air seo, cuireadh oiliúint ar thuismitheoirí Toufic in oideachas agus teicnící speisialta. Bhí dul chun cinn tábhachtach le feiceáil ag an bhfoireann sa réamhscoil tar éis bliana – bhí sé in ann aird a dhíriú níos fearr, cumarsáid níos fearr a dhéanamh agus bhí sé tosaithe ag spraoi le leanaí eile. A bhuíochas don dul chun cinn sin, bhíothas in ann Toufic a chomhtháthú le grúpa leanaí faoi míchumais eile mar chéim i dtreo dul isteach in oideachas foirmiúil. Chuaigh sé ar aghaidh tríd an dara bliain, ag déanamh tuilleadh feabhais ar a scileanna sóisialta, fisiciúla, mothúchánacha agus oideachais. Anois, ina thríú bliain ag an réamhscoil tá sé á ullmhú lena chlárú i ngnáthnaíonra agus don todhchaí in oideachas foirmiúil.

Thacaigh an Lebanon Humanitarian Fund (LHF) le GKCF in 2019. Ba í Éire an tríú deontóir is mó de naoi ndeontóir le LHF, ag tabhairt €2 mhilliún ar an iomlán. Oibríonn LHF le ENRanna, ar nós GKCF, chun tacaíocht áitiúil neartaithe a thabhairt do dhaonraí leochaileacha.

Freagraíonn Éire do Chioclóin Idai agus Kenneth i Mósaimbíc

I mí an Mhárta 2019, bhuail Cioclón Idai an talamh in aice le cathair Beira i Mósaimbíc. Rinne an cioclón damáiste fairsing do níos mó ná 90% den bhonneagar, lena n-áirítear 3,000 seomra ranga, agus scriosadh os cionn 715,000 heicteár de bharra. Easáitíodh 400,000 duine óna n-áit chónaithe agus deimhníodh gur maraíodh os cionn 600 duine – ceann de na stoirmeacha is mairfí a bhuail an leathsféar theas riamh. Níos lú ná sé seachtaine ina dhiaidh sin, bhuail Cioclón Kenneth cúige thuaidh Cabo Delgado i Mósaimbíc, agus bhí tionchar aige ar níos mó na 250,000 duine. Ar an iomlán, bhí cúnamh daonnúil ag teastáil go géar ó níos mó ná 2 mhilliún duine mar gheall ar Chioclóin Idai agus Kenneth.

Mar fhreagairt láithreach, chuir Éire os cionn €3 mhilliún ar fáil do chomhpháirtithe ENR agus NA, le cabhrú lena n-iarrachtaí chun riachtanais dhídine, chúram sláinte, oideachais agus bhia a shásamh. I mí na Nollag 2019, i rith a chuairte ar Mósaimbíc, d'fhógair an tAire Ciaran Cannon €1 mhilliún breise d'iarrachtaí téarnaimh cioclóin Mhósaimbíc, chun tacaíochtaí dídine, cúram sláinte agus slí bheatha a chur ar fáil do phobail a bhí ag streachailt go fóill.

I rith a chuairte cúig lá, reáchtáil an tAire cruinnithe polaitiúla agus le pobal na hÉireann sa phríomhchathair Maputo, agus thaistil sé chuig an gcúige lárnach Inhambane chun cuairt a thabhairt ar roinnt tionscadal sláinte, oideachais, agus uisce agus sláintíochta, a mhaoiníonn Éire, mar aon le heolas a fháil maidir le tionchar chúnamh na hÉireann do phobail a bhí ag téarnamh ó thionchair na gcioclón.

Plan International, Éire ag dáileadh soláthairtí tar éis Chioclón Idai.
Grianghraf: PLAN International, Éire

Dáileadh dearbháin WFP le maoiniú na hÉireann in Beira, Mósaimbíc.
Grianghraf: WFP

Ambasadóir na hÉireann Nuala O'Brien ar cuairt ar champa sealadach in Beira.
Grianghraf: RGET/IOM

Ambasadóir na hÉireann Nuala O'Brien ar cuairt ar phobail i Mósaimbíc a bhí scriosta ag Cioclón Idai.
Grianghraf: RGET/Concern

Éire Dhomhanda – Fócas ar Thíortha Comhpháirtíochta

An Mhaláiv i lár an Aonaigh

DAONRA:
18.6 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$1159

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
172

IONCHAS SAOIL:
63.8 bliain

Lezita Massa, feirmeoir prátaí i ndúiche Dedza sa Mhaláiv.
Grianghraf: Hugh Rutherford/CIP

PRÍOMHTHORTHAÍ

Tar éis dianimeachtaí aimsire, lena n-áirítear tionchair ó Chioclón Idai a d'easáitigh 97,500 duine i ndeisceart na Maláice, fuair 5,500 teaghlach tacaíocht chun riachtanach láithreacha a shásamh agus le cabhrú le luath-théarnamh, lena n-áirítear aistriú airgid ilchuspóireach, uisce sábháilte, síol do bhairr gheimhridh agus soirn a shábhálann fuinneamh agus lampaí gréine.

Dáileadh 22,153 sorn a shábhálann fuinneamh agus 5,993 lampa gréine ar thairbhithe aistrithe airgid shóisialta agus pobail a raibh tionchar ag tuile orthu mar chuid de fhreagairt dhaonnúil 'Glas'.

Bhain 240,510 feirmeoir tairbhe as tacaíocht na hÉireann in 2019. Ba mhná 44% díobh siúd.

Bhain 98,215 feirmeoir, ar mná 57% díobh, tairbhe as teicneolaíochtaí feabhsaithe ar nós síol prátaí atá athléimneach don aeráid agus cothaitheach, fíniúnacha prátaí milse oráiste (OFSP), pónaire deimhnithe, piseanna colúir, ríse agus síol cnó talún, oiliúint chothaitheach, agus rochtain níos fearr ar mhargaí. Mar chuid dár dtiomantas chun táirgeadh agus úsáid a éagsúlú, agus le dul i ngleic le gníomhairí san earnáil phríobháideach san iarracht, trádáladh 430,086 MT de shíol léagúim trí mhargaí foirmiúla in 2019.

Chumasaigh tacaíocht na hÉireann do UNDP os cionn 6.8 milliún duine le clárú le vótáil i dtoghcháin mhí na Bealtaine 2019 le cárta Aitheantais Náisiúnta. Ba mhná 56% díobh siúd a chláraigh. Mar gheall ar thacaíocht na hÉireann le rialachas a láidriú, bhí rath mór ar rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht, le méadú 38% ar Theachtaí Parlaiminte mná idir 2014 agus 2019.

Charnaigh 5,664 ball de ghrúpa coigiltis baile (1,221 fear agus 4,443 bean) €200,000 i gcoigiltis, a úsáidfear chun fiontair bheaga a fhorbairt do bhaill.

Faoi dheireadh na bliana, fuair 292,575 teaghlach fíorbhocht ar fud na tíre íocaíochtaí aistrithe airgid shóisialta gach mí. Rinneadh na híocaíochtaí sin ar bhonn tráthúil agus mar a bhí tuartha. Bhain 23,000 teaghlach leas díreach as cúnamh na hÉireann i nDúichí Balaka agus Ntcheu chun aistrithe airgid a fháil trí íocaíochtaí leictreonacha. Tá tionchar dearfach á imirt aige seo ar fholláine teaghlaigh, fanacht agus clárú ar scoil, úsáid agus carnadh sócmhainne.

An Mhaláiv i lár an Aonaigh

Ivy Grandson, ina hochtóidí, tairbhí SCTP a úsáideann a haistriú airgid míosúil chun táillí scoile a garmhic a íoc agus chun leasú a cheannach dá feirm bheag. Grianghraf: Anne Holmes/RGET

Ó thosaigh ár gcéad chláir forbartha sa Mhaláiv in 2002, tá tacaíocht tugtha ag Éirinn do réimse leathan comhpháirtithe a oibríonn le pobail atá i mbaol tubaistí a bhaineann le haeráid agus suaití eile.

Cuidíonn clár COF na hÉireann le feirmeoirí chun bairr atá athléimneach don aeráid a fhás agus cleachtais feirmeoireachta chliste i dtaobh na haeráide a úsáid; teaghlaigh a spreagadh chun a bhfoinse ioncaim a éagsúlú agus gan a bheith chomh spleách ar an bhfeirmeoireacht; agus tacú le pobail chun pleananna tubaiste a bheith i bhfeidhm acu ionas go mbeidh siad in ann gníomhú go tapa chun damáiste a íoslaghdú nuair a tharlaíonn géarchéimeanna.

Mar aon le riosca a laghdú agus athléimneacht a fhorbairt, tugann maoiniú na hÉireann tacaíocht freisin tar éis géarchéime. Mar fhreagairt do na tuilte i mí an Mhárta 2019, leithdháil Éire €750,000 go tapa i gcomhair faoisimh agus gníomhaíochtaí luath-théarnaimh. D'úsáid ENRanna, lena n-áirítear Trócaire, GOAL, Christian Aid agus grúpaí eile, an t-airgead seo chun dídean a sholáthar; uisce agus sláintíochta; agus aistrithe airgid ilchuspóra do na pobail is mó a raibh tionchar orthu. Díríodh go háirithe sa tacaíocht seo ar riachtanais chothaithe ban agus leanaí. Ag aithint gur féidir daoine, mná agus leanaí go háirithe, a nochtadh d'eachtraí foréigin agus mí-úsáide, mar gheall ar chásanna géarchéime agus easáitithe, d'oibrigh na heagraíochtaí a fuair tacaíocht le pobail easáitithe chun seirbhísí cosanta a sholáthar.

CÁS-STAIDÉAR

Mná i lár iarrachtaí téarnaimh cioclóin

Tá Ennifer Malambo ina cathaoirleach ar choiste cosanta sibhialta a sráidbhaile. Tá ardmheas ag gach duine sa champa sealadach in Kathebwe, i nDúiche Zomba, deisceart na Maláive uirthi. Is é Kathebwe an baile gearrthéarma atá ag na céadta teaghlach a raibh orthu a mbaile a fhágáil i mí an Mhárta roimh Chioclón Idai. Tá 436 teaghlach lonnaithe anseo fad is atá siad ag fanacht ar uiscí tuile le cúlú ionas gur féidir le filleadh ar a mbaile agus an próiseas fada, costasach téarnaimh a thosú.

Nuair a thagann oifigigh rialtais, oibrithe cúraim sláinte, agus eagraíochtaí cúnaimh chuig an gcampa, is í Ennifer an chéad duine le faisnéis bheacht agus mhionsonraithe a thabhairt dóibh.

Tugann Esme Mvula agus Deborah Almson cuntas ar a n-eispéireas an oíche ar tháinig an t-uisce. Tháinig an t-uisce isteach an-tapa agus ba ghearr go raibh sé suas go coim. *'Tharla sé chomh tapa,'* a deir Esme Tá seisear clainne ar Esme agus bhí sí ag streachailt chun an teaghlach ar fad a thabhairt slán. Dúirt Esme *'Bhí sé uafásach do na leanaí. Bhí siad ag caoineadh agus bhí an-eagla orthu.' Ba bheag nár bádh mac Esme atá deich mbliana d'aois i rith an éalaithe. 'Anois tá an iomarca faitís ar na leanaí filleadh ar an teach. Ceapann siad go bhfuil an t-uisce fós ann.'*

Thosaigh teach Deborah ag titim nuair a tháinig an t-uisce isteach mar sin d'éalaigh sí lena fear céile agus a mac cúig bliana d'aois. *'Níorbh fhéidir é a sheasamh. Bhí eagla ár n-anam orainn. Níor tharla sé seo (tuilte) ag an leibhéal seo riamh cheana'*

Ba é gníomh tapa Ennifer mar chathaoirleach ar an gcoiste cosanta sibhialta a shábháil saol go leor daoine sa phobal.

Thug na tuilte uafás chuig go leor ceantar den tír, ach léiríonn an scéal seo faoi choiste cosanta sibhialta gníomhach agus tiomanta le bean láidir mar cheannaire an luach a bhaineann le pobail a bheith in ann tubaistí a thuar, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh.

An Afraic Theas agus an tSiombáib i Lár an Aonaigh

AN AFRAIC THEAS

DAONRA:
58.5 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$11,756

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
113

IONCHAS SAOIL:
63.9 bliain

AN TSIOMBÁIB

DAONRA:
14.4 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$3,020

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
156

IONCHAS SAOIL:
60.81 bliain

PRÍOMHTHORTHAÍ SAN AFRAIC THEAS

D'éirigh le 74 mac léinn a gcláir Mháistreachta a chríochnú in Éirinn trí Chlár Comhaltaí Éireann Kader Asmal na hAmbasáide.

Cuireadh oiliúint ar 160 feidhmeannach paraidhlíthiúil as na naoi gcúige ar fad chun comhairle dlí a chur ar fáil agus cásanna coiriúla agus dlí foréigin ar bhonn inscne a rianú.

PRÍOMHTHORTHAÍ SA TSIOMBÁIB

Ghlac 17,729 fear agus buachaill in institiúidí treasacha páirt i gcomhphlé ar fhoréigean ar bhonn inscne agus ar phósadh leanaí

Fuair 3,450 marthanóir foréigin inscne tacaíocht chuimsitheach ag tearmainn ar thacaigh Éire leo

Léirítear i suirbhé a eisíodh in 2019 laghdú 29% ar mhortlaíocht máthar sa tSiombáib

Feidhmeannaigh pharaidhlíthiúla ag dul faoi oiliúint chun cabhrú le dul i ngleic le hidirdhealú inscne agus foréigean inscne.
Grianghraf: Social Change Assistance Trust

An Afraic Theas agus an tSiombáib i Lár an Aonaigh

Éadach Neamh-neomatach Frith-thurrainge i ndúiche Hurungwe, an tSiombáib. Grianghraf: CHAI

I rith 2019, lean foireann Ambasáid na hÉireann in Pretoria le comhionannas inscne a chur i lár a gcuid oibre i réigiún ina spreagann noirm inscne, foréigean, agus bochtaineacht neamhionannas follasach idir mná agus fir, cailíní agus buachaillí.

Tá dhá shruth le hobair um chomhionannas inscne na hÉireann. Ag leibhéal náisiúnta, cuirtear tacaíocht ar fáil don tsochaí shibhialta agus d'eagraíochtaí taighde, agus do na Náisiúin Aontaithe, chun tionchar a imirt ar bheartas agus ar phróisis náisiúnta a théann i ngleic le comhionannas inscne. Ag leibhéal pobail, tacaíonn idirghabhálacha díreach le mná agus leanaí a bhfuil tionchar ag foréigean orthu agus oibríonn siad le fir agus buachaillí chun eachtraí foréigin a laghdú.

San Afraic Theas, áit a bhfuil Rialtas an Uachtaráin Cyril Ramaphosa ag tabhairt ceannaireacht pholaitiúil láidir, tacaíonn Éire le plean náisiúnta a fhorbairt le dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne. Treoraíonn coimrí beartais ó Ollscoil Pretoria agus san Institute of Security Studies déantóirí beartais chun na bearta is éifeachtaí a roghnú le dul i ngleic le foréigean. Bhí coimre beartais amháin a mhaoinigh Éire, 'What It Will Take To End Violence', chomh héifeachtach sin gur úsáid Global Partnership to End Violence na Náisiún Aontaithe é mar chuid den phacáiste coimrithe do gach comhdháil idirnáisiúnta in 2019.

Sa tSiombáib, d'oibrigh an Ambasáid le UNFPA chun tacaíocht a thabhairt d'athbhreithniú ar dhlíthe agus ar bheartais chun pósadh leanaí a chosc, agus chun déantóirí coire foréigin lena bpáirtithe collaí a thabhairt chun cuntais.

San Afraic Theas, ag leibhéal pobail, thug trí chomhpháirtí shibhialta na hAmbasáide faoi réimse tionscadal inar áiríodh labhairt le fir agus buachaillí chun athrú iompair a spreagadh agus oiliúint a chur ar fheidhmeannaigh pharaidhlíthiúla chun comhairle a chur ar mharthanóirí foréigin ar bhonn inscne.

Sa tSiombáib, lean eagraíochtaí sochaí sibhialta, le tacaíocht ón Ambasáid, ag rith tearmann do mhná a bhí ag teitheadh ón bhforéigean teaghlaigh agus chuir siad oiliúint ar fáil do scoláirí agus múinteoirí meánleibhéil le dul i ngleic le luath-thoircheas agus luathphósadh.

CÁS-STAIDÉAR

Clár píolótach de bhealaí nua le dul i ngleic le bás máthar faoin tuath sa tSiombáib.

I ndúiche Hurungwe de Chúige Iarthair Mashonaland sa tSiombáib, tá Éire ag obair le Tionscnamh Rochtana Sláinte Clinton chun na hardrátaí bás máthar mar gheall ar chur fola iarbhreithe a laghdú. Le tacaíocht na hÉireann, dáileadh éadaí neoipréine le faomhadh WHO ar ionaid sláinte iargúlta agus cuireadh oiliúint ar fáil maidir lena n-úsáid. Má chuirtear iad ar mháithreacha a thosaíonn ag cur fola iarbhreithe, is féidir leis na héadaí an fhuil a stopadh agus bás a chosc, rud a cheadóidh an t-am a theastaíonn chun an mháthair a chobhsú go dtí go sroicheann sí an t-ospidéal is cóngaraí.

Déanann Éire infheistíocht níos leithne i sláinte máthar agus leanaí sa tSiombáib trí chur le clár mór a chuireann UNICEF agus an Aireacht Sláinte i bhfeidhm. Cuireann an tionscadal píolótach luach le hinfheistíocht níos mó na hÉireann. Is féidir an méid a fhoghlaimítear ó nuálaíocht ar chostas íseal mar seo a ionsú sa chlár níos mó agus ansin iad a mhéadú. Mar thoradh ar thacaíocht na hÉireann don chlár píolótach seo in 2019, tá úsáid an éadaigh 'neamh-neomataigh frith-thurrainge' á mhéadú chuig leibhéal cúige.

An Aetóip i lár an Aonaigh

DAONRA:
112 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$1782

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
173

IONCHAS SAOIL:
66.2 bliain

Príomhphictiúr:
Tugann an Taoiseach Leo Varadkar cuairt ar Ādis Ābeba agus buaileann sé leis an bPríomh-Aire Abiy. Grianghraf. RGET

An Pictiúr ar an gcéad leathanach eile:
A dtiomantas á dhearbhú ag Foireann Scenario. Foireann Scenario i ngreim láimhe fad is a léitear an dearbhú os ard i rith an tseolta. Óstán Skylight, Ādis Ábeba.
Grianghraf: Foireann Cumarsáide Destiny Ethopia.
Grianghraf: RGET

Lean aistriú polaitiúil agus geilleagrach na hAetóipe in 2019, le hathchóirithe stairiúla ag dul ó neart go neart.

Láidríodh rannpháirtíocht dhaonlathach mar gheall ar oscailt spáis shibhialta de réir a chéile agus an tír ag féachaint i dtreo a céad toghchán saor agus oscailte le níos mó ná deich mbliana. Bronnadh Duais Nobel ar an bPríomh-Aire Abiy as a iarrachtaí chun síocháin a bhaint amach san Eiritré in aice láimhe.

Thug an Taoiseach Leo Varadkar cuairt chun comóradh a dhéanamh ar 25 de chaidreamh taidhleoireachta idir Éire agus an Aetóip. Bhuail an Taoiseach leis an bPríomh-Aire Abiy agus an tUachtarán Sahle-Work. Thug sé cuairt freisin ar chláir forbartha chomhair ar thacaigh Éire leo agus ar roinnt suíomhanna stairiúla ag ar fhógair sé an chomhpháirtíocht oidhreachta cultúrtha le hAireacht Chultúir agus Turasóireachta na hAetóipe.

Ar an drochuair, bhris coinbhleacht idir-eitneach amach in 2019, fad a tharla easáitiú inmheánach méadaithe mar gheall ar thriomach de bharr na haeráide agus neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia dhian a raibh tionchar aige ar 8 milliún duine.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Chuir gníomhaíocht na hÉireann i sláinte máthar agus leanaí san Aetóip le feabhsúcháin shuntasacha i dtáscairí náisiúnta ó 2016–2019, lenar áiríodh méadú 80 faoin gcéad ar bhreitheanna a raibh soláthraí oilte i láthair acu, agus méadú i Leitheadúlacht Ráta Frithghiniúnaigh ó 35 faoin gcéad go 41 faoin gcéad.

Mar thoradh ar infheistíocht €3.5 milliún na hÉireann in imeacht cúig bliana i mbeartas síolta pobalbhunaithe, tá rochtain ag 190,000 feirmeoir sa bhliain ar ionchuir talmhaíochta fheabhsaithe, agus táirgeadh 8,800 tona measta gránach bia le luach timpeall €20–30 milliún.

Cuireadh aistrithe bia agus airgid ríthábhachtacha ar fáil do 8 milliún duine trí Chlár Líontán Sábhála Táirgiúil an Rialtais a dtacaíonn Éire leis. Áiríodh anseo tacaíocht do 35,000 bean atá ag iompar clainne nó ag beathú cíche agus chuir sé cosc orthu sin agus ar go leor daoine an-leochaileach eile ó thitim i neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia dhian.

Chabhraigh ranníocaíocht na hÉireann le Ciste Daonnúil na hAetóipe chun tacaíocht thráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil do 9.86 milliún duine ar fud na tíre, lena n-áirítear cosaint 400,000 díobh siúd is leochailí mar aon le 400,000 duine faoi mhíchumas.

D'oibrigh UNCHR, le tacaíocht ó Éirinn, leis an rialtas chun seirbhísí bunúsacha, bia agus cosaint a chur ar fáil do 735,000 dídeanaí a bhí ag teitheadh ó choinbhleacht, triomach agus ciapadh i dtíortha in aice láimhe.

An Aetóip i lár an Aonaigh

Lean Éire ag tacú le Rialtas na hAetóipe agus comhpháirtithe le dul i ngleic leis na dúshláin seo trínár gclár cúnaimh forbartha dhéthaobhaigh is mó ar fud an domhain.

Bhí tionscnaimh nua, nuálacha chun síocháin a fhorbairt agus athchóirithe polaitiúla agus geilleagracha a láidriú ina dtosaíocht in 2019. Chabhraigh cur chuige ardphróifíle i leith pleanáil cáis bhunathraithigh le Destiny Ethiopia le ceannairí polaitiúla, acadúla, gnó agus pobail chun fís chnuasaitheach a tháirgeadh don Aetóip shíochánta agus rathúil. Thacaigh Seirbhísí Faoisimh Caitliceacha le comhpháirtíochta pobail i gceantair ina bhfuil coinbhleacht le teagmháil a dhéanamh leis an óige chun comhtháthú sóisialta agus athmhuintearas a chur chun cinn. Agus an geilleagar á oscailt de réir a chéile ag athchóirithe, chabhraigh Éire chun clár Trade Mark East Africa na hAetóipe a bhunú a thacóidh le cruthú poist agus fás geilleagrach trí chomhtháthú trádála réigiúnach a bhreisiú.

Tá ár dtacaíocht fhadtéarmach chun córais rathúla sláinte, coimirce shóisialaigh, agus sínte talmhaíocha a shroicheann na milliúin de na daoine is leochailí agus is faide taobh thiar a láidriú fós i gcroílár ár gcomhpháirtíochta. Cuireadh bia agus aistrithe airgid ar fáil do 8 milliún duine a raibh neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia dhian rompu tríd an gClár Líontán Sábhála Táirgiúil, agus cinntíodh le Maoiniú Feidhmíochta SFI torthaí sláinte níos fearr, go háirithe do mhná agus cailíní, trí fheabhsúcháin leanúnacha i bpleanáil clainne, seirbhísí sláinte máthar agus leanaí. D'aithin OECD obair na hÉireann san Aetóip agus ceannaireacht na hAmbasáide chun spás sibhialta a chur chun cinn, ag tacú le comhionannas inscne agus ag cur naisc dhaonnúla forbartha chun cinn ina athbhreithniú ar chlár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann.

Mhéadaigh Éire a rannpháirtíocht leis an Aontas Afracach freisin – a bhfuil a cheanncheathrú in Ādis Ābeba. In 2019, thacaíomar le Toscaire Speisialta an Aontais Afracaigh ar Rún 1325 na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ina misean chun na cuspóirí ar fud na hilchríche a bhaint amach faoin Rún.

Síolta na síochána agus an athmhuintearais á gcur san Aetóip

Tráthnóna an 3 Nollaig 2019, cuireadh ionadh ar mhuintir na hAetóipe 50 duine aonair cumhachtacha, lena n-áirítear ionadaithe polaitiúla, ceannairí eagraíochtaí a raibh cosc orthu roimhe sin, iar-reibiliúnaithe, acadóirí agus lucht gnó, a fheiceáil i ngreim lámh ar a chéile beo ar an teilifís ag léamh seacht bpointe dearbhaithe ar Chinniúint na hAetóipe i láthair oifigigh shinsearacha rialtais agus go leor daoine mór le rá. Ba é seo seoladh an phróisis Pleanáil Cáis Bhunathraithigh, dírithe ar chaidreamh, comhthuiscint agus muinín a fhorbairt i measc grúpaí deighilte.

Bliain níos túisce, tháinig Destiny Ethiopia chuig Ambasáid na hÉireann ag lorg tacaíochta agus ba í Eire an chéad chomhpháirtí le páirt a ghlacadh i dtionscnamh a raibh cuma ardriosca air. Bliain níos deireanaí, le tacaíocht ó Destiny Ethiopia agus a gcomhpháirtí The Forum of Federations agus Reos Partners, bhí 50 duine aonair, ar tugadh Foireann Scenario orthu, tagtha le chéile agus sé mhí caite acu ag comhphlé ar thodhchaí na hAetóipe agus bhí ceithre chás fhéideartha ceaptha acu. D'aontaigh na páirtithe leasmhara ar fad i dtreo an cás is mó a bhí uathu, 'Éirí na Gréine'.

Tá ardphróifíl forbartha ag an tionscadal le tacaíocht láidir ón Rialtas ag an leibhéal is airde lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aire. D'aithin an tAire Síochána, a Shoilse Mufriat Kamil, an tionscnamh ag rá gur léirigh an próiseas cumhacht an chomhphlé agus gur chruthaigh sé comhthéacs dearfach chun cultúr nua polaitiúil a fhorbairt san Aetóip.

Mhol comhpháirtithe agus an Rialtas ról na hÉireann mar chomhpháirtí ciúin agus cuiditheach, mar aon leis an Ísiltír agus an Danmhairg a tháinig isteach sa Phleanáil Cáis Bhunathraithigh níos deireanaí. Tá torthaí an phróisis Pleanáil Cáis Bhunathraithigh á scaipeadh ag Destiny Ethiopia le cur le tuilleadh comhphlé agus díospóireachta le dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an tír agus chun bealach a chinneadh don todhchaí chun síocháin agus athmhuintearas fadtéarmach a bhaint amach.

An Tansáin i lár an Aonaigh

DAONRA:
58 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$2,805

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
159

IONCHAS SAOIL:
65 bliain

PRÍOMHTHORTHAÍ

Méadú 50 faoin gcéad i dtuairisciú cásanna foréigin inscne chuig na póilíní i ndúiche Pangani mar thoradh ar idirghabhálacha faoi threoir an phobail.

D'óstáil an Garda Síochána baill ó Phóilíní na Tansáine le foghlaim ó chur chuige na hÉireann i leith na póilíneachta, an fhiosrúcháin agus na bainistíochta cásanna foréigin inscne.

5,432 Saoráid Sláinte Phríomhúil Tuaithe ar fud na Tansáine á maoiniú tríd an gCiste Bascaeid Sláinte a dtacaíonn Éire leis.

Athchóiríodh naoi saoráid sláinte chun cúram cnáimhseachais éigeandála bunúsach d'ardchaighdeán a sholáthar.

Seoladh cláir lena chinntiú go dtugtar rochtain do 2,600 bean agus fear óg ar oiliúint infhostaitheachta agus ghairme cháilíochta.

Tugadh rochtain do 127,282 feirmeoir lus na gréine agus grán buí (mná = 43%) ar sheirbhísí síl agus agra-ghnó feabhsaithe agus tacaíodh le 6,000 feirmeoir sorgaim (mná = 36%) chun a dtorthaí agus a n-ioncaim a fheabhsú.

Labhraíonn ceannaire áitiúil i mbaile Kipumbwi, Pangani, leis an bpobal tar éis féachaint ar amharclannaíocht, a d'eagraigh UZIKWASA, inar léiríodh réadúlachtaí an Fhoréigin in aghaidh Leanaí. Grianghraf: UZIKWASA

An Tansáin i lár an Aonaigh

Tá sé mar aidhm le cúnamh na hÉireann sa Tansáin cur le sochaí níos cothroime, níos córa, níos sláine agus níos inbhuanaithe, le fócas ar leith ar mhná agus cailíní.

I rith 2019, leathnaigh Éire a cuid oibre ar neamhionannas inscne, ag soláthar maoiniú do níos mó eagraíochtaí ata ag obair ar chearta na mban, mar aon lena chinntiú go raibh fócas níos láidre ar chomhionannas inscne ar fud idirghabhálacha ar shláinte, slite beatha, cothú agus rialachas.

Tugann fianaise ar fud an domhain le fios an tábhacht a bhaineann le gluaiseachtaí láidre na mban chun cearta na mban a bhaint amach agus a chothú. Sa Tansáin, tá Éire ag tacú le gníomhairí ar son chearta na mban chun gluaiseacht na mban a thógáil agus a chothú agus chun an maoiniú d'Eagraíochtaí Chearta na mBan a mhéadú. Trí chomhpháirtíocht le Women's Fund Tanzania, tháinig méadú 50% ar dheontais chuig eagraíochtaí áitiúla, ag cur ar a gcumas oiliúint, feachtasaíocht, tionóil agus tacaíocht a reáchtáil ar théamaí cosúil le foréigean inscne agus rannpháirtíocht pholaitiúil na mban.

Lean Éire ag tabhairt tús áite do thacú le deireadh a chur le foréigean inscne, go háirithe na réimsí níos deacra de mheonta agus iompair dhomhain a cheadaíonn don fhoréigean leanúint ar aghaidh a aistriú ó bhonn. Mhéadaigh cláir ar thacaigh Éire leo feasacht agus comhoibriú pobail agus láidrigh siad seirbhísí, a raibh tuairisciú eachtraí foréigin inscne chuig na húdaráis mar thoradh air.

In 2019, leathnaigh Éire a rannpháirtíocht ar shláinte agus chearta gnéis agus atáirgthe. Chuir sé sin ar chumas oibrithe sláinte príomhsheirbhísí a chur ar fáil, lena n-áirítear toirchis ardriosca a shainaithint agus a mhonatóiriú, athchóiriú ar shaoráidí sláinte, agus cúram éigeandála cnáimhseachais a sholáthar. I gcomhpháirtíocht le UNFPA agus FIP Femina, rinneadh teagmháil le níos mó ná 10,000 ógánach agus duine óg le hoideachas agus faisnéis.

Tá a hinfheistíocht doimhnithe ag Éirinn i slabhraí luacha talmhaíochta níos cuimsithí, a raibh deiseanna slí bheatha feabhsaithe do níos mó ná 55,000 bean mar thoradh air. Thacaigh Éire freisin le tionscnaimh le dul i ngleic le srianta bunaithe ar inscne ar chumas na mban le bheith rannpháirteach i dtrádáil trasteorann, lena n-áirítear oiliúint shaindeartha a sholáthar ar rialacha agus rialacháin chustaim do 600 trádálaí ban.

An Tansáin i lár an Aonaigh

Bean ar bodaboda ag breith go bródúil ar chomhartha i rith chéim 3 de Bhriseadh ciúnais WAJIKI, Taisteal sábháilte do chailíní gan Sracadh Gnéis i nDúichí Kinondoni agus. Grianghraf: WAJIKI

Cuir STOP le Sracadh Gnéis.

Sa Tansáin, tuairiscíonn duine as cúigear ban go bhfulaingíonn siad foréigean gnéis. Sainmhínítear *Sracadh Gnéis* amhail an cleachtas de chumhacht a úsáid chun fabhar gnéis a shracadh, go minic le haghaidh airgid nó luach saothair eile. Feiceann go leor cailíní iarrachtaí ar shracadh gnéis ar a dturas chuig an scoil agus abhaile, go háirithe i suíomhanna uirbeacha mar Dhárasalám.

Tá comhpháirtí na hÉireann, Women's Fund Tanzania, ag oibriú chun gluaiseacht na mban a fhorbairt ó leibhéal na cosmhuintire trí dheontais a chur ar fáil d'eagraíochtaí chearta na mban agus trí chomhghuaillíochtaí ag leibhéal náisiúnta a fhorbairt.

Le deontas ón gciste, chuir WAJIKI, eagraíocht phobalbhunaithe, feachtas i gcoinne sracadh gnéis i bhfeidhm dírithe ar thaisteal sábháilte trí oibreoirí iompair phoiblí a chur i mbun oibre.

D'oibrigh WAJIKI chun an timpeallacht timpeall ar phointí bailithe iompair a athrú. Ardaíodh feasacht trí oideachas piara agus for-rochtain. Cinntíodh gur chomhoibrigh tiománaithe, cumainn agus ceardchumainn oibrithe, comhlachtaí poiblí agus na póilíní leis an bhfeachtas trí idirphlé leo. Ceapadh tiománaithe agus stiúrthóirí bus mar ambasadóirí frithshractha gnéis. Le himeacht ama, theastaigh ó níos mó tiománaithe páirt a ghlacadh ann agus d'fhás an feachtas.

Atreisíodh feachtasaíocht áitiúil trí obair ar shracadh gnéis ag an leibhéal náisiúnta, a shlánaigh comhoibriú na gcomhlachtaí cinnteoireachta lena n-áirítear an Biúró Caimiléireachta náisiúnta, Fórsa Póilíní na Tansáine agus Údaráis Rialtais Áitiúil. Achtaíodh reachtaíocht um shracadh gnéis agus tugadh beolíne sceithireachta isteach.

Cé go bhfuil go leor le déanamh fós, tá cruth suntasach curtha ag feasacht agus comhoibriú méadaithe i bpobail ar an gcaoi a mbreathnaítear agus a dtéitear i ngleic anois le saincheisteanna um shracadh gnéis. Tá an tosaíocht agus sofheictheacht atá tuillte acu anois a bhfáil ag go leor ban agus cailíní. Tá níos mó fear ag glacadh freagrachta as foréigean inscne a cháineadh agus a ruaigeadh.

Cás-staidéar Inscne 2

Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan sa tSaimbia

Bíonn ocras ar bheagnach leath de mhuintir na Saimbia ag amanna áirithe den bhliain, rud a chuireann le míchothú agus a mbíonn tionchar uafásach aige ar shaol leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Dírítear ar líon teoranta barr i dtalmhaíocht na Saimbia go traidisiúnta agus déanann 80 faoin gcéad saothrú ar níos lú ná ceithre chineál. Ciallaíonn sin go n-itheann feirmeoirí agus a dteaghlaigh réimse teoranta bia agus go mbeidís leochaileach dá dteipfeadh ar cheann dá bpríomhbharra.

Tá Éire ag dul i gcomhpháirtíocht le Musika, eagraíocht Shaimbiach a thacaíonn le feirmeoirí chun réimse éagsúil barr a fhás – ní hamháin chun cuidiú leo a dteaghlaigh féin a chothú ach chun a mbarra a dhíol sna margaí freisin. Cur chuige ar leith atá ag Musika ná modhanna a fhorbairt chun feirmeoirí beaga a nascadh leis na cuideachtaí atá ag iarraidh a dtáirgí a cheannach.

Le cúnamh ó Musika agus Cúnamh Éireann, tá glasraí dúchasacha éagsúla á bhfás ag Dorothy Munengo, glasraí a thriomaíonn sí agus a dhíolann sí le cuideachta phríobháideach, Silva Food Solutions. Tugann an rath atá uirthi go dtí seo misneach do Dorothy, máthair seachtar clainne, agus deir sí:

'Thug sé seo misneach dom chun leanúint ar aghaidh leis an obair dhian. Tá sé beartaithe agam tollpholl a tholladh ar m'fheirm ionas go mbeidh mé in ann glasraí a fhás agus a sholáthar ar feadh na bliana.'

Déanann Silva Food Solutions tairbhí cothaíocha agus sláinte na nglasraí dúchasacha a chur chun cinn freisin ag na cruinnithe pobail a óstálann sé ar fud Mabele.

Ní hamháin go mbíonn buntáistí cothaitheacha ag baint le héagsúlú barr, ach maolaítear tionchair an athraithe aeráide freisin leis an gcur chuige a chuireann Musika chun cinn. D'fhulaing an tSaimbia triomaigh uafásacha le blianta beaga anuas, agus theip ar na príomhbharra dá bharr sin. Trí fheirmeoirí beaga cosúil le Dorothy a chumasú chun barra éagsúla a fhás, tá Cúnamh Éireann ag tacú le teaghlach Dorothy freisin chun ioncam a ghiniúint lena gcinntítear go bhfuil sé d'acmhainn ag a leanaí oideachas agus seirbhísí sláinte a fháil.

Ullmhaíonn Dorothy Munengo na glasraí atá le soláthar do Silva Food Solutions.
Grianghraf: Jonathan Mwewa/Musika.

An Libéir i lár an Aonaigh

DAONRA:
4.8 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$1040

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
176

IONCHAS SAOIL:
63.7 bliain

Tagann muintir sráidbhaile atá gar do Boegessay i gcontae Rivercess le chéile chun leithreas poill níos fearr a thógáil le tacaíocht ó Éirinn trí Oxfam International.
Grianghraf: RGET

An Libéir i lár an Aonaigh

Bhunaigh Éire Ambasáid sa Libéir in 2018, tar éis an chéad aistrithe cumhachta dhaonlathaigh shíochánta sa tír agus tar éis dheireadh Mhisean Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe (UNMIL) tar éis 15 bliana.

Bhí oifigigh síochánaíochta curtha ag Éirinn chuig UNMIL ó 2003–2007 agus bhunaigh sí Oifig Forbartha ina dhiaidh sin, ach le bhunú na hAmbasáide cuireadh tús le céim nua comhoibrithe.

In 2019, sheol Éire a Straitéis maidir le rannpháirtíocht leis an Libéir go dtí 2023, ina luaitear na tosaíochtaí seo a leanas: go nglacfadh saoránaigh páirt i bpróisis dhaonlathacha ionchuimsitheacha; agus go gcothófaí mná agus cailíní bochta ar bhealach níos fearr agus go mbeadh beatha níos folláine, níos sábháilte agus níos cumhachtaithe acu. Sa chéad bhliain den Straitéis seo, bhí an misean dírithe ar rannpháirtíocht le comhpháirtithe agus ar a cláreagrú a fhorbairt i réimsí na hinscne, an rialachais agus an chothaithe.

Neartaigh an Ambasáid an méid tacaíochta a thugtar don daonlathas ionchuimsitheach trí acmhainn an Choimisiúin Toghcháin Náisiúnta a láidriú agus trí chomhpháirtíocht le hOifig na Libéire um Chothú na Síochána chun cur chuige síochánta i leith stocaireacht réamhthoghcháin a chur chun cinn. De thoradh comhpháirtíochta le Comhairle Náisiúnta na Sochaí Sibhialta sa Libéir, tá feabhas ar acmhainn eagraíochtaí sochaí sibhialta na mban go háirithe chun cur chun feidhme an bheartais phoiblí a fhoirmliú agus a mhonatóiriú.

In 2019, trí ghaol déthaobhach neartaithe le Rialtas na Libéire, leis an tsochaí shibhialta agus leis an bpobal idirnáisiúnta, cuireadh ar chumas na hAmbasáide is nuaí de chuid na hÉireann san Afraic rannpháirtíocht thairbheach a dhéanamh maidir le roinnt de na saincheisteanna práinneacha atá roimh an tír agus an réigiún.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Trí Chlár an Choiste Tarrthála Idirnáisiúnta (IRC) um Roghanna a Thabhairt do Mhná agus do Chailíní, thacaigh Éire le hIonaid Ilfhreastail maidir le cúram leighis agus síceasóisialta a chur ar fáil do mharthanóirí an fhoréigin gnéis agus inscne (SGBV) agus idirghabháil le Rannán Cosanta Ban agus Leanaí Phóilíneacht Náisiúnta na Libéire a chur ar fáil. Fuair breis agus 50,000 duine faisnéis faoi na seirbhísí sin trí fheachtas feasachta, agus fuair 1,500+ marthanóir SBGV rochtain ar chásbhainistiú agus ar chúram.

Trí bhaint na hÉireann le Clár UNDP um Smacht Reachta, tacaíodh leis an bhfreagairt SGBV trí mhicridheontais a thabhairt do 25 eagraíocht sochaí sibhialta a chuireann cúnamh dlí ar fáil do mharthanóirí SGBV, trí oiliúint a chur ar 118 gníomhaí ceartais neamhfhoirmiúil maidir le reachtaíocht intíre agus trí thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do Rannán Chearta an Duine san Aireacht Dlí agus Cirt.

Trí Chlár IRC 'She Leads', bhí Éire gníomhach maidir le SGBV a chosc sa phobal agus mná a chumhachtú lenar áiríodh trí thacú le 18 gcomhlachas sráidbhaile coigiltis agus iasachtaí do mhná, trí phlé a éascú maidir leis an mbille um fhoréigean baile, agus trí oiliúint a chur ar oibrithe cásanna maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh idir ionaid ilfhreastail agus pobail.

Thacaigh an Ambasáid le Coimisiún Toghcháin Náisiúnta na Libéire trí UNDP roimh na toghcháin seanadóra mheántéarma in 2020. Thacaigh Éire le comhairliúcháin maidir le hathchóiriú toghchán, oiliúint ar réiteach díospóidí do mháistreoirí toghchán, feachtas feasachta maidir le foréigean toghchán i measc na hóige agus páirtithe polaitiúla, agus forbairt acmhainne agus oiliúint d'fhoireann an Choimisiúin Toghcháin Náisiúnta.



An Phalaistín i lár an Aonaigh

DAONRA:
4.9 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$5314

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
119

IONCHAS SAOIL:
73.9 bliain

Ionad Cóireála Camrais Éigeandála Thuaisceart Ghaza (NGEST) a dhéanfar a chumhachtú le tionscadal grianfhuinnimh na hÉireann. Grianghraf: Hani Boullata

B'fhiú breis agus €22 milliún tacaíocht na hÉireann do mhuintir na Palaistíne in 2019. Féachann ár gclár le deis a chaomhnú le haghaidh réiteach dhá stát, mar aon le cáilíocht saoil na bPalaistíneach is leochailí a fheabhsú. Oibríonn Éire i gceithre phríomhréimse: tógáil stáit, gníomhaíocht dhaonnúil, cearta an duine agus cuntasacht a chur chun cinn, agus tacaíocht do dhídeanaithe Palaistíneacha.

Tá cuntas teiste fada ag Éirinn maidir le tacú leis an earnáil oideachais sa Phalaistín, ag obair go dlúth leis an Aireacht Oideachais agus le deontóirí eile chun acmhainn a fheabhsú agus chun rochtain chothrom ar oideachas d'ardchaighdeán a chinntiú. In 2019, chuir Éire €3 mhilliún ar fáil don Aireacht Oideachais, an méid is mó tacaíochta airgeadais uainn riamh, agus ghlac sí an príomhról freisin i measc deontóirí maidir le rannpháirtíocht leis an Aireacht.

I mí Mheán Fómhair 2019, thaistil an chéad chohórt de 25 mac léinn go hÉirinn chun staidéar bliana ar leibhéal Máistreachta a dhéanamh faoi Chlár nua Scoláireachta na hÉireann-na Palaistíne. Leis an gclár, cuirtear deiseanna acadúla agus gairmiúla níos fearr ar fáil do mhic léinn na Palaistíne, agus neartófar an gaol láidir atá ann cheana idir muintir na hÉireann agus na Palaistíne.

Shínigh Éire comhaontú le hAireacht Ghnóthaí na mBan in 2019 chun tacú le tionscadal chun acmhainn institiúideach a fhorbairt chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac. Le tacaíocht na hÉireann, déanfar taighde maidir le costas eacnamaíoch an fhoréigin in aghaidh na mban, chun tacú le tionscnaimh náisiúnta le tabhairt faoin tsaincheist.

Tá Éire ag tabhairt tacaíochta tiomanta don obair ríthábhachtach a dhéanann Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) le fada an lá. In 2019, chuir Éire tacaíocht €7.5 milliún ar fáil d'obair UNRWA i gcúig réimse: an Bruach Thiar, Gaza, an Iordáin, an Liobáin agus an tSiria. San áireamh leis an tacaíocht a thugamar bhí maoiniú dírithe le haghaidh Gaza, ina gcuireann UNRWA seirbhísí riachtanacha ar fáil do bhreis agus 1 mhilliún dídeanaithe.

An Phalaistín i lár an Aonaigh

An tAire Simon Coveney ag bualadh le mic léinn dídeanaithe de chuid na Palaistíne ag Scoil UNRWA i gCampa Dídeanaithe Jabalia, Gaza. Grianghraf: Khalil Adwan/UNRWA

Déantar na riachtanais ghéara dhaonnúla i nGaza níos measa fós toisc nach bhfuil soláthar iontaofa leictreachais ná dóthain uisce glan ann. Níl 97% de sholáthar uisce nádúrtha Ghaza oiriúnach le hól ag daoine de réir chaighdeáin na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus tá infheistíocht shuntasach bonneagair de dhíth chun an t-uiscíoch a dheisiú agus an ghéarchéim sin a chur ina ceart.

In 2019, thug an Tánaiste Simon Coveney cuairt ar Ghaza agus d'fhógair sé infheistíocht mhór na hÉireann sa ghrianfhuinneamh, rud a thacóidh le cóireáil an uisce éillithe. Cuirfidh Éire €8.8 milliún ar fáil chun tógáil stáisiún grianchumhachta 7.5MW a mhaoiniú a chuirfidh fuinneamh glan iontaofa ar fáil d'Ionad Cóireála Camrais Éigeandála Thuaisceart Ghaza (NGEST). Ciallaíonn na ganntanais leictreachais leanúnacha i nGaza nach mbíonn teacht ag na daoine atá ina gcónaí ann ach ar thuairim agus 12 uair leictreachais in aghaidh an lae. Braitheann suiteálacha móra ar nós NGEST ar bhreosla costasach díosail faoi láthair chun na gineadóirí a oibriú. Nuair a chuirfear i gcrích é, soláthrófar do riachtanais iomlána fuinnimh NGEST leis an tionscadal seo agus dáilfear aon fhuílleach fuinnimh ar shaoráidí eile uisce agus fuíolluisce ar fud thuaisceart Ghaza agus lár Ghaza.

Tá 3.5 heicteár den 10.5 heicteár talún atá le húsáid i gcomhair an stáisiúin grianchumhachta seo suite laistigh de chrios maolánach míleata a d'fhorchuir Iosrael a shíneann feadh na gcéadta méadar laistigh de Ghaza feadh fhad an chlaí slándála lena roinntear Iosrael ó Ghaza. Níl an talamh sin ar fáil faoi láthair le húsáid ag muintir Ghaza. Is é an tionscadal seo an chéad uair a cuireadh talamh sa chrios sin ar fáil le haghaidh bonneagair agus eascraíonn sé as rannpháirtíocht fhairsing líonra taidhleoireachta na hÉireann.

Tá Gníomhaireacht Forbartha na Fraince, an Agence Française de Développement (AFD), ag dul i gcomhpháirtíocht le hÉirinn chun an tionscadal uaillmhianach sin a chur chun feidhme, rud a chuirfidh feabhas ar shaol laethúil mhuintir Ghaza; a fhorbróidh an acmhainn, a laghdóidh an riachtanas daonnúil agus a chuirfidh gníomhú ar son na haeráide chun cinn.

PRÍOMHTHORTHAÍ

- **Chabhraigh tacaíocht na hÉireann chun sé scoil nua a thógáil agus chun 74 scoil eile a athshlánú ar fud chríocha na Palaistíne atá faoi fhorghabháil.**
- **I mí Mheán Fómhair 2019, faoi Chlár Scoláireachta nua na hÉireann-na Palaistíne, thosaigh 25 mac léinn ón bPalaistín ar staidéar ar leibhéal Máistreachta ag 11 institiúid Ardoideachais in Éirinn.**
- **Chabhraigh maoiniú na hÉireann leis an gCiste Daonnúil um an Chríoch Phalaistíneach faoi Fhorghabháil tacú le breis agus 45,000 duine atá buailte ag an bhforéigean inscne.**
- **Le tacaíocht na hÉireann, chuir Cuibhreannas Cosanta an Bhruaigh Thiar cúnamh ríthábhachtach daonnúil ar fáil do 20,200 Palaistíneach a bhí i mbaol aistriú le forneart.**
- **Chabhraigh maoiniú na hÉireann do UNRWA leis an nGníomhaireacht breis agus 8.7 milliún comhairliúchán sláinte cúraim phríomhúil a chur ar fáil do Dhídeanaithe Palaistíneacha.**
- **Chabhraigh maoiniú na hÉireann do UNRWA leis an nGníomhaireacht oideachas ionchuimsitheach den scoth a chur ar fáil do 532,857 leanbh dídeanaí Palaistíneach.**

Déantar clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann i Vítneam, sa Chambóid, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach Laos agus i Maenmar a bhainistiú ag ár nAmbasáid i Hanáí, Vítneam. Áirítear ar réimsí fócais an chláir forbairt a dhéanamh ar phobail na mionlach eitneach – an dream is faide chun deiridh i Vítneam, arb ionann iad agus 70% de na boicht – agus tacaíocht a thabhairt do mhalartuithe institiúideacha agus d'fhorbairt scileanna chun acmhainn institiúidí Vítneam a fheabhsú.

Leis na tosaíochtaí réigiúnacha ar fud na gceithre thír, dírítear ar an míchothú a laghdú trí thacaíocht a thabhairt maidir le cothú na máthar agus an linbh, ar aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hordanás neamhphléasctha trí ghníomhaíocht dhaonnúil maidir le mianaigh talún, agus ar thacaíocht a thabhairt maidir le hacmhainn agus tionchar na sochaí sibhialta agus na ngníomhaireachtaí stáit. Ina theannta sin, tá gné shonrach dhaonnúil ag clár Mhaenmar atá ceaptha chun pobail leochaileacha a chosaint ar dhroch-thionchair na coinbhleachta leanúnaí. Tá cur chuige atá ag éirí níos réigiúnaí á ghlacadh ag Éirinn maidir leis an tacaíocht a thugtar do na ceithre thír chun ceachtanna a chomhroinnt thar theorainneacha náisiúnta, agus ar an leibhéal fonáisiúnta chomh maith, agus idir comhpháirtithe an rialtais agus na sochaí sibhialta, d'fhonn an nuálaíocht agus an tionchar a uasmhéadú in áit ar domhan atá fós ag streachailt le héagothroime mhór agus le pócaí bochtaineachta.

Clár na hÁise Thoir Theas i lár an Aonaigh

TÁ AN MÉID SEO A LEANAS I MEASC NA DTORTHAÍ IN 2019:

Thacaigh Éire le breis agus 600 tionscnamh forbartha pobal na mionlach eitneach agus 56 tionscadal bonneagair i Vítneam in 2019 chun rochtain na bpobal mionlach eitneach ar sheirbhísí bunúsacha agus ar bhóithre agus córais uisce feabhsaithe a fheabhsú in 48 común.

Mar thoradh ar thacaíocht na hÉireann d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, a fheidhmíonn i dtimpeallacht atá ag éirí níos srianta, cuireadh an comhionannas inscne chun cinn i bpróisis chinnteoireachta polaitiúla, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, mar aon le tionscnaimh eile chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime agus chun tacú le grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas agus daoine LADTI.

Tharla 45 cuairt malartaithe idir Éire agus Vítneam faoin gClár um Chomhroinnt Eispéireas Forbartha na hÉireann (IDEAS) lena dtacaítear le malartuithe idir institiúidí Vítneamacha agus Éireannacha amhail an Banc Ceannais, Teagasc, agus Institiúidí Ardoideachais i réimsí an oideachais, an agraibhia agus an ghnó. Bhí an chéad chomhrá idir Éire agus Vítneam maidir le hOideachas, Taighde agus Nuálaíocht ar siúl i mBaile Átha Cliath in 2019 chun naisc forbartha thairbhiúla a chur chun cinn idir an dá thír, le haird ar leith ar an oideachas tríú leibhéal agus ar an gcomhoibriú taighde.

Fuair 24 mac léinn ó Vítneam san iomlán, 15 acu baineann, scoláireachtaí IDEAS ó Rialtas na hÉireann le haghaidh na bliana acadúla 2019–2020 chun freastal ar chúrsaí Máistreachta in Éirinn.

Fáiltíonn fear agus bean chéile ón ngrúpa mionlaigh eitnigh Cờ Tu i Vítneam roimh a leanbh mic in Ospidéal Cheantar Đông Giang. Tá Éire ag tacú leis an tionscnamh Alive & Thrive chun thart ar 40 ionad barr feabhais um chothú cíche a bhunú faoi 2021 sa Chambóid, Laos, Maenmar agus i Vítneam. Grianghraf: Giacomo Pirozzi/Alive & Thrive

Réigiúnach

- Thug Éire tacaíocht chun 13 Ionad Barr Feabhais um Chothú Cíche a bhunú ar fud Vítneam. Tá ionaid dá leithéid á mbunú i Laos, sa Chambóid agus i Maenmar trí chomhpháirtíocht réigiúnach le tacaíocht ó Éirinn chun cothú na máthar agus an linbh a fheabhsú.
- In 2019, chuir maoiniú na hÉireann ar chumas 63,687 duine oideachas maidir le riosca mianaigh a fháil sa Chambóid, i Maenmar agus i Vítneam trí ghníomhaireachtaí gníomhaíochta maidir le mianaigh talún atá ag obair sa réigiún. Ina theannta sin, rinne Éire glanadh de bhreis agus 1,034,315m² mianach talún sa Chambóid a mhaoiniú.
- Do phobail atá thíos leis an gcoinbhleacht i Maenmar, bhain 50,720 bean tairbhe as idirghabhálacha atá íogair ó thaobh cothaithe de agus fuair 6,000 teaghlach rochtain ar sheirbhísí cosanta leanaí d'ardchaighdeán mar thoradh ar thacaíocht na hÉireann.

Íomhá ar an leathanach thall:
'Comhrá na hÉireann-Vítneam maidir le hOideachas, Taighde agus Nuálaíocht' a tharla i mí Dheireadh Fómhair ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Grianghraf: RGE

An Cholóim i lár an Aonaigh

DAONRA:
49.7 milliún

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
$12,896

IONAD AR INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
69

IONCHAS SAOIL:
77.1 bliain

Leanaí ó San José del Guaviare ag roinnt cheol Joropo Llanero i dTeach Uíbh Eachach. Déanann a gceol an tAthmhuintearas agus an tSíocháin a chothú agus a thógáil i measc leanaí agus ógánach ar fhág an foréigean a lorg orthu. Grianghraf: Phil Behan/RGET

PRÍOMHTHORTHAÍ

Bhí an comhoibriú idir Éire agus an Cholóim in 2019 dírithe ar chlár comhroinnte ceachta maidir le cothú na síochána a raibh rath leis cheana féin, a d'úsáid ceachtanna a foghlaimíodh i dTuaisceart Éireann mar phointe tosaigh.

Chuir Éire €400,000 le Ciste Iontaobhais Il-Pháirtí na Náisiún Aontaithe agus tosaíocht á tabhairt d'idirghabhálacha atá dírithe ar chobhsú i ndiaidh coinbhleachta, ar athchorprú iarchomhraiceoirí, ar íospartaigh agus ar chórais agus cumarsáid an cheartais idirthréimhsigh.

Thacaigh Éire le monatóiriú a dhéanamh ar thoghcháin áitiúla agus réigiúnacha i mí Dheireadh Fómhair le MAPP OEA – misean Eagraíocht na Stát Meiriceánach chuig an gColóim.

Thacaigh Éire le tionscadal forbartha tuaithe a dhíríonn ar rannpháirtíocht na mban i mbonneagar turasóireachta a bhunú agus le tionscadal forbartha slí bheatha in Tenjo, Cauca.

Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Teagasc agus Agrosavia, gníomhaireacht taighde talmhaíochta Colómach, inar leagadh amach an comhoibriú i 15 réimse, le linn na chéad chuairte Aireachta riamh ar an gColóim le haghaidh Lá Fhéile Pádraig, ag an Aire Pat Breen T.D. Leathnaíodh é sin ní ba dhéanaí an bhliain chéanna chun institiúidí tríú leibhéal na hÉireann agus na Colóime a chur san áireamh.

Cás-Staidéar Inscne 3

Fatuma Ali ag ullmhú caife dá custaiméirí. Ceantar Legembao de Chrios Wollo Theas, an Aetóip.
Grianghraf: Addino Liben/AHRRA

Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan san Aetóip

Is bean 45 bliain d'aois í Fatuma Ali a chaith 12 bhliain i bPríosún Dessie, i Réigiún Amhara. Tá ceathrar clainne aici a cuireadh sa phríosún léi toisc nach raibh aon chúram eile ann dóibh. *'Gearradh pionós an bháis orm toisc go bhfuair duine bás sa bheár a bhí agam tráth. Níor thug duine ar bith de mo ghaolta cuairt orm sa phríosún. Cuireadh ó chodladh na hoíche mé toisc go raibh imní orm go ngortófaí mo leanaí le tréan díoltais. Bhí imní orm faoi mo shaol nuair a scaoileadh saor mé.'*

Chuaigh Comhlachas Athshlánaithe agus Athimeasctha Addis Hiwot (AHRRA), ceann de na heagraíochtaí Sochaí Sibhialta a mhaoiníonn Éire, chun cainte le Fatuma agus le príosúnaigh ban eile agus thairg sé tacaíocht dóibh amhail oiliúint i scileanna tuismitheoireachta, tacaíocht shíceasóisialta agus oideachas idir piaraí, a comhlánaíodh le hoiliúint fiontraíochta agus airgead síl chun gnólacht a thosú nuair a bheadh deireadh lena bpianbhreith.

'D'athraigh an oiliúint mo mheon agus bhí dóchas orm ina diaidh. Thosaigh mé féin agus seachtar cairde liom ag díol piobar spíosrach agus comhábhair chun stobhach a ullmhú sa phríosún.'

Thar cheithre bliana, shábháil grúpa Fatuma 35,000.00 ETB (€1,100). Tugadh pardún do Fatuma in 2019 agus rinne sí athmhuintearas le teaghlach an íospartaigh. Lena cuidse de choigilteas an ghrúpa, thosaigh sí ag díol bia, caife agus tae ina baile dúchais. *Tá mo shaol laethúil i bhfad níos éasca anois mar gheall ar mo ghnólacht. Tá áthas orm go bhfuil mé in ann mo leanaí a mhúineadh. D'fhoghlaim mé cad is cóir a dhéanamh leis an airgead atá agam.'*

Tá AHHRA ag obair chun a chur chuige i leith athshlánú príosúnach agus cúram do leanaí sa phríosún a mhéadú. Tar éis measúnú neamhspleách a rinne Ollscoil Wollo, tá sé ag cur treoirlínte athimeasctha chun cinn le rialtais réigiúnacha agus le húdaráis príosúin ionas go bhfaighidh iarphríosúnaigh ar nós Fatuma an dara seans sa saol.

Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda agus Rannpháirtíocht an Phobail a Chur Chun Cinn

Spreagann an t-oideachas forbartha rannpháirtíocht ghníomhach leis an domhan idirspleách éagothrom atá ag athrú go tapa ina gcónaímid. Tugann sé cumhacht d'fhoghlaimeoirí le feasacht agus tuiscint níos fearr ar an gcaoi a bhfuil an ceartas domhanda agus saincheisteanna trasnáisiúnta fite fuaite lena saol laethúil.

Tá an Straitéis Oideachais Forbartha 2017–2023 agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4, (a bhfuil sé mar aidhm acu oideachas d'ardchaighdeán atá cuimsitheach agus cothrom a dheimhniú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách), ina threoir do chur chuige na hÉireann i leith an oideachais um shaoránacht dhomhanda. Cuireann an Roinn Gnóthaí Seachtracha, ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, maoiniú ar fáil do thionscadail oideachais saoránachta domhanda bhunscoile, iar-bhunscoile, tríú leibhéal, óige, aosach agus pobail ar fud na hÉireann.

Cuireadh buiséad €4.3 milliún ar an iomlán ar fáil don chlár oideachais forbartha in 2019. Cuireadh maoiniú ar fáil do shé chomhpháirtí straitéiseacha trí chomhpháirtíochtaí ilbhliantúla, do chúig chomhpháirtí den deontas cláir, mar chómhaoiniú do chlár DEAR an Aontais Eorpaigh (Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt) agus do 25 tionscadal lena dtugtar deontais bhliantúla.

Éachtaí san Oideachas Forbartha in 2019

D'fhreastail **279,550** duine ar ghníomhaíochtaí oideachais forbartha ar fud na tíre

88.9%

Dúirt acu siúd a ndearnadh suirbhé orthu

go raibh feabhas sa litearthacht dhomhanda.

58.2%

díobh siúd a ndearna suirbhé orthu

a bhí in ann sampla a thabhairt faoin gcaoi a ndeachaigh an t-oideachas forbartha i bhfeidhm ar a meon nó ar a n-iompraíocht.

29%

bunscoileanna

65%

iar-bhunscoileanna

a fuair tacaíocht ó chlár **forbartha idirnáisiúnta na hÉireann** chun an t-oideachas um shaoránacht dhomhanda a sheachadadh i ngach contae sa Stát.

26,616

mac léinn tríú leibhéal

a d'fhreastail ar imeachtaí um shaoránacht dhomhanda ar fud 23 Institiúid Ard-Oideachais.

108

táirge eolais nua nó nuashonraithe

a forbraíodh, a roinneadh agus a úsáideadh chun cleachtas a neartú.

Tacaíodh le

7,952 duine óg

chun páirt a ghlacadh i **dtionscnaimh oideachais forbartha 'neamhfhoirmiúla'** arna dtacú ag Comhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn agus ag a mbaill sa chéad bhliain dá gClár Straitéiseach.

351

luathbhliain

3,973

múinteoir bunscoile

3,287

múinteoir iar-bhunscoile

a fuair oiliúint tosaigh múinteoirí agus **forbairt ghairmiúil leanúnach** ar théamaí an oideachais um shaoránacht dhomhanda.

LÉIRÍONN BUAICPHOINTÍ 2019 TÁBHACHT
ÁR GCLÁIR OIDEACHAIS UM SHAORÁNACHT DHOMHANDA

Cód Dea-Chleachtais maidir leis an Oideachas Forbartha a fhorbairt ag Cumann Oideachais Forbartha na hÉireann (IDEA), an chéad cheann dá leithéid ar domhan, ar caighdeán comhaontaithe anois é do gach ball IDEA.

Comhpháirtíocht straitéiseach trí bliana 'Youth 2030' a sheoladh le Comhairle Náisiúnta na nÓg, ag obair i gCuibhreannas le Concern Worldwide, Trócaire agus OÉ Má Nuad, a bhfuil mar aidhm aige rannpháirtíocht bhalleagraíochtaí Chomhairle Náisiúnta na nÓg, daoine óga agus oideoirí na n-óg a chur chun cinn maidir le saincheisteanna saoránachta domhanda agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030.

Ag Comhdháil Bhliantúil Scoileanna Domhanda WorldWise i bPáirc an Chrócaigh ar an 4 Aibreán 2019, ar fhreastail 247 dalta agus 63 múinteoir uirthi ó scoileanna ar fud na tíre, díríodh ar aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne, ar éagóir agus ar athrú aeráide agus domhan níos inbhuanaithe a chinntiú do chách. D'fhreastail príomhoidí agus leas-phríomhoidí ó 38 scoil ar an Siompóisiam Bliantúil do Bhainisteoirí Scoile a bhí ar siúl i dTeach Uíbh Eachach ar an 14 Samhain 2019.

D'fhreastail 1,208 duine ar an bhFéile Mac Léinn STAND a bhí ar siúl ar feadh seacht seachtaine ón 23 Meán Fómhair go dtí an 8 Samhain ag seacht suíomh mórchampais timpeall na tíre. Rinneadh tionchar na haeráide athraithe ar phobail leochaileacha ar fud an domhain a chur i láthair ag an bhFéile.

Seo a leanas roinnt samplaí dár saothar agus dár gcomhpháirtithe ar tugadh tacaíocht dóibh in 2019:

Oifig an Ard-Stiúrthóra a ghlacadh le haghaidh Lá Idirnáisiúnta an Chailín

Ar an 11 Deireadh Fómhair 2019, ghlac Aoife Dunne agus Grace McNally ó Phainéal Comhairleach na nÓg de chuid Plan International seilbh (shealadach) ar oifig Ard-Rúnaí Rannóg an Chomhoibrithe Forbartha agus na hAfraice, Ruairí de Búrca. Ba chuid d'éileamh domhanda ar athrú radacach sóisialta agus polaitiúil é an gníomh, chun Lá Idirnáisiúnta an Chailín de chuid na Náisiún Aontaithe a cheiliúradh, chun bacainní an leithcheala agus an réamhchlaonta a scriosadh. Ghlac na cailíní páirt i bplé beoga maidir le comhionannas inscne le Shane Keenan agus Emer Groarke sular thug siad cuairt ar Ionad Chúnamh Éireann, áit ar fhoghlaim siad faoi cheardlanna Chúnamh Éireann ar shaincheisteanna lena n-áirítear comhionannas inscne.

Aoife Dunne agus Grace McNally ó Phainéal Comhairleach na nÓg de chuid Plan International ag Ionad Chúnamh Éireann mar chuid de Lá Idirnáisiúnta an Chailín 2019 de chuid na Náisiún Aontaithe. Grianghraf: Plan International

Seoladh Cód Dea-Chleachtais IDEA um Oideachas Forbartha, Póstaer an 12 Chroí-Phrionsabal, ar an 3 Nollaig 2019. Grianghraf: Gansee Films

IDEA

Is é IDEA, Cumann Oideachais Forbartha na hÉireann, an líonra náisiúnta don Oideachas Forbartha in Éirinn. Ba é 2019 comóradh 15 bliana IDEA agus d'fhorbair sé straitéis nua, 2019–2023, a dhíríonn ar 'Neartú, Ceannródaíocht agus Tacaíocht' a bhí mar bhonn faoi roinnt tionscnamh a bhí ar thús cadhnaíochta don earnáil i mbliana. Sa Chód Dea-Chleachtais, a seoladh i mí na Nollag 2019, leagtar amach réimse caighdeán le haghaidh balleagraíochtaí lena gcumhdaítear saincheisteanna ar nós thábhacht na smaointeoireachta criticiúla, úsáid na modheolaíochtaí rannpháirtíochta agus cruthaitheacha agus an gá chun bunchúiseanna na héagothroime áitiúla agus domhanda a fhiosrú.

Féinchabhair san Afraic/Gradam Chúnamh Éireann don Eolaíocht ar son na Forbartha ag BTYSTE 2019

Ba é Seán Byrne ó Choláiste Pobail na Craobhaí i gContae Chill Mhantáin buaiteoir na Duaise 'An Eolaíocht ar son na Forbartha' 2019 ag Taispeántas BT d'Eolaithe Óga agus Teicneolaíocht. D'fhiosraigh tionscadal Sheáin úsáid córas scagtha blaosc uibhe ísealchostais chun truailleáin trom-mhiotail a bhaint ó uisce. Thaisteal Seán chuig an tSaimbia ina dhiaidh sin le Féinchabhair san Afraic chun a thionscadal a chur i láthair do mhic léinn agus d'fhoireann ollscoile.

Ba é 2019 an 14ú bliain a ndearna clár idirnáisiúnta na hÉireann urraíocht ar an ngradam a spreagann múinteoirí agus scoláirí chun smaointe a fhorbairt, ag baint úsáid as teicneolaíocht eolaíochta chuí, a d'fhéadfadh a bheith áisiúil ag leibhéal pobail áitiúil sa Domhan Theas. Tá sé mar aidhm aige léargas níos fearr a thabhairt do scoláirí ar an domhan mór agus ar a ról mar shaoránaigh dhomhanda.

Seán Byrne ó Choláiste Pobail na Craobhaí i gContae Chill Mhantáin, buaiteoir na Duaise 'An Eolaíocht ar son na Forbartha'. Grianghraf: Maxwell's/RGET

Scoláirí ó Ardscoil Cailíní Nakuru in Nakuru ag éisteacht le linn ceardlainne IoT le Angaza Elimu, ag foghlaim tuilleadh faoi scileanna fórsa saothair an 21ú haois ag gníomhaíocht for-rochtana Nakuru. Grianghraf: YSK

Eolaithe Óga na Céinia

I gcomhpháirtíocht le Liquid Telecom agus Angaza Elimy, tá Eolaithe Óga na Céinia ag sárú constaicí freisin trí dheiseanna cothroma a thabhairt do chailíní chun páirt a ghlacadh i gceardlanna teicneolaíochta ina bhfoghlaimíonn scoláirí faoi Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) le linn gníomhaíocht for-rochtana ag Ardscoil Cailíní Nakuru.

Scoileanna Domhanda WorldWise:

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS) clár náisiúnta oideachais saoránachta (GCE) na hÉireann i gcomhair iar-bhunscoileanna, lena gcuirtear oiliúint, maoiniú, acmhainní agus treoir ar fáil in aon áit amháin le haghaidh scoileanna iar-bhunscoile chun páirt a ghlacadh in GCE. Tá WWGS á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas na n-eagraíochtaí seo a leanas páirteach: Help Africa, Concern Worldwide agus Aonad Forbartha Curaclam Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. Is marc cáilíochta Oideachas Forbartha (OF) é Gradam an Phas Dhomhanda a chuireann creat ar fáil do scoileanna chun OF a chomhtháthú ina dteagasc agus ina bhfoghlaim. In 2019, chuir WWGS acmhainní nua atá nasctha leis an gcuraclam maidir le 'Oideachas Forbartha a Dhéanamh sa Tíreolaíocht' agus 'Oideachas Forbartha a Dhéanamh sa Stair' (féach thíos). Tá gach acmhainn á aistriú go Gaeilge anois.

Plé painéil ag Clár Tacadóirí SFI 2019 'Taispeántas Taithí'. Ó chlé go deas: Elaine Mahon, Cumann Oideachais Forbartha na hÉireann, Mbemba Jabbi, Lárionad na hAfraice in Éirinn agus Don Tuan Phuong, Ionad na Staidéar Forbartha Inbhuanaithe, Vítneam. Grianghraf: Niamh Murphy. Grianghraf: Scoileanna Domhanda WorldWise

Development Perspectives - Dúshlán SFI

Is é sprioc an dúshláin SFI, arna chur chun feidhme ag an eagraíocht neamhrialtasach um oideachas forbartha, Development Perspectives, atá lonnaithe i nDroichead Átha, tacú le gréasán náisiúnta ceannairí pobail agus cleachtóirí oideachais aosaigh agus pobail (OAP) atá ar an eolas faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus atá ag gníomhú chun iad a chur chun feidhme go rathúil in Éirinn.

Ba chuid thábhachtach den tionscadal é go dtí seo nasc a dhéanamh le comhpháirtí Éireannach amháin in aghaidh na míosa chun luach a chur leis an sprioc sin. In 2019, bhunaigh an dúshlán SFI caidreamh le 12 chomhpháirtí. Áiríodh orthu sin an obair le Community Reuse Network chun aghaidh a thabhairt ar SFI 12 maidir le Tomhaltas agus Táirgeacht Fhreagrach; agus an tIonad um Staidéar Úruisce agus Comhshaoil ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan faoi SFI 6, Uisce Glan agus Sláintíocht.

Gradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan

Trí Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan, cuireann clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann feasacht chun cinn i mbunscoileanna ar shaincheisteanna forbartha, ar obair chlár cúnaimh na hÉireann, agus ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ba é téama ghradaim 2019 ná Ná Fág Aon Duine ar gCúl. Roghnaíodh seasca scoil ón 102 scoil a chuir tionscadail isteach ar an gceithre chraobh réigiúnacha a bhí ar siúl i Sligeach, Luimneach, Corcaigh agus i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine. D'fhreastail an 12 scoil is fearr ar an gCraobh Náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 11 Meitheamh 2019. Fógraíodh scoláirí S.N. Ghlór na Mara, Trá Mór, Co. Phort Láirge mar na buaiteoirí iomlána as a dtionscadal 'Do One Thing and Leave No One Behind'.

Bronnadh an duais 'Scoil Nua Is Fearr na Bliana' ar Bhunscoil Shinsearach Dhún Búinne, Dún Búinne, Co. na Mí. Bronnadh múinteoir na bliana ar Fiona Feely agus ar Mairead McHugh araon ó Scoil Speisialta Naomh Micheál, an Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin. Léirigh tionscadal a scoláirí foghlaim dhomhain fhiúntach ar chláir chomhoibrithe forbartha na hÉireann.

Ceardlanna Chúnamh Éireann do Scoileanna agus Coláistí

Cuireann Ionad Chúnamh Éireann atá suite i gcathair Bhaile Átha Cliath ceardlanna oideachasúla saor in aisce ar fáil maidir le cláir chomhoibrithe forbartha na hÉireann agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe atá dírithe ar scoláirí bunscoile, iar-bhunscoile agus tríú leibhéal.

In 2019, d'fhreastail Ceardlanna Ionad Chúnamh Éireann ar:

- 1,805 scoláire bunscoile
- 4,222 foghlaimeoir iar-bhunscoile
- 1,564 mac léinn Tríú Leibhéal

In 2019, chuir éascaitheoirí Ionad Chúnamh Éireann cúnamh forbartha na hÉireann i láthair freisin trí fhor-rochtain oideachasúil ag imeachtaí seachtracha, amhail Science Blast BSL a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath, i Luimneach agus i mBéal Feirste, Gradam Comhshaolaí Óig ECO-EOECNA, Taispeántas BT d'Eolaithe Óga agus Teicneolaíocht, babhtaí ceannais réigiúnacha agus náisiúnta Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan agus Aonach Saorálaíochta Chúnamh Éireann/Comhlámh.

Imríonn Scoil Náisiúnta Chill na Gráinsí, Gráinseach na Déin, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath, an Cluiche SFI ag Ionad Chúnamh Éireann, an 25 Meán Fómhair 2019. Grianghraf: Ionad Chúnamh Éireann/RGET

45 Bliain de Chlár Comhaltachtaí na hÉireann

Ba é 2019 comóradh 45 bliain ar Chlár Comhaltachtaí na hÉireann a thacaíonn le mná agus le fir ghairmiúla atá i lár a ngairmréime agus a bhfuil cumas ceannaireachta iontu clár bliana ar leibhéal Máistreachta a dhéanamh ag Ollscoil nó ag Institiúid Teicneolaíochta Éireannach. Tá breis agus dhá mhíle scoláireacht bronnta ar rannpháirtithe ó thíortha i mbéal forbartha ó 1974.

Tá an clár leathnaithe ag Éirinn le blianta beaga anuas agus in 2019, bhí an Eiritré agus an Phalaistín san áireamh den chéad uair. In 2019, tháinig 122 mac léinn ó thíortha comhpháirtíochta incháilithe go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh in Institiúidí Ardoideachais. Nuair a fhilleann siad abhaile, tugann na céimithe sin scileanna nua leo chun cur leis an bhforbairt ina dtíortha dúchais agus chun cabhrú i leith gréasán domhanda tionchairí a fhorbairt a bhfuil gaol acu le hÉirinn agus tuiscint uirthi.

CÁS-STAIDÉAR

Tala Zeitawi, faighteoir Comhaltachta Palaistíní

Is saorghrianghrafadóir agus saorscannánóir faisnéise í Tala. Díríonn a saothar ar éagsúlacht chultúrtha, ar mhionlaigh agus ar phobail imeallaithe sa Phalaistín. Dhírigh an tionscadal is déanaí uaithi ar champa dídeanaithe in Ramallah ó dhearcadh na leanaí. Chuir Tala iarratas isteach ar an MA sa Chleachtas Cruthaitheach in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (ITGM) chun a cuid eolais a leathnú, a scileanna a fheabhsú, agus chun foghlaim ó dhaoine ó chúlraí agus ó chultúir éagsúla. *'Cuireann an cúrsa ar mo chumas féachaint ar chruthaitheacht daoine eile agus foghlaim uathu, agus an-chuid cineálacha ealaíon á dtabhairt le chéile, agus nocht sé staidéar samhlaíoch, taiscéalach agus idirdhisciplíneach dom trí réimse meán agus cur chuige,' a deir Tala. 'Díríonn an cúrsa ar ár spriocanna agus ár ngairmeacha amach anseo, rud a thaitníonn liom.'*

Deir Tala gur bhain féile mhuintir na hÉireann siar aisti, agus go bhfuil an neamhspleáchas iomlán atá aici i measc na n-eispéireas is fearr ina saol. Tá súil ag Tala go gcuirfidh an t-am a chaitheann sí in Éirinn ag obair ar a céim Máistir feabhas ar a saothar cruthaitheach a chabhróidh léi feasacht a dhíriú ar phobail a ndearnadh faillí orthu, go háirithe na daoine a chónaíonn i gcampaí plódaithe dídeanaithe, trí scannáin faisnéise a dhéanamh. *'Creidim go gcabhraíonn deiseanna ar nós an ceann a tugadh domsa mar chuid de Chlár Scoláireachta na hÉireann-na Palaistíne ár dtír a fheabhsú,'* a deir sí.

Tala Zeitawi, Comhalta Chúnamh Éireann, 2019.
Grianghraf: Harshita Srivastava

Ár gComhpháirtíochtaí

In Fandema, scoil ar chósta thiar na Gaimbia, tá tionscadal leis an gCumann Mbolo le tacaíocht ón Aontas Eorpach ag cumhachtú mná óga trí oiliúint a chur orthu i réimse na bhfuinneamh in-athnuaite.
Grianghraf: Fatou Ellika Muloshi agus Guillaume Sanchez/AE

Ag obair leis an Aontas Eorpach

Is iad an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit na soláthraithe cúnaimh is mó ar domhan, ag soláthar thar ar €75.24 billiún i gCúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) in 2019. Is ionann sin agus breis agus leath de COF domhanda.

Cuireann Éire le maoiniú forbartha idirnáisiúnta a bhainistíonn an tAontas Eorpach tríd an gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF), trí Shaoráid an Aontais Eorpaigh do Dhídeanaithe sa Tuirc, agus trí Chistí Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic agus don Cholóim. In 2019, b'fhiú €54.32 billiún ranníocaíocht mheasta na hÉireann dóibh sin. Tugann Éire freisin trínár ranníocaíochtaí do bhuiséad an Aontais Eorpaigh – úsáidtear €9 mbilliún de sin do COF – agus in 2019 úsáideadh breis agus €15 mhilliún de ranníocaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach le haghaidh maoiniú forbartha idirnáisiúnta.

Táthar ag iarraidh deireadh a chur leis an leithcheal ar mhná agus ar chailíní agus tá an méid sin ag croílár luachanna na hEorpa, agus oibríonn an tAontas Eorpach chun saol na mban agus na gcailíní ar fud an domhain a fheabhsú. In 2018, le breis agus 68 faoin gcéad den chomhoibriú a mhaoinigh an tAontas Eorpach cuireadh comhionannas inscne agus cumhachtú na mban chun cinn, agus tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún Eorpach comhionannas inscne a chur chun cinn thar 85 faoin gcéad dá thionscadail faoi 2020. Leis an dara Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne ón Aontas Eorpach, a bhaineann le 2016 go dtí 2020, dírítear ar thrí réimse gníomhaíochta: Sláine fhisiceach agus shíceolaíoch ban agus cailíní a chinntiú; cumhachtú/cearta sóisialta agus eacnamaíocha na mban agus na gcailíní a chur chun cinn; agus guth agus rannpháirtíocht ban agus cailíní a neartú.

D'eascair na torthaí seo a leanas as gníomhaíochtaí a mhaoiníonn an tAontas Eorpach:

- Tá imdhíonadh iomlán faighte ag beagnach 64 milliún leanbh bliain d'aois le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- Tá breis agus 10 milliún leanbh curtha ar rolla san oideachas le tacaíocht ón Aontas Eorpach, thart ar leath acu ar cailíní iad.
- Tá cúnamh ón Aontas Eorpach faighte ag 1.5 milliún imirceach, duine easáitithe le forneart, agus duine sna pobail óstacha.
- Tá modhanna frithghiniúna nua-aimseartha á n-úsáid ag breis agus 13 mhilliún bean d'aois atáirgthe le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- Cuireadh €500 milliún i dtreo deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ar fud an domhain faoin Tionscnamh Spotsolais leis na Náisiúin Aontaithe.
- Bhain 39,000 bean agus cailín ar a laghad tairbhe dhíreach as idirghabhálacha ar thug an tAontas Eorpach tacaíocht dóibh a dhíríonn go sonrach ar thacaíocht a thabhairt do chothú sibhialta na síochána i ndiaidh coinbhleachta agus/nó do choinbhleachtaí a chosc.
- Fuair breis agus 16.8 milliún duine rochtain ar leictreachas le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- Bhain breis agus 1 mhilliún duine tairbhe as oiliúint ghairme nó scileanna le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- Bhí straitéisí um athrú aeráide nó tubaiste á bhforbairt nó i bhfeidhm ag 91 tír le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- Rinneadh beagnach 7 milliún heicteár eiceachórais a chosaint a bhuí le tionscnaimh an Aontais Eorpaigh.
- Tugadh cúnamh do 42,000 íospartach sáruithe chearta an duine le tacaíocht ón Aontas Eorpach.
- D'fhreastail idirghabhálacha a bhaineann le cothú ar bhreis agus 5 mhilliún bean d'aois atáirgthe, ógánach baineann agus leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois – buachaillí san áireamh – le tacaíocht ón Aontas Eorpach.

Tacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhionannas Inscne

Is comhpháirtíocht é an Tionscnamh Spotsolais AE-NA idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe chun deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní. Seoladh é in 2017 le buiséad €500 milliún agus dhá bhliain níos déanaí, tá breis agus 20 tír ar fud na hAfraice, na hÁise, Mheiriceá Laidinigh, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin ag déanamh cláir Spotsolais a chur chun feidhme.

San Afraic, tá an Libéir, Mailí, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Nigéir, an tSiombáib agus Uganda go léir ag glacadh páirte, agus tá €250 leithdháilte chun cabhrú i leith deireadh a chur leis an bhforéigean gnéis agus inscne. Tá gné réigiúnach ann freisin chun cur le tionscnaimh atá ann cheana a bhaineann le ciorrú ball giniúna ban agus pósadh leanaí a chomhrac.

San Áise, tá an Tionscnamh Spotsolais ag cur €25 milliún ar fáil do thionscadal dar teideal 'Sábháilte agus Cothrom' chun tacú le hoibrithe imirceacha ban i réigiún ASEAN. Tá sé mar aidhm aige cosaint na n-oibrithe imirceacha mná a fheabhsú agus soghontacht na n-oibrithe sin i leith an fhoréigin agus gáinneála a laghdú. Tá faisnéis faighte ag breis agus 5,000 oibrí imirceacha ban agus ag a dteaghlach faoi dheireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus faoin imirce shábháilte, agus sroicheadh breis agus milliún duine trí fheachtais phoiblí faoin imirce shábháilte chothrom.

Seasann bean Ghaimbiach ina feirm atá in úsáid ar bhealach nua agus a bhain tairbhe as uasghráduithe saoráide le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach agus le hiarrachtaí cur chun feidhme United Purpose agus WASDA.
Grianghraf: Fatou Ellika Muloshi agus Guillaume Sanchez/AE

Ag obair leis na Náisiúin Aontaithe

PRÍOMHTHORTHAÍ NA NÁISIÚN AONTAITHE

Rinne UNICEF, le tacaíocht ó Éirinn agus tíortha eile, an méid seo a leanas in 2019:

- Cuireadh ábhair foghlama aonair ar fáil do 12.5 milliún leanbh.
- Cuireadh ábhar oideachais ar fáil do níos mó ná 248,396 seomra ranga.
- Sroicheadh 8.8 milliún leanbh le tacaíocht oideachais i gcásanna daonnúla.
- Tacaíodh le 3,500,000 leanbh a chónaíonn i suíomhanna géarchéime daonnúla chun tacaíocht shíceasóisialta a fháil.

In 2019, lean Éire ag tacú le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe chun síocháin a chothú, folláine daoine a fheabhsú agus cearta an duine agus riail an dlí a chur chun cinn. Amhail na gaolta domhanda eile atá againn, ba ghné láidir dár rannpháirtíocht beartais leis na Náisiúin Aontaithe iad saincheisteanna comhionannais inscne.

Is iomaí cineál rannpháirtíochta atá ann le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. In 2019, ba í Éire Leas-Uachtarán Ghrúpa Stáit Iarthar na hEorpa agus Stát Eile do Bhord Feidhmiúcháin UNDP/UNFPA/UNOPS. Rinne Éire cathaoirleacht rathúil ar an gCoimisiún um Stádas na mBan ar a sheisiúin in 2018 agus 2019, a chinntigh go ndearnadh idirbheartaíocht ar bhonn comhthola ar fud 193 ballstát na Náisiún Aontaithe maidir le doiciméad deiridh an Choimisiúin, agus gur glacadh é trí chomhthoil chomhaltaí an Choimisiúin. Le linn an dá sheachtain den Choimisiún, d'óstáil Éire imeachtaí ar an taobh maidir le hoideachas le linn éigeandálaí; maidir le mná, síocháin agus slándáil; maidir le foréigean inscne i gcomhthéacsanna daonnúla; agus maidir le buiséadú inscne le comhpháirtithe éagsúla.

I gcomhréir le prionsabal an deonacháin mhaith agus chun cabhrú i leith na tosaíochtaí a leagtar amach in *Domhan Níos Fearr*, a chur chun cinn, cuireadh maoiniú tábhachtach ar fáil do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe le ról lárnach maidir leis an mbochtaineacht a chomhrac trí infheistíochtaí straitéiseacha agus dírithe i gcomhionannas inscne agus i gcumhachtú na mban. Sampla tábhachtach den mhéid sin ná tacaíocht an róil normataigh agus cosaint chearta na gcailíní agus na mban ag Mná na Náisiún Aontaithe, agus iarrachtaí UNFPA chun sláinte agus cearta atáirgthe a chinntiú.

2018 UNFPA State of the World Population Report (SWOP). Minister Madigan, Executive Director Natalia Kanem, Nicola Brennan, Jacqueline Mahon, Alice Mary Higgins, Maeve Taylor, Niall Behan. Photo: DFAT

Tugadh maoiniú tábhachtach freisin do ghníomhaireachtaí ar nós UNDP a oibríonn chun rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban a chur chun cinn agus chun straitéisí inscne-fhreagrúla a neartú sa chosaint géarchéime, san ullmhacht agus téarnamh, athrú aeráide san áireamh. Áirítear le hiarrachtaí UNICEF chun aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne déantar comhpháirtíocht leis an earnáil oideachais lena chinntiú go n-éiríonn go maith le cailíní agus buachaillí ina dtimpeallachtaí foghlama, aimsítear conairí le haghaidh fostaíocht fhiúntach agus, go háirithe do chailíní óga, infheistítear i leathnú na n-ardán digiteach, na hoiliúna gairme agus na bprintíseachtaí.

Leas-Uachtarán Bhord Feidhmiúcháin UNDP/UNFPA/UNOPS (2018) Ghrúpa Stáit Iarthar na hEorpa agus Stát Eile. Orla Murphy, Stephanie O'Brien, an tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason, Sarah McGrath, Jill Clements, Juliet Relihan. An Chéad Ghnáthsheisiún de chuid Bhord Feidhmiúcháin UNDP/UNFPA/UNOPS (2018). Grianghraf: RGET

Cuireadh tacaíocht ar fáil do na Náisiúin Aontaithe freisin i rith na bliana i dtíortha comhpháirtíochta na hÉireann i réimsí ar nós coimirce shóisialach, cothú, oideachais agus VEID/SEIF. Dhírigh sé ar a chinntiú nach bhfágtar aon duine ar gcúl, go háirithe mná agus cailíní.

Lean Éire freisin le tacaíocht a thabhairt do roinnt Cistí Iontaobhais tábhachtacha faoi choimirce Mhná na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Díothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan, an t-aon sásra domhanda maidir le deontas a thabhairt atá go hiomlán tiomanta do dheireadh a chur le gach saghas foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní. Ónar bunaíodh é in 1996, tá tacaíocht tugtha aige do 572 tionscnamh i 140 tír agus críoch, le deontas USD$175 milliún san iomlán. Tacaíonn an Ciste Iontaobhais le tionscadail a thugann aghaidh ar an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, a chuireann cosc ar an bhforéigean sin agus a chuireann deireadh leis, i dtrí phríomhréimse: rochtain do mhná agus do chailíní a fheabhsú ar sheirbhísí ilearnála riachtanacha sábháilte sásúla; cur chun feidhme reachtaíochta, beartas, pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus córais chuntasachta a chur chun cinn; agus cosc ar an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chur chun cinn. In 2019, bhí sé in ann beagnach USD$40 milliún a infheistiú i 79 tionscadal de chuid eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fud 47 tír, a dhá oiread den sprioc a bhí aige do dheontais 2020.

Ba chomóradh 25 bliain é 2019 ar Chomhdháil Idirnáisiúnta Chairo maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD), nuair a labhair ceannairí domhanda faoi Chlár Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an ngaol idir daonra, forbairt agus folláine aonair, agus nuair a glacadh leis. I mí na Samhna, rinne UNFPA, le Rialtais na Danmhairge agus na Céinia, Cruinniú Mullaigh Nairobi a chomhthionól ar ICPD25. Le breis agus 8,000 rannpháirtí, rinneadh 1,200 gealltanas chun deireadh a chur le básanna máthar agus le foréigean inscne agus cleachtais dhíobhálacha in aghaidh na mban agus na gcailíní. Ba chloch mhíle thábhachtach é an Cruinniú Mullaigh san iarracht dhomhanda chun Clár Gníomhaíocht a ICPD a chríochnú. Bhí an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone T.D., i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann, lenar áiríodh comhaltaí ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil, ionadaithe óige, agus polaiteoirí. Dúirt an tAire Zappone

'Níos luaithe i mbliana, sheol mo rialtas beartas nua na hÉireann maidir le Forbairt Idirnáisiúnta, Domhan Níos Fearr, rud a d'athdhearbhaigh tiomantas na hÉireann do luachanna agus prionsabail Chaireo mar chuid dár n-iarrachtaí domhan níos cothroime, níos síochánta agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Le Domhan Níos Fearr, tá Éire tiomanta d'acmhainní agus d'acmhainn a mhéadú i réimsí atá ag teacht le ICPD+25: áirítear orthu sin comhionannas inscne, sláinte gnéis agus atáirgthe, agus cumhachtú eacnamaíoch na mban, le béim ar thionchair na ngéarchéimeanna daonnúla a mhaolú, mar aon le cuidiú le cosc agus réiteach coinbhleachta. Beidh clár oibre ICPD a chur chun cinn agus a chosaint ina chuid thábhachtach de chur chun feidhme Domhan Níos Fearr.'

Tá sé measta ag UNFPA go gcosnóidh sé thart ar USD$264 billiún chun Plean Gníomhaíochta ICPD a chur chun feidhme – tá iarrachtaí comhbheartaithe de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar an ngnó nach bhfuil críochnaithe.

An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce

In 2019, chuir Éire tacaíocht thábhachtach ar fáil don Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) den chéad uair, i measc líon beag deontóirí a rinne amhlaidh. Is é IOM an phríomheagraíocht idir-rialtais i réimse na himirce agus oibríonn sé go dlúth le rialtais, leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta. Leis an maoiniú tábhachtach sin, tugadh aitheantas don ról ceannaireachta atá á ghlacadh ag IOM laistigh de na Náisiúin Aontaithe maidir lena chinntiú go gcuirtear an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce chun feidhme sa ghnáthshaol. San iomlán, tá beagnach €100 milliún curtha ar fáil ag Éirinn i gCúnamh Oifigiúil Forbartha don imirce agus forbairt, agus do shaincheist na ndídeanaithe, ó 2015.

Ataisé Talmhaíochta sa Róimh, Paul Kiernan, ag labhairt ag an gcomhdháil i Kigali. Ambasadóir na hÉireann chuig Ruanda, William Carlos, dá dheis. Grianghraf: FAO

An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta agus an Clár Domhanda Bia

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) i gceannas ar chomhpháirtíocht na hÉireann le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) agus le Clár Domhanda Bia (WFP) na Náisiún Aontaithe. In 2019, chuir Éire €19 milliún ar fáil do WFP i dtacaíocht nach raibh curtha in áirithe agus a bhí go hiomlán solúbtha, rud a chumasaigh freagairt thapa na gníomhaireachta ar ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain agus a d'fhreastail ar phobail a bhí ag streachailt le tubaistí nádúrtha agus le coinbhleacht le bia agus le hearraí riachtanacha eile.

Cuimsítear i gcomhpháirtíocht na hÉireann le FAO tacaíocht le réimse tionscadail talmhaíochta inbhuanaithe, gníomhaithe ar son na haeráide agus forbartha athléimneachta san Afraic Fho-Shahárach go príomha chun slándáil bia a bhaint amach agus chun rochtain daoine ar bhia d'ardchaighdeán a chinntiú. In 2019 chuir Éire €3.36 milliún ar fáil do FAO.

I measc bhuaicphointí na comhpháirtíochta in 2019 bhí ceardlann ardleibhéil na hearnála príobháidí agus poiblí do rannpháirtithe ó Angóla, ón Tansáin, ón Chéinia, ón Ruanda agus ó Uganda. Bhí baint ag Aonad Forbartha Feidhmiúcháin Smurfit ag an Scoil Ghnó Iarchéime ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath lena dearadh agus lena seachadadh, ag obair le FAO agus leis an Aontas Afracach araon.

Arna hóstáil in Kigali, Ruanda, chuir an cheardlann oiliúint feidhmiúcháin ar fáil do cheannairí tionscail Earnáil Phoiblí agus Bhia na hAfraice maidir le córais náisiúnta bhia inbhuanaithe a fhorbairt. Agus cur chuige comhoibrithe theas-theas agus triantánach á úsáid, dearadh é chun an fhoghlaim a uasmhéadú ar fud na gcúig thír Afracacha a ghlac páirt, agus taithí agus saineolas FAO, an Aontais Afracaigh agus gníomhaithe rialtas na hÉireann agus na hearnála príobháidí á n-úsáid aige.

D'úsáid an cheardlann taithí na hÉireann ó Food Wise 2025, ag díriú ar chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh an earnáil agus an tsochaí iomlán (Rialtas, sochaí shibhialta, earnáil phríobháideach, agus institiúidí acadúla agus taighde) i gceist sa chur chuige maidir leis an bhforbairt talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba é an aidhm a bhí aige na tíortha rannpháirteacha a chur ar an eolas agus tionchar a bheith acu ar an gcaoi a ndéanfaidís a gCláir Náisiúnta Infheistíochta Talmhaíochta (NAIP) a fhorbairt.

Tá FAO ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do thíortha rannpháirteacha maidir le torthaí na ceardlainne a chur chun cinn agus tá suim léirithe ag an Aontas Afracach agus roinnt tíortha Afracacha eile i dtacaíocht bhreise a fháil ó FAO agus ó Éirinn.

Caroline Keeling, POF Keelings Group, ag labhairt ag an Athbhreithniú Domhanda ar Aid for Trade, sa Ghinéiv.
Grianghraf: Laurena Arribat/ITC

8 OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR

10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

Aid for Trade

Le cúnamh, tugtar cabhair thábhachtach ach beag d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta inbhuanaithe tíre. Tá cuid mhaith tíortha i mbéal forbartha ag brath níos lú ar chúnamh agus tá siad ag déanamh a gcuid acmhainní féin trí thrádáil agus trí infheistíocht. Tá Éire ag tacú leis na tíortha sin chun a ngeilleagair a fhorbairt agus an trádáil a úsáid chun na hacmhainní agus ioncam a dhéanamh a theastaíonn uathu chun iad féin a bhaint as an mbochtaineacht.

I mí an Mheithimh 2019, thosaigh Éire ar théarma bliana mar Uachtarán ar Bhord Trádála agus Forbartha Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD). I mí Iúil, fuair 20 rannpháirtí ó phoirt Chamarún, Ghána, na hIndinéise, na Céinia, na Malaeisia, na Nigéire agus na nOileán Filipíneach teastais ag deireadh Chlár Bainistíochta Poirt UNCTAD ag oifig Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste. I mí Iúil freisin, rinne Éire, in éineacht leis an Lárionad Trádála Idirnáisiúnta (ITC), an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe, comhóstáil ar imeacht taoibh ag an Athbhreithniú Domhanda ar an gCúnamh don Trádáil ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála i nGinéiv, a dhírigh ar chumas inbhuanaitheachta na mban i slabhraí luacha domhanda. I mí Mheán Fómhair, thug Stiúrthóir Feidhmiúcháin an ITC, Arancha González, cuairt ar Éirinn, rud a chuir deis ar fáil comhpháirtíocht na hÉireann leis an gcomhlacht a neartú. Mar aon le cruinnithe leis an Rialtas, chas Arancha González ar an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Bord Bia agus Proudly Made in Africa le linn a cuairte.

Oibriú le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais

Hilawit Asrat agus Enate Dejene ón Ethiopia Electric Utility (EEU). Trí IDA, tá Grúpa an Bhainc Dhomhanda ag tacú le Clár Leictriúcháin na hAetóipe a bhfuil sé mar aidhm aige institiúid fuinnimh níos cothroime a chruthú, ag tosú le cabhrú le EEU chun cothroime inscne níos fearr a bhaint amach i measc na ceannaireachta agus a fhórsa saothair.
Grianghraf: Inka Schomer/An Banc Domhanda

Déanann Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFInna) ar nós Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda (WBG), Bhanc Forbartha na hAfraice (AfDB) agus Bhanc Forbartha na hÁise (ADB) tacaíocht shuntasach theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha chun deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht, chun borradh a chur faoin rathúnas comhroinnte agus chun cabhrú i leith na SFInna a bhaint amach. Is cuid thábhachtach de COF na hÉireann é tacú le IFInna. Cuireann IFInna airgeadas forbartha ar fáil trí dheontais agus trí iasachtaí agus forbraíonn siad acmhainn trí chabhair theicniúil. Forbraíonn siad eolas trí thaighde agus tá ról tábhachtach tionóil acu maidir le spriocanna domhanda beartais forbartha. Mar thoradh ar chomhlachas na hÉireann sna hinstitiúidí sin agus an cuidiú a thugaimid dóibh, is féidir linn ár luachanna mar a leagtar amach iad in *Domhan Níos Fearr*. a chur chun cinn. Éascaítear leo freastal níos leithne domhanda agus réigiúnach agus táimid in ann tionchar a imirt ar bheartais atá chun leasa daoine agus pobal i dtíortha i mbéal forbartha agus daoine atá thíos le géarchéimeanna daonnúla.

An tAire Airgeadais Paschal Donohoe T.D. ag labhairt ag cruinniú le linn Chruinnithe Bliantúla CAI-an Bhainc Dhomhanda i mí Dheireadh Fómhair 2019.
Grianghraf: An Roinn Airgeadais

Grúpa an Bhainc Dhomhanda

Tá Grúpa an Bhainc Dhomhanda ar cheann de na foinsí is mó maoinithe agus eolais le haghaidh tíortha i mbéal forbartha ar domhan. Is iad na comhspriocanna atá aige ná deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus an rathúnas comhroinnte a chur chun cinn. Ba bhliain chinniúnach é 2019 don Ghrúpa, agus comhaontú chun a acmhainn airgeadais a mhéadú agus a scairsheilbh a ailíniú ag teacht i bhfeidhm. Ciallaíonn sin go mbeidh acmhainn bhliantúil iasachtaithe USD$100 billiún ag Grúpa an Bhainc Dhomhanda faoi 2030.

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as gaol na hÉireann leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFInna) a bhainistiú, lena n-áirítear an Ciste Airgeadais Idirnáisiúnta (IMF), Grúpa an Bhainc Dhomhanda (WBG), an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB), Banc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar (AIIB), Banc Forbartha na hÁise (ADB) agus Banc Forbartha na hAfraice (AfDB). Is é príomhchuspóir na Roinne dul i gcion ar straitéisí agus ar bheartais aonair IFInna chun leas geilleagrach agus beartais na hÉireann, lena n-áirítear tosaíochtaí forbartha idirnáisiúnta, a léiriú agus a chur chun cinn. Oibríonn oifigigh na Roinne freisin chun comhleanúnachas, éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú thar chomhlachas IFI na hÉireann.

In 2019, ghlac oifigigh na Roinne Airgeadais páirt in idirbheartaíochtaí maidir le hathlánú tréimhsiúil an Chomhlachais Forbartha Idirnáisiúnta (IDA), ciste WBG do na tíortha is boichte leis an rochtain is lú ar mhaoiniú. Maoinítear IDA le ranníocaíochtaí óna gcomhaltaí is saibhre den chuid is mó. Tarlaíonn athlánú IDA, tráth a dtugann ranníocóirí IDA a ngealltanais, gach trí bliana.

Cuireadh tús le cainteanna maidir le tosaíochtaí straitéiseacha 19ú hAthlánú IDA ('IDA 19') i mí na Samhna 2018 agus chuaigh comhairliúcháin ar aghaidh le linn 2019. Rinne ionadaithe ó thíortha iasachtaí agus deontóra, Éire san áireamh, téama uileghabhálach a chomhaontú do IDA 19 - 'Deich mBliana go dtí 2030: Fás, Daoine agus Athléimneacht' lenar cuireadh creat ar fáil i gcomhair na gcúig théama speisialta atá ag IDA 19 – athrú aeráide; leochaileacht, coinbhleacht agus foréigean; inscne; rialachas agus institiúidí; agus poist agus claochlú geilleagrach – agus lenar cuimsíodh ceithre shaincheist trasnaí – fiachas; míchumas; caipiteal daonna; agus an teicneolaíocht.

Le linn an phróisis, d'oibrigh oifigigh ón Roinn Airgeadais go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha lena chinntiú gur léiríodh tosaíochtaí forbartha idirnáisiúnta na hÉireann le cuspóirí beartais IDA 19, go háirithe i réimsí an chomhionannais inscne, gníomhaithe ar son na haeráide agus Stáit Oileánacha Beaga i mBéal Forbartha. Tar éis na tiomantais beartais ba ghá a fháil, gheall Éire €102 milliún, méadú breis agus 10 faoin gcéad ar ár dtiomantas IDA 18, ag cruinniú deiridh IDA 19 i mí na Nollag 2019.

ÉIRE AGUS AN TIONSCADAL CAIPITIL DHAONNA

In 2019, chuaigh Éire isteach i nGréasán Thionscadal Caipitil Dhaonna (HCP) an Bhainc Dhomhanda a oibríonn le breis agus 60 tír chun tosaíochtaí maidir le forbairt caipitil dhaonna a fhorbairt – ag infheistiú sa tsláinte, san oideachas agus i scileanna saoránach mar mhodh chun táirgiúlacht a fheabhsú agus fás eacnamaíoch a spreagadh. Ar cheann de na huirlisí a forbraíodh le linn an tionscnaimh tá an tInnéacs Caipitil Dhaonna (HCI) lena ndéantar iarracht an pháirt a ghlacann an tsláinte agus an t-oideachas i dtáirgiúlacht na chéad ghlúine eile oibrithe a thomhas, agus lena leagtar béim ar éagsúlachtaí i dtaithí na bhfear agus na mban, na gcailíní agus na mbuachaillí. Rangaíodh Éire go hard sa chéad HCI, tugadh cuireadh di bheith ina comhalta de Ghréasán HCP agus glacfaidh sí páirt i gcás-staidéar chun aird a tharraingt ar thorthaí dearfacha na hinfheistíochta caipitil dhaonna, go háirithe sa tsláinte agus san oideachas.

CISTÍ AN BHAINC DHOMHANDA A DTUGANN ÉIRE TACAÍOCHT DÓIBH

Tugann Éire airgead do roinnt Cistí a riarann an Banc Domhanda, lena dtacaítear le gníomhaíochtaí sonracha forbartha mar chomhlánú ar phríomh-mhaoiniú Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda. In 2019, thacaigh Éire le Cistí Iontaobhais atá sonrach do thíortha ar leith san Aetóip, i Laos agus in Uganda agus rinne sí ranníocaíocht le dhá Chiste Iontaobhais trí Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta (IFC) an Bhainc chun tacú leis an earnáil phríobháideach i dtíortha i mbéal forbartha. Ba iad sin an Tionscnamh um Stáit ina bhfuil Coinbhleacht san Afraic (CASA), ar chabhraigh Éire lena bhunú in 2008, agus an tSaoráid um Infheistíocht i Seirbhísí Comhairleacha Aeráide (FIAS). Oibríonn CASA chun cabhrú le Stáit Leochaileacha atá ag teacht as an gcoinbhleacht chun fiontar príobháideach a athfhorbairt, agus cuireann FIAS comhairle ar thíortha i mbéal forbartha maidir lena dtimpeallacht ghnó a fheabhsú, gníomhaíocht san earnáil phríobháideach a mhéadú agus infheistíocht isteach agus dhúchasach a spreagadh.

Leas-Uachtarán Bhanc Forbartha na hÁise Ahmed M. Saeed (ar dheis) agus an tAire Stáit Ciaran Cannon ag síniú oifigiúil Chiste Iontaobhais na Stát Oileánach Beag i mBéal Forbartha le linn oscailt Chruinniú Bliantúil Bhord Rialtóirí ADB ar an 1 Bealtaine 2019 in Nadi, Fídsí. Grianghraf: Richard De Guzman, ADB

Bainc Forbartha na hÁise agus na hAfraice, Banc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar

Faomhadh iarratas na hÉireann chun dul isteach i nGrúpa Bhanc Forbartha na hAfraice le linn Chruinniú Bliantúil Bhord Rialtóirí an Bhainc in Malabo, sa Ghuine Mheánchiorclach i mí an Mheithimh 2019. Is céim thábhachtach é comhaltas sa ghrúpa d'Éirinn agus cuirfidh sé taca faoina punann ar chomhoibriú déthaobhach ar fud na mór-roinne.

Chuir Éire lena rannpháirtíocht le Banc Forbartha na hÁise (ADB) freisin in 2019 trí thionscnamh ceannródaíoch a bhunú chun cabhrú le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha i réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin chun dul in oiriúint don Athrú Aeráide.

Tacóidh Ciste Iontaobhais na hÉireann ag ADB le hAthrú Aeráide agus le hAthléimneacht Tubaiste sna Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha le ciste €12m atá le riaradh ag ADB i gcomhar le hÉirinn agus le Stáit is tairbhithe. Ba thiomantas é an Ciste i Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus ar cheann de na príomhphrionsabail tá gur cheart go gcuimseofaí gnéithe suntasacha inscne i gcomhréir le straitéis an Bhainc maidir le cothromas inscne. Shínigh an tAire Ciaran Cannon an comhaontú as a dtáinig an Ciste Iontaobhais ag Cruinnithe Bliantúla ADB a bhí ar siúl i bhFidsí i mí na Bealtaine 2019.

Chuir Éire freisin in 2019 le forbairt chreat straitéiseach fadtéarmach Bhanc Forbartha na hÁise maidir leis an bhforbairt, Straitéis 2030, lena n-áirítear dul chun cinn luathaithe sa chomhionannas inscne mar cheann dá seacht dtosaíocht oibriúcháin. Mhol Éire go láidir go gcuimseofaí spriocanna sonracha uimhriúla chun comhionannas inscne a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn faoi 2030 le linn an phróisis dréachtaithe. Ina theannta sin, chuir Éire le forbairt chreat nua Torthaí Corparáideacha (CRF) do ADB, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019. Cabhróidh CRF le ADB chun a fheidhmíocht a mheas i leith forbairt níos rathúla, níos cuimsithí, níos athléimní, agus níos inbhuanaithe a bhaint amach san Áise agus san Aigéan Ciúin.

Le déanaí, i mí na Samhna 2019, thiomnaigh Éire €13.6 milliún do Chiste Forbraíochta na hÁise (ADF) ag comhdháil athlánaithe i Mainile. Cuireann ADF deontas ar fáil chun laghdú na bochtaineachta agus feabhsúcháin ar an gcáilíocht saoil a chur chun cinn sna balltíortha ísealioncaim i mbéal forbartha i réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin. Leis an athlánú is déanaí sin ar ADF – ar a dtugtar ADF 13 – cinnteofar gur gné é inscne de thionscadail mhaoinithe agus go n-úsáidfí deontais chun seasamh i gcoinne noirm shóisialta leithchealacha a spreagann an éagothroime inscne.

Ghlac Éire comhaltas i mBanc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar (AIIB) in 2017 agus in éineacht lena comhghleacaithe toghcheantair, mhol sí don Bhanc i gcónaí tús áite a thabhairt d'ionchorprú an chomhionannais Inscne agus Gníomhaithe ar son na hAeráide ina Straitéis Chorparáideach.

Cás-Staidéar Inscne 4



Tríd an scoil, tá an dúshuim ag Nyanyok i ndeireadh a chur le pósadh linbh: 'Troidfimid in aghaidh pósadh leanaí agus foréigean in aghaidh na mban.' Nyanyok in Melut, an tSúdáin Theas.
Grianghraf: Scovia Faida Charles Duku/World Vision Ireland

Oideachas do Chailíní sa tSúdáin Theas

Nuair a bhí sé beo, d'áitigh athair Nyanyok nach bhféadfadh sí dul ar scoil; ina ionad sin, bhí uirthi fanacht sa bhaile chun cabhrú lena máthair.
Tar éis d'athair Nyanyok bás a fháil sa troid in 2014, easáitíodh an teaghlach agus b'éigean dóibh bogadh go dtí campa do dhaoine a easáitíodh ina dtír féin.

Tacaíonn Éire le World Vision chun cearta na gcailíní agus na mban sa champa a chur chun cinn. Tá máthair Nyanyok páirteach anois i ngníomhaíochtaí World Vision chun cearta na gcailíní agus na mban a chur chun cinn. Anois, creideann máthair Nyanyok gur cheart do chailíní dul ar scoil freisin.

Chláraigh Nyanyok sa scoil a bhunaigh World Vision sa champa nuair a bhog siad. Tá sí i measc an líon cailíní atá ag dul i méid in Melut atá ar an eolas faoina cearta mar chailín, go háirithe ó thaobh oideachas a fháil.

'Tacaíonn mo mháthair liom agus spreagann sí mé chun léamh istoíche tar éis an tsuipéir. Roinnim mo bhrionglóidí léi, agus creideann sí ionam,' a deir Nyanyok a chreideann anois go mbeidh tuilleadh deiseanna aici amach anseo mar gheall ar an oideachas. *'Tá saol maith i ndán do chailíní amach anseo.'*

Éire i gcomhpháirtíocht le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna)

Tá an chomhpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta ina bunchloch de chlár forbartha thar lear na hÉireann. In 2019, lean na comhpháirtíochtaí sin ar aghaidh ag seachadadh tacaíocht ríthábhachtach do na pobail is leochailí ar domhan.

Cuireadh maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta trí roinnt scéimeanna maoinithe iomaíocha, lena n-áirítear an Deontas Cláir agus Ciste Sochaí Sibhialta, agus an scéim maoinithe iomaíoch d'eagraíochtaí misinéireachta a bhainistíonn Misean Cara.

Tá an maoiniú sin úsáidte ag eagraíochtaí chun seirbhísí ríthábhachtacha a sheachadadh ar an dream is faide chun deiridh, tríd an oideachas, coimirce shóisialach, an tsláinte agus trí thacaíocht talmhaíochta. Mar shampla, thacaigh Oxfam Ireland le 118 grúpa a ghineann ioncam sa Tansáin in 2019. Áiríodh ar na grúpaí sin feirmeoirí mná a bhfuil baint acu le táirgeadh meala, táirgeadh gairneoireachta, próiseáil ime pise talún, feirmeoireacht éisc agus i dtáirgeadh agus próiseáil lus na gréine. Thacaigh Brighter Communities Worldwide le hoiliúint 288 oibrí deonach sláinte an phobail sa Chúram Éigeandála Iargúlta, a chuireann feabhas ar chúram sláinte éigeandála do phobail in áiteanna iargúlta sa Chéinia. Le tacaíocht trí Mhisean Cara, chabhraigh eagraíochtaí misinéireachta le breis agus 84,000 duine le tionscadail slí bheatha inbhuanaithe i 16 thír, mar aon le hoideachas a sholáthar do bhreis agus 57,000 leanbh, lena n-áirítear breis agus 11,000 leanbh dídeanaithe.

Leis an maoiniú d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, cuirtear feabhsúcháin fhadtéarmacha sa rialachas agus i gcearta an duine chun cinn. In 2019, thacaigh Trócaire le pobail i nGuatamala, i Hondúras agus i Maenmar chun caingean dlí a thionscnamh chun rochtain ar a dtalamh agus ar acmhainní nádúrtha a chosaint; agus thacaigh sé le rannpháirtíocht le pobail san Aetóip chun comhionannas inscne, roinnt an tsaothair sa teaghlach, obair na mban gan íocaíocht, agus foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a phlé. In Uganda, d'oibrigh Saferworld le rialtas áitiúil chun a maoiniú a mhéadú do ghrúpaí ban atá ag cur cearta na mban agus cosc an fhoréigin inscne chun cinn. Chuir Front Line Defenders réimse cuimsitheach seirbhísí tacaíochta slándála digití ar fáil do chosantóirí chearta an duine, ar nós sonraí íogaire a chosaint, oiliúint ar uirlisí cumarsáide slána, agus suíomhanna gréasáin a chosaint ar ionsaí.

Tacaíonn clár COF na hÉireann leis an tsochaí shibhialta toisc go mbaineann sé torthaí amach don dream is faide chun deiridh, ach freisin toisc go n-aithníonn sé luach intreach na sochaí sibhialta láidre. Gan sochaí shibhialta ghníomhach, ní bhíonn an tsochaí chomh hionchuimsitheach agus bíonn ár ndaonlathais níos laige. Rangaítear Éire i gcónaí i measc an dá sholáthraí is airde per capita de COF déthaobhach ar an tsochaí shibhialta in OECD.

Le linn 2019, ghlac Éire ról ceannaireachta maidir leis an tsochaí shibhialta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta. I mí na Samhna 2019, d'óstáil Éire Seachtain na Sochaí Sibhialta i mBaile Átha Cliath, imeacht inar tugadh an tsochaí shibhialta agus deontóirí le chéile ó bhreis agus 30 tír. Tháinig sin i ndiaidh d'Éirinn páirt a ghlacadh (le spreagaithisc ón Aire Stáit Helen McEntee) i Seachtain na Sochaí Sibhialta de chuid Tascfhoireann OECD i bPáras i mí an Mheithimh agus rannpháirtíocht an Aire Seán Canney i bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta (HLPF) na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Iúil.

Tá bagairtí agus srianta atá ag méadú roimh an tsochaí shibhialta ar fud an domhain. Oibríonn Éire chun an tsochaí shibhialta a chosaint agus a neartú – trí leanúint le plé oscailte leis an tsochaí shibhialta, trí mhaoiniú rialtas na hÉireann d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus trí labhairt go láidir ar son spás don tsochaí shibhialta ar an ardán domhanda.

ActionAid Ireland – Athrú iompraíochta a úsáid chun tacú le mná agus le cailíní chun a gcearta a bhaint amach

Faigheann ActionAid Ireland maoiniú ó Éirinn le haghaidh a Chláir um Chearta na mBan (WPRII) san Aetóip, sa Chéinia agus i Neipeal. Tacaíonn WPRII le saol níos sábháilte agus níos seasmhaí ó thaobh an gheilleagair de a fháil do mhná agus do chailíní. Oibríonn WPRII freisin le fir agus le buachaillí chun iompraíocht dhearfach a spreagadh chun cearta na mban agus na gcailíní a chinntiú ina bpobail féin.

Baineann ActionAid Ireland agus an tIonad um Athrú Iompraíochta ag Coláiste na hOllscoile, Londain úsáid as Roth Athraithe Iompraíochta[1] an Ionaid le haghaidh obair inscne. Is éard atá i gceist leis sin ná próiseas anailíse a úsáidtear chun na hiompraíochtaí atá mar bhonn faoi fhadhb ar nós an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a thuiscint, chun iompraíochtaí dearfacha a aithint agus chun smaoineamh ar an gcaoi a dtéann cumas, deis agus spreagadh i bhfeidhm ar iompraíochtaí (COM-B). Tugann an Roth Athraithe Iompraíochta treoir freisin maidir leis an gcineál idirghabhálacha agus beartais a d'fhéadfadh tacú le hathrú níos leithne i sochaí.

I Neipeal, d'fhreagair idirghabháil amháin do ghnéaschiapadh ar bhusanna. Agus COM-B in úsáid aige, shainaithin an próiseas an stiúrthóir bus mar an príomhdhuine ar bhus a d'fhéadfadh stop a chur le heachtra gnéaschiaptha. D'fhéadfadh éifeacht iolraitheora a bheith ag iompraíocht dhearfach stiúrthóra bus ar phaisinéirí freisin. Oibríonn an clár le tiománaithe bus, ceardchumainn, agus cuideachtaí iompair anois chun athrú níos leithne a chur chun cinn. San Aetóip, oibríonn WRPII le pobal Menja chun deireadh a chur le cleachtais dhiúltacha thraidisiúnta a bhaineann leis an míostrú (ar nós iallach a chur ar mhná codladh lasmuigh le linn an mhíostraithe) agus tacaíonn sé le hobair maidir le slite beatha na mban a fheabhsú.

Tar éis trí bliana de chur chuige COM-B, tá ActionAid ag smaoineamh faoin gcaoi ar féidir é a leathnú ar fud Chónaidhm ActionAid. Tuigeann siad go bhfuil am ag teastáil ón gcur chuige agus go gcaithfidh sé a bheith stiúrtha ag an bpobal, agus creideann siad go láidir go gcruthaíonn COM-B na coinníollacha i gcomhair athrú sóisialta níos seasmhaí.

[1] Feic https://www.ucl.ac.uk/behaviour-change/ chun tuilleadh eolais a fháil faoin Roth Athraithe Iompraíochta

CÁS-STAIDÉAR

Celestine Janji, an Chéinia

Is ball í Celestine Janji, 39, de Sauti Ya Wanawake – grúpa ban áitiúil atá ag comhrac an fhoréigin inscne in Mwakirunge, Contae Mombasa.

'Roimhe seo, ní raibh mé in ann labhairt os comhair daoine. Ní raibh a fhios agam conas gnó a bhainistiú. D'fhoghlaim mé conas glasraí a fhás... [agus] tograí a scríobh. Scríobh mé togra liom féin fiú chun panna uisce a iarraidh ó fhondúireacht. D'éirigh leis an togra, agus fuaireamar an panna uisce. Anois, is féidir liom mo chomhghleacaithe agus mo chairde a mhúineadh faoin bhfeirmeoireacht. Trí bheith páirteach leis na heagraíochtaí seo Sauti Ya Wanawake agus ActionAid, d'éirigh liom dul chun cinn a dhéanamh.'

Maureen, Consolata, Celestine, Maola, Janet, Priscilla agus Alice ag oifig Sauti Ya Wanawake in Mwakirunge, Contae Mombasa.
Grianghraf: Natalia Jidovanu/ActionAid Kenya.

Cosantóirí chearta LADTI, Shinta Ratri san áireamh (sa lár), ag Ardán Bhaile Átha Cliath. Grianghraf: Frontline Defenders

Front Line Defenders

Bunaíodh Front Line Defenders i mBaile Átha Cliath in 2001 chun cosantóirí chearta an duine a chosaint – daoine a oibríonn, gan foréigean, ar son aon cheann de na cearta a chumhdaítear i nDearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine.

Gach bliain, aithníonn Front Line Defenders iarrachtaí chosantóirí eisceachtúla chearta an duine ar fud an domhain trí Dhámhachtainí Front Line Defenders. In 2019, áiríodh ar na faighteoirí Shinta Ratrim, bean thrasinscneach a chomhbhunaigh Pondok Pesantren Waria al-Fatah, scoil chónaithe Ioslamach do dhaoine trasinscneacha san Indinéis. D'oscail sí an scoil in 2008 in Yogyakarta, agus é d'aidhm aici freastal ar mhná trasinscneacha níos sine a cuireadh ó dhoras ag a dteaghlach agus ar cuireadh cosc orthu a gcreideamh a chleachtadh i bhformhór na n-ionad Ioslamach sa tír.

Chuir Dámhachtain Front Line Defenders sofheictheacht agus aitheantas luachmhar ar fáil do Shinta Ratri agus lig sé di teagmháil a dhéanamh le hambasáidí agus le ENRanna eile a oibríonn ar shaincheisteanna LADTI+ sa tír. Chabhraigh sé léi freisin a nasc lena comharsana agus leis an bpobal a neartú. I mí Eanáir 2020, chomhaontaigh craobh na mban de ghluaiseacht Ioslamach Shunnaíoch san Indinéis seanmóirithe baineann a sholáthar don teach lóistín.

Immaculée, Bernadette, Bertilde agus Cansilda, baill de chomharchumann anainn i Ruanda. Grianghraf: Oxfam

CÁS-STAIDÉAR

Oxfam agus Éire ag tacú le mná sa talmhaíocht agus san fhorbairt gheilleagrach i Ruanda

Tacaíonn Éire le Oxfam chun comhairle a chur ar fáil do tháirgeoirí bia mná maidir le feirmeoireacht, gnó, airgeadais agus cumhachtú eacnamaíoch i Ruanda, sa Tansáin, in Uganda, sa Mhaláiv, agus sa tSiombáib.

Is baill iad Immaculée, Bernadette, Bertilde, agus Cansilda de chomharchumann anainn i Ruanda. Rinne an comharchumann stocaireacht ar rialtas áitiúil chun dhá heicteár bhreise de thalamh stáit a fháil, a mhéadaigh a acmhainn fáis faoi dhó agus a lig do na mná ioncam breise a thuilleamh. Tá athrú dearfach sa mheon i leith a róil sa phobal mar thoradh air. Sular ghlac siad páirt sa tionscadal, dúirt an grúpa nach raibh meas orthu toisc gurbh iad na fir chéile na saothraithe. *'Anois táimid bródúil go gcuirimid le costas cothabhála an teaghlaigh agus go bhfuil cumhacht againn sa chaoi a gcaithimid ár n-ioncam.'*

Scoil Toirbhearta Katupisha Malapa in Kaoma, an tSaimbia. Grianghraf: Misean Cara

Misean Cara

Is gluaiseacht idirnáisiúnta agus mhisinéireachta Éireannach chreideamh-bhunaithe é Misean Cara atá ag obair le roinnt de na pobail is imeallaithe agus is leochailí i dtíortha i mbéal forbartha. Déanann siad seirbhísí bunúsacha a sheachadadh i réimsí an oideachais, na sláinte, slite beatha agus an ghiniúna ioncaim, mar aon le habhcóideacht, líonrú agus an pobal a shlógadh.

Chruthaigh maoiniú na hÉireann do Mhisean Cara in 2019 beagnach 5,000 áit nua scoile trí sheomraí ranga agus tithe cónaithe a thógáil, agus úsáideadh é le haghaidh breis agus 200 scoláireacht ar an dara agus tríú leibhéal lena chinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí ar oideachas nach mbeadh sé d'acmhainn acu a fháil seachas sin.

Múineann Katupisha Malapa Grád 5 sa Scoil Toirbhearta in Kaoma, an tSaimbia. Uaireanta, úsáideann sé an ealaín chun na saincheisteanna sa tsochaí a mhúineadh do na leanaí. In 2019, mhúin sé do na leanaí faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus chruthaigh siad uile Spriocanna lámhdhéanta iad féin. Chuir Misean Cara maoiniú ar fáil do Shiúracha na Toirbhearta in Kaomo chun trí sheomra ranga nua a thógáil, a mhéadaigh líon na scoláirí a fhaigheann oideachas d'ardchaighdeán ag an scoil.

Cás-Staidéar Inscne 5

Rebecca Lotukumoi, oibrí deonach chun ciorrú ball giniúna ban a chosc, Karamoja. Grianghraf: Simon Omoding, Oifigeach Cumarsáide/Rúnaíocht ESP

Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe in Uganda

Thacaigh Éire le tionscadal chun Ciorrú Ball Giniúna Ban (FGM) a chosc i réigiún Karamoja in Uganda, a úsáideann cur chuige oibrithe deonacha sa phobal chun cailíní a shlógadh in aghaidh FGM. Úsáideadh maoiniú Ambasáide chun scoileanna a athchóiriú agus chun suanliosanna a thógáil ina gcuirtear tearmann ar fáil agus a chuireann na scileanna ar fáil do na cailíní sin chun a n-ioncam féin a ghiniúint. In 2019, lorg 151 cailín Karamojong tearmann ó cheantair thuaithe chun éalú ó FGM agus bhog siad isteach sna scoileanna sin.

Chuathas chun cainte le roinnt ban a fuair oiliúint mar oibrithe deonacha chun FGM a chosc nuair a fuair siad a nDeontas do Sheanóirí – aistriú míosúil airgid a sholáthraítear do na céadta seanóirí ar fud Uganda trí chlár coimirce sóisialaí a mhaoiníonn Éire agus an Ríocht Aontaithe. Ón 121 oibrí deonach chun FGM a chosc in Amudat in Karamoja, is tairbhithe aistrithe airgid iad 23 acu. Trí abhcóideacht leanúnach, d'éirigh 11 iarmháinlia FGM as FGM agus anois molann siad gan an cleachtas a dhéanamh, agus cuireann siad oideachas do chailíní chun cinn freisin.

Chláraigh Rebecca, iarmháinlia FGM atá ar bhóthar a leasa anois, faoin gclár deontais do sheanóirí in 2012 agus thosaigh sí ag fáil deontas míosúil sóisialta de UShs 25,000 (thart ar 6 Euro). Chuaigh sí isteach i dtionscnamh pobail áitiúil d'oibrithe deonacha in aghaidh FGM ansin, a bhunaigh an National Association of Women's Organisations in Uganda (NAWOU) agus a dtacaíonn Éire leis freisin.

'Sular thosaigh mé ag fáil an airgid sin, bhí mé gan dídean agus ní raibh teach agam le cónaí ann,' a deir an bhean 67 bliain d'aois. *'Thug an t-airgead seo do sheanóirí ioncam eile dom, agus bhí sé éasca dom éirí as an timpeallghearradh ar chailíní mar sin,'* a deir sí freisin. Ón deontas, d'éirigh le Rebecca teach leathbhuan a thógáil a fhad is a mhaireann na daoine eile ón sráidbhaile i mbotháin dóibe agus caolaigh. Úsáideann sí an deontas freisin chun oibrithe a fhostú chun obair ar a feirm agus d'éirigh léi dhá ghabhar a cheannach. *'Chuaigh an t-athrú seo chun tairbhe m'iníne deireanaí. Dhiúltaigh mé í a ghearradh agus sheol mé ar scoil í.'*

Cuntasacht agus Trédhearcacht

Tá Rialtas na hÉireann tiomanta go n-úsáidfear an cúnamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun tabhairt faoi dhúshláin dhomhanda. Cuidíonn trédhearcacht cúnaimh chun é sin a chinntiú: cuirtear an t-eolas is gá ar fáil do rialtais agus do shaoránaigh chun go mbeidh cinnteoirí freagrach as acmhainní forbartha a úsáid ar bhealach éifeachtach.

Níl aon ghlacadh in aon chor ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le calaois agus tá beartais agus nósanna imeachta leagtha síos aici maidir le haon chalaois fhéideartha nó amhrasach a chosc, a bhrath agus a láimhseáil. Cuireann an Roinn maoiniú mór ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí agus comhlachtaí éagsúla (lena n-áirítear comhpháirtithe rialtais, eagraíochtaí iltaobhacha agus idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus comhlachtaí deonacha). Tá rioscaí ag baint leis na gníomhaíochtaí sin: aithníonn an Roinn na rioscaí sin, agus tá timpeallacht rialaithe riosca dian i bhfeidhm againn. Bímid ag obair go dlúth le heagraíochtaí comhpháirtíochta ag déanamh measúnú ar a gcórais inmheánacha rialachais, bhainistíochta, agus rialaithe ar bhonn leanúnach.

Déantar measúnú críochnúil ar na cláir ar fad a bhfuil maoiniú á lorg acu i gcoinne critéir shoiléire ó thaobh úsáid na n-acmhainní a fhaightear. Déantar monatóireacht agus maoirseacht rialta ar na cláir dá dtugtar maoiniú agus déantar measúnú ar cé acu an bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus acmhainní á n-úsáid mar is cuí. Foireann saineolaithe cláir, iniúchóirí inmheánacha san Ambasáid, agus saineolaithe neamhspleácha a dhéanann an mhaoirseacht sin.

I mí Eanáir 2018, thug an Roinn Cur Chuige Caighdeánach isteach maidir le Bainistiú Deontas. Is sraith teimpléad, treoirlínte, agus treoracha é sin lena gcumhdaítear saolré deontais ó roghnú tosaigh comhpháirtí, go dtí dearadh an chláir, measúnú agus faomhadh, monatóiriú agus luacháil, agus dúnadh an deontais. Is gá anois do gach deontas go gcuirtear an Cur Chuige Caighdeánach i bhfeidhm, agus go ndeartar é lena chinntiú go ndéanfaidh na daoine sin a bhfuil sé de chúram orthu na hacmhainní a leithdháiltear ar an gClár Cúnaimh Oifigiúil Forbartha a bhainistiú, go ndéanfaidh siad é sin ar bhealach a mbeidh na torthaí is fearr mar thoradh air, go léireoidh sé cuntasacht iomlán thrédhearcach airgeadais,

Casann Coiste Iniúchóireachta na Roinne ar chomhpháirtithe ENR ar cuairt chuig an Aetóip i mí Feabhra 2019. Grianghraf: RGET

go nginfear an fhoghlaim, agus go dtacófar le tuairisciú tráthúil cruinn. Tá an leagan reatha den Chur Chuige Caighdeánach maidir le Bainistiú Deontas ag teacht go soiléir le Beartas na Roinne um Fhorbairt Idirnáisiúnta, *Domhan Níos Fearr*.

Is é an Ceann Meastóireachta agus Iniúchóireachta an chéad duine a fhaigheann tuairiscí maidir le cásanna calaoise nó cásanna amhrasacha, agus é freagrach as cinneadh a dhéanamh faoi na céimeanna imscrúdaithe is cuí maidir leo sin. Tugann Coiste Iniúchóireachta na Roinne tacaíocht d'obair an Aonaid Measúnachta agus Iniúchóireachta, a chuireann breithmheas neamhspleách ar fáil don fheidhm iniúchta agus measúnachta. Tá sonraí maidir le luach na gcásanna calaoise amhrasacha, in euro agus mar chéatadán de COF, ar fáil i Rannán Measúnachta agus Iniúchóireachta shuíomh gréasáin na Roinne.

Is ball gníomhach í Éire de OECD agus déanann sí tuairisciú bliantúil chuig a Choiste Cúnaimh Forbartha maidir le caiteachas na bliana roimhe sin. Tacaíonn Éire le caighdeáin trédhearcachta ar a bhfuil clú ar fud na cruinne maidir leis an gcaoi is fearr chun trédhearcacht idirnáisiúnta a chinntiú. Foilsíonn Éire sonraí maidir lena caiteachas ar chúnamh trí roinnt foinsí ar nós shuíomh gréasáin Shonraí Oscailte Éireann, shuíomh gréasáin EU Aid Explorer agus Chaighdeán IATI an International Aid Transparency Initiative. Leanfaidh an Roinn ag obair chun trédhearcacht an chúnaimh idirnáisiúnta forbartha a dhaingniú agus a fheabhsú, agus de bheith páirteach i rialachas an Tionscnaimh sin.

https://www.irishaid.ie/media/irishaid/whatwedo/howouraidworks/Fraud-Report-to-DCD-2016--2020---website-20200708.pdf

https://data.gov.ie/

https://euaidexplorer.ec.europa.eu/

https://iatistandard.org/en/iati-standard/

Iarscríbhinn 1
Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) na hÉireann 74

Iarscríbhinn 2
COF na hÉireann mar % de OTN: 2000-2019 75

Iarscríbhinn 3
Méideanna COF na hÉireann 2000-2019 76

Iarscríbhinn 4
COF glan mar % de OIN: Deontóirí DAC 2019 77

Ceart ag am a fhoilsithe.
Tá tuilleadh eolais airgeadais maidir le COF na hÉireann le fáil ar shuíomh gréasáin Chúnamh Éireann: www.irishaid.ie

IARSCRÍBHINN 1

Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann

Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann	€ Milliúin 2019	€ Milliúin 2018
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	546.18	514.82
Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad AE don Chomhar um Fhorbairt	323.69	276.81
Iomlán COF	**869.87**	**791.63**
OTN	274,330	253,050
COF mar % de OTN	0.32%	0.31%
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 mar % de COF iomlán	63%	65%
Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad AE don Chomhar um Fhorbairt mar % de COF Iomlán	37%	35%
Anailís ar Chúnamh Déthaobhach / Iltaobhach		
COF Déthaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	431.40	391.32
Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad AE don Chomhar um Fhorbairt	81.04	58.11
Iomlán COF Déthaobhach	**512.44**	**449.43**
COF Iltaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	114.78	123.50
Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad AE don Chomhar um Fhorbairt	242.66	218.70
Iomlán COF Iltaobhach	**357.44**	**342.20**
Iomlán COF	**869.87**	**791.63**
COF Déthaobhach mar % de COF Iomlán	**59%**	**57%**
COF Iltaobhach mar % de COF Iomlán	**41%**	**43%**

*Úsáideann na hIarscríbhinní seo sainmhínithe OECD don Chúnamh Déthaobhach agus Iltaobhach

IARSCRÍBHINN 2

COF na hÉireann mar % de OTN: 2000 - 2019



IARSCRÍBHINN 3

Méideanna COF na hÉireann 2000-2019



IARSCRÍBHINN 4

COF glan mar % de OIN: Deontóirí DAC 2019



Tír	COF % OIN
Lucsamburg	1.05
An Iorua	1.02
An tSualainn	0.99
An Danmhairg	0.71
An Ríocht Aontaithe	0.70
An Ghearmáin	0.60
An Ísiltír	0.59
An Eilvéis	0.44
An Fhrainc	0.44
An Bheilg	0.42
An Fhionlainn	0.42
Éire	0.32
An tSeapáin	0.29
An Nua-Shéalainn	0.28
An Íoslainn	0.27
Ceanada	0.27
An Ostair	0.27
An Iodáil	0.24
An Astráil	0.22
An Ungáir	0.22
An Spáinn	0.21
An tSlóivéin	0.16
Stáit Aontaithe Mheiriceá	0.16
An Phortaingéil	0.16
An Chóiré	0.15
An Ghréig	0.14
Poblacht na Seice	0.13
Poblacht na Slóvaice	0.12
An Pholainn	0.12
IOMLÁN DAC	**0.30**

OIN (Ollioncam Náisiúnta), DAC (Coiste Cúnaimh Forbartha den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch, OECD).

Nótaí

Nótaí



Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs